ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)
Uimh. 4

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

www.gaelsceal.ie ● 23.01.2013

SLÁINTE
10 mbealach le Pian Droma a sheachaint
L. 22

AN BHFUIL AN G-FHACHTÓIR AG DO SCOILSE?
Tá €2,000 le buachan mar phríomhdhuais i gComórtas G!
COMÓRTAS G! Glór na nGael i gcomhar le Gaelscéal
Foirm iontrála ar L. 29

Gaelscéal ar Scoil
ISTIGH AN tSEACHTAIN SEO . . .
L. 30-35

Bialann sa lá ag dúnadh in Éirinn

Bialanna á dtachtadh ag costais mhóra

le Méabh Ní Thuathaláin

TÁ sé ráite ag an Restaurants Association of Ireland (RAI) go bhfuil 'bialann sa lá ag dúnadh in Éirinn' agus gurb cíos ard agus costais mhóra na cúiseanna is coitianta leis an druidim.

Cuireann Adrian Cummins, Príomhfheidhmeannach RAI, an locht go láidir ar an rialtas mar nach ndeachaigh siad i gleic 'le hathbhreithniú cíosa ó bhonn aníos amháin'(*Upward only rent review*) go fóill, rud atá ag cur srian ollmhór ar lucht na mbialanna.

"Gealladh dúinn go mbeadh sé ar chlár an rialtais tamall fada ó shin ach is cosúil go bhfuil agóid bhunreachtúil ina choinne agus nach mbeidh siad ag leanúint ar aghaidh leis. Tá bialanna timpeall na tíre i gcruachás dá bharr seo faoi láthair," a dúirt Cummins.

Tá an lámh in uachtar ag tiarnaí talúna go fóill, dar le Cummins, agus ní bheidh réiteach ar an scéal go mbeidh cur chuige 'trédhearcach' i bhfeidhm maidir le rátaí cíosa, go mbeidh siad cláraithe agus ar fáil go hoscailte, rud a chuideoidh le cúrsaí eacnamaíochta sa tír.

Ar lean ar leathanach 3

Oisín Morrison as Baile Átha Cliath, le taobh na cruite agus an píobaire Tiarnán Ó Duinnchinn as Co. Mhuineacháin a bhuaigh an chéad áit i gComórtas ceoil Chorn Sheáin Uí Riada a bhí ar siúl i gCorcaigh, ar an Aoine seo caite. Bhuaigh an bheirt cheoltóirí bonn óir agus bronnadh seic €1,250 an duine orthu. Chraol Raidió an Gaeltachta an comórtas beo, inár ghlac 15 ceoltóir páirt ann. Rinne Mick O'Brien, Ailean Domhnallach agus Laoise Kelly moltóireacht ar an an gcomórtas. GRIANGHRAF: DIANE CUSACK

TRÁCHTAIREACHT

Lá an Luain le theacht de bharr lipéid Ghaeilge

'Tubaiste' eile tuartha ag na meáin Bhéarla bhochta

Colm Ó Broin

BHÍ scéal scanrúil san '*Irish Independent*' Dé Luain seo caite faoin 'tubaist' a bheadh ann dá mbeadh lipéid Ghaeilge ar chógais in Éirinn.

Rinne an t-alt cur síos ar thuairisc a rinne dream éigin nach luaitear (dream san earnáil chógasaíochta is cosúil) de bharr cás Ard-Chúirte atá tógtha ag an iaririseoir agus iarchathaoirleach Chonradh na Gaeilge, Tomás Mac Ruairí.

De réir dealraimh, ba cheart go mbeadh lipéid chógaisíochta ar fáil i dteangacha oifigiúla gach stát san Aontas Eorpach, sin Gaeilge agus Béarla i gcás na hÉireann.

Maíonn an tuairisc a luadh san alt go méadófaí costais na gcógas in Éirinn suas le 10% dá mbeadh siad dátheangach. Bheadh ar chomhlachtaí tairgí a dhíolann siad a bhaint den mhargadh agus chaillfí leath na bpost i gcomhlacht amháin ann dá bharr.

Chosnódh sé €1 milliún ar chomhlacht amháin ag an tús, gan trácht ar na costais a bhainfeadh leis go fadtéarmach.

Ní chuirfí roinnt cógas nua ar díol in Éirinn de bharr an athraithe agus d'fhéadfadh cógais eile a bheith gann sa tír amach anseo.

Dar le comhlacht amháin, má bhíonn Gaeilge ar lipéid mar aon le Béarla tiocfaidh an Phlá Mhór (Black Death) ar ais go Éirinn agus gheobhaidh 110% de mhuintir na tíre bás dá bharr.

Ar lean ar leathanach 2

'Miasniteoir', 'lámhshaor' agus eile san Fhoclóir Béarla-Gaeilge nua

Colm Ó Broin

SEOLFAIDH an tUachtarán, Micheál D Ó hUigínn, Foclóir Béarla-Gaeilge nua Fhoras na Gaeilge ag ócáid sa Ghailearaí Náisiúnta i mBaile Átha Cliath amárach.

Seo an chéad fhoclóir náisiúnta Béarla-Gaeilge ó foilsíodh foclóir de Bhaldraithe in 1959.

Tosaíodh ar an saothar in 2000 agus chosain sé €6.088 milliún. Is é an leagan ar líne den fhoclóir atáthar a sheoladh amárach; beidh leagan clóite ar fáil in 2015.

Is féidir a theacht ar an bhfoclóir nua ag www.focloir.ie agus tá timpeall is trian dá ábhar deiridh ar fáil ann faoi láthair.

Deir an Foras go gcumhdaíonn sé sin os cionn 80% de ghnáthúsáid an Bhéarla. Beifear ag cur leis an leagan ar líne de réir a chéile.

Tá an leagan ar líne curtha in oiriúint do ghléasanna ar nós fóin phóca agus taibléidí.

I measc na bhfocal nua tá miasniteoir (dishwasher) gigibheart (gigabyte) lámhshaor (handsfree) agus greim ghasta (takeout).

Ar lean ar leathanach 2

NUACHT NÁISIÚNTA

'Miasniteoir', 'lámhshaor' agus eile san Fhoclóir Béarla-Gaeilge nua

Ar lean ó leathanach a haon

Tá 'tvuít' in úsáid le haghaidh 'tweet', in ionad 'giolc' a chloistear go minic ar an raidió.

Deir an Foras gur céim mhór chun tosaigh don Ghaeilge é seo agus go bhfuil sé ar cheann de na tionscadail is mó riamh ag an eagraíocht teanga.

Tá foireann timpeall 70 duine ag obair ar an bhfoclóir seo ó 2000. Níor thosaigh scríobh an fhoclóra féin go dtí 2008. San fhoclóir reatha, tá os cionn 7,000 ceannfhocal ina bhfuil 1.3 milliún focal de théacs agus thar 40,000 frása samplach mar aon le treoracha gramadaí.

Is féidir éisteacht le foghrú go leor de na focail sna trí mhórchanúint Ghaeilge chomh maith.

Beidh os cionn 40,000 ceannfhocal san iomlán san fhoclóir faoin am a mbeidh sé críochnaithe in 2015.

Tá neart abairtí samplacha leis na ceannfhocail chun treoir a thabhair don fhoghlaimeoir.

"Tá ábhar Béarla an Fhoclóra nua bunaithe ar an tslí a n-úsáidtear an teanga sin in Éirinn agus mar an gcéanna tá an t-ábhar Gaeilge bunaithe ar Ghaeilge na Gaeltachta sa lá atá inniu ann," arsa an Dr Pádraig Ó Mianáin, eagarthóir an Fhoclóra.

"Ba mhian linn an Ghaeilge bheo a chur chun tosaigh, agus tá comhaid fuaime as na trí mhórchanúint ag dul leis an ábhar chomh maith mar áis bhreise do lucht foghlama na teanga."

Deir Seosamh Mac Donncha, Cathaoirleach Choiste an Fhoclóra i bhForas na Gaeilge, go bhfuil an foclóir nua seo riachtanach d'fhorbairt na Gaeilge amach anseo:

"Táim thar a bheith sásta go bhfuil an Foclóir Nua Béarla-Gaeilge á chur ar fáil saor in aisce ar líne," ar sé.

"Beidh sé ina áis bhunriachtanach ag Gaeilgeoirí i gcoitinne agus go háirithe ag foghlaimeoirí Gaeilge ar fud an domhain, agus is acmhainn luachmhar chultúrtha é freisin a léiríonn saibhreas agus tábhacht ár saíochta cultúir agus teanga," ar seisean.

Cúntóir Tionscadail

Is mian le Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Ionad Ealaíon Gaeilge i mBéal Feirste, Cúntóir Tionscadail a cheapadh
(post sealadach, páirt-aimseartha, 20 uair sa tseachtain)

Dáta deiridh le haghaidh iarratais:
Dé Luain 4 Feabhra 2013
Sonraí ar fáil ar **www.culturlann.ie**
Tá an post seo maoinithe ag an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn

INTERNATIONAL FUND FOR IRELAND

CULTÚR LANN MCADAM Ó FIAICH
Eispéireas Gaeilge Bhéal Feirste

An fód á sheasamh ar son 'Leader'

An tAire Hogan le theacht faoi bhrú maidir le dáileadh Leader a chur faoi chúram na gComhairlí

Concubhar Ó Liatháin

TÁ tús á chur ag comhlachtaí forbartha pobail le troid ar ais i gcoinne phlean an Aire Comhshaoil, Phil Hogan, daileadh chistí LEADER a chur i lámha na n-údarás áitiúil nuair a thiocfaidh buiséad nua i réim in 2014.

Inniu, Dé Chéadaoin, i mBaile Átha Cliath, beidh comhdháil ag an nGréasán Forbartha Áitiúil chun imní agus fearg a léiriú faoi phlean a thugadh chun solais i dtuairisc Ghaelscéal roimh anNollaig.

De réir an phlean, a luadh i dtuarascáil 'People First' na Roinne Comhshaoil, bhunófaí coistí socheacnamaíocha sna hudaráis áitiúla ar fud na tíre agus is iad na coistí sin a bheadh ag déanamh riar ar chistí LEADER. An deacracht is mó leis an bplean atá ag an Rialtas ná go bhféadfadh sé maoiniú LEADER ón Aontas Eorpach a chur i mbaol de bhrí go bhfuil cosc ag an Aontas Eorpach ar údaráis áitiúla a bheith ag déanamh riar ar chistí LEADER.

Is é an fáth atá leis sin go dteastaíonn ón Aontas go mbeadh an maoiniú seo á infheistiú i dtionscnaimh a thagann ón bpobal seachas a bheith á chaitheamh ar thograí atá beartaithe ag na hudaráis ar aon nós.

Go deimhin, tá éirithe chomh maith leis an gcur chuige sin, forbairt phobail faoi cheannas an phobail, go bhfuil sé i gceist an cur chuige sin a leathnú go dtí cistí eile an Aontais, leithéidí an Chiste Struchtúrtha agus an Chiste Sóisialta ina measc. Cistí ollmhóra iad sin ach níl aon bheag is fiú ag baint le LEADER mar b'fhiú €425m don tír seo an maoiniú a tháinig ó LEADER le linn 2007-13. Anuas air sin, spreag sé pobail áitiúla chun suas le €100m a bhailiú chun cur leis an tsuim sin.

Chuir an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh in aghaidh na tuairime go raibh sé ceart go mbeadh na hudaráis áitiúla ag déanamh riar ar mhaoiniú LEADER.

An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan TD, Fine Gael. [PHOTO : PHOTOCALL IRELAND]

"Téann seo glan in aghaidh na chomhairle atá ag teacht ón Eoraip mar tá siad ag rá linn go bhfuilimid ag déanamh fíorjab mar go bhfuilimid ag riar na scéime chomh gar don phobal agus is féidir linn."

Dar le Ryan Howard, urlabhraí an Ghréasáin Forbartha Áitiúil, tá suas le €200m a thagann ó chistí éagsúla an Aontais in aghaidh na bliana á threorú ar na comhlachtaí agus na páirtíochtaí pobail..

"Ní luíonn sé le ciall ísliú céime a thabhairt do na heagrais phobail, eagrais atá faoi cheannas an phobail agus eagrais a bhfuil a n-éifeachtúlacht cruthaithe; eagrais a bhfuil scór bliain de thaithí acu sa ghnó seo."

"Táimíd ag ceistiú cén mhíniú atá ag an Aire Comhshaoil an taithí agus an éifeacht sin a chur i leataobh agus an maoiniú a threorú i dtreo múnla nua nach bhfuil a éifeacht cruthaithe agus atá ag déanamh dúbláil ar obair atá ar bun cheana féin," ar seisean.

Lá an Luain le theacht de bharr lipéid Ghaeilge

Ar lean ó leathanach a haon

Tá go maith, ní raibh gach maíomh thuasluaite sa tuairisc a rinneadh, ach n'fheadar an bhfuil an ceann deireanach mórán níos áiféisí ná na cinn eile.

Déanann an lucht gnó gearán aon uair a iarrtar orthu breis lipéadaithe a dhéanamh, chomh cinnte is atá an Cháisc ar an Domhnach. Rinne siad gearán nuair a moladh go gcuirfí eolas cothaithe ar bhiachláir, rinne siad gearán nuair a mhol Parlaimint na hEorpa go gcuirfí lipéid 'soilse tráchta' ar earraí bia in ionad an 'Treoirmhéid Laethúil' atá ann faoi láthair. (Bhuaigh an lucht gnó an cath áirithe sin, dála an scéil).

Ní haon iontas go bhfuil gearán déanta acu maidir leis an gcás seo. Ní mór plé réasúnta a bheith ann faoin ábhar seo seachas dul i muinín tuairiscí a scríobh 'cailleach an uafáis'. Tá lipéid dhátheangacha ar chógais agus ar earraí bia i gCeanada agus i dtíortha ilteangacha eile agus níor tharla Lá an Luan iontu go fóill.

Gaelscéal

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Ciarán Dunbar, *Eagarthóir*, ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Colm Ó Broin, *Iriseoir*, colm.obroin@gaelsceal.ie

Méabh Ní Thuathaláin, *Iriseoir*, meabh.nithuathalain@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin, *Oideachais*, scoil@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain, *Spóirt*, grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile, *Comhordaitheoir Táirgíochta*, patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Ráta báis na bhfear óg in Éirinn i measc na rátaí is airde san Eoraip

Méabh Ní Thuathaláin

TÁ gá le hiarrachtaí 'iltoiseach' le dul i ngleic le ráta féinmharaithe na bhfear óg in Éirinn, atá i measc na rátaí is airde san Eoraip, de réir na tuarascála is déanaí.

Déanfar tuarascáil Uile-Éireann i dtaca le fir óga agus féinmharú á seoladh i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste inniu mar thoradh ar thionscadal de chuid Fhóram Sláinte na bhFear in Éirinn nó 'MHFI'.

Cúis mhór báis is ea féinmharú i measc fhir óga in Éireann faoi láthair. Le deich mbliana anuas, tá líon na marbh de bharr féinmharaithe cúig oiread níos measa i measc fir ná mná. Cé go bhfuil ráta féinmharaithe na bhfear i gcoitinne measartha i gcomparáid le tíortha eile san Aontas Eorpach, tá ráta báis na bhfear óig in Éirinn i measc na rátaí is airde san Eoraip.

Tá ardú tagtha ar rátaí féinmharaithe in Éirinn, go háirithe i measc fir óga, le cúig bliana anuas, rud a thagann leis an gcúlú eacnamaíochta agus ar an ardú atá tagtha ar líon na ndífhostaithe.



Is é an crochadh an modh is coitianta a bhíonn ag fir óga i gcásanna féinmharaithe in Éirinn. Go traidisiúnta bhí líon na mban óg a rinne iarracht féinmharaithe nó féindochair níos airde ná fir ach is patrún é atá ag athrú anois.

"Caitheann an tuarascáil solas ar na cúiseanna atá taobh thiar de na staitisticí arda seo a bhaineann le féinbhás i measc na bhfear óg in Éirinn.

"Ceann de na rudaí i suntasaí a tháinig chun cinn ná go bhfuil bacanna áirithe ar fhir óga seirbhís a rochtain mar gheall ar an stiogma a bhaineann leis. D'éirigh go maith le roinnt seirbhísí ar líne a bhain le sláinte mheabhrach," a dúirt Noel Richardson, duine de chomhúdair na tuarascála.

"Léirigh an tuarascáil go mbíonn deacrachtaí ag fir fadhbanna a chur i láthair agus cúnamh a thabhairt dá gcairde má bhíonn siad ag fulaingt," a dúirt sé

"Rud eile a chuirfeadh iontas ar dhaoine ná go mbíonn caidrimh idir gaolta, cairde agus páirtithe ag cothú cuid mhór trioblóide do roinnt de na fir óga a bhíonn i mbaol féinmharaithe. Déantar rud mór as mioneachtra agus ní bhíonn a fhios ag daoine timpeall orthu go bhfuil rudaí comh holc sin," arsa Richardson.

Molann an tuarascáil go bhfuil gá le cur chuige iltoiseach ar leibhéal náisiúnta, sa chomhphobal agus ar líne le dul i ngleic le féinmharú i measc fir óga in Éirinn.

Déanfar an tuarascáil a lainseáil sa Tuaisceart agus sa Deisceart inniu ag meán lae. Seolfaidh an tAire Sláinte, Edwin Poots, an tuarascáil i mBéal Feirste agus déanfaidh an tAire Stáit, Kathleen Lynch, amhlaidh i mBaile Átha Cliath.

700 post cruthaithe ag an Údarás in 2012

Colm Ó Broin

CRUTHAÍODH 700 post i gcliantchomhlachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta in 2012. De réir tuairisc bhliaintúil na háisíneachta cailleadh 737 post i rith na bliana.

Ba é seo an caillteanas post ab ísle le 14 bliana anuas.

Bhí 7,553 duine ag obair i gcomhlachtaí an Údaráis ag deireadh na bliana, idir 6,933 post lánaimseartha agus 620 post páirtaimseartha.

Cruthaíodh 223 post nua i nGaeltacht Dhún na nGall in 2012 agus cailleadh 212 eile. D'fhás fostaíocht i Maigh Eo chomh maith, áit ar cruthaíodh 89 post agus ar cailleadh 53 post.

Dúirt an tÚdarás gur tháinig ardú 13% ar líon na bpost i nGaeltacht Phort Láirge. Bhí caillteanas glan sna contaetha eile. Cruthaíodh 235 post i nGaillimh ach cailleadh 259 post.

Cruthaíodh 68 post i nGaeltacht Chiarraí anuraidh ach cailleadh 92. Bhí caillteanas i gCorcaigh chomh maith, áit ar cruthaíodh 35 post nua. Cailleadh 58 post eile i rith na bliana, áfach.

Dúirt an tÚdarás gur tháinig laghdú de 29 ar líon na bpost i nGaeltacht na Mí.

Cheadaigh Údarás na Gaeltachta tograí i rith na bliana a mbeidh suas le 460 post nua á gcruthú iontu in 2013 agus sna blianta go luath ina dhiaidh sin.

Ó thaobh cúrsaí teanga de, dúirt an tÚdarás go mbeidh siad ag obair leis An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus leis na pobail Ghaeltachta le "straitéisí éifeachtacha agus pleananna teanga a fhorbairt a bheidh mar thacaíocht do chothú agus caomhnú na teanga go háitiúil."

Le linn 2012, bunaíodh roinnt grúpaí oibre ar a raibh ionadaithe ón Roinn Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge, An Roinn Oideachais agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).

Rinne feidhmeannaigh an Údaráis, i gcomhar le feidhmeannaigh na Roinne, dhá sheisiún eolais a eagrú sna réigiúin Ghaeltachta le linn 2012, bunaithe ar a raibh i gceist leis an mBille Gaeltachta mar a bhí ag an am..

Dúirt an áisíneacht go neagrófar ócáidí in athuair sna réigiúin le plé a dhéanamh faoi leagan amach na Limistéar Pleanála Teanga agus na mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus le "riachtanais agus féidearthachtaí an phróisis pleanála teanga sa Ghaeltacht a phlé go mion."

Tógáil páistí le Gaeilge le plé ag Tóstal

DÉANFAR plé ar thógáil páistí le Gaeilge ag Tóstal na Gaeilge an mhí seo chugainn.

Beidh an ócáid atá á reáchtáil ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge ar siúl in Óstán Hilton i mBaile Átha Cliath 2, Dé Sathairn, 16 Feabhra, ó 9.30rn - 5.00in.

"Ag Tógáil Clainne Trí Ghaeilge" a bheidh mar theideal ar an gcéad seisiún plé. Labhróidh Feargal Ó Cuilinn ó Chomhluadar, Dr Briain Ó Curnáin, saineolaí ar chanúineolaíocht agus socheolaíocht na Gaeilge le hInstitiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath; Aoife Ní Shéagha, Léachtóir sa Phleanáil Teanga le OÉG agus Sorcha Ní Chéilleachair, Cathaoirleach Thuismitheoirí na Gaeltachta - Conamara, le linn na díospóireachta.

Déanfar plé ar "An Ghaeltacht in 2013" sa dara seisiún leis na haoichainteoirí: Seosamh Mac Donncha, OÉG, Stiofán Ó Cualáin, Údarás na Gaeltachta; Treasa Ní Mhainín, Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta; mar aon le hionadaí ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Beidh plé ar "Tionchar Bheartais an Rialtais ar an nGaeilge" agus "Freagrachtaí na Stát i leith thodhchaí na teanga" ina dhiaidh sin.

Bialann sa lá ag dúnadh in Éirinn

Ar lean ó leathanach a haon

"Uaireanta, bíonn sé ar leas an tiarna talún má bhíonn an foirgneamh fágtha folamh. Bíonn drogall ar thiarnaí talúna cíos a ísliú mar go ndéanann sin luach na maoine a laghdú agus bíonn impleachtaí aige sin ar an gciste phinsin," ar seisean.

D'fhogair Cava, bialann rathúil ar shráid Doiminic i lár chathair na Gaillimhe, go mbeidh siad ag dúnadh an Aoine beag seo i ndiaidh dóibh bagairt díshealbhaithe a fháil agus iad tite siar ar íocaíochtaí cíosa le tamall anuas.

"Bhí muid gafa i léas de chuid ré an Tíogair Cheiltigh agus ní raibh ag éirí linn an cíos a íoc i bhfírinne. Ní fadhb í a bhaineann linne amháin agus measaim go ndúnfaidh tuilleadh bialanna mar gheall air seo," a dúirt JP McMahon, úinéir na bialainne.

"Tá cúrsaí níos measa fós i mBaile Átha Cliath fiú. Tá bialanna ar Shráid Grafton atá ag íoc 70% den mhéid atá siad a thabhairt isteach nuair ba cheart go mbeadh sé ag 10-11%. Bhí muidne ag íoc i bhfad níos mó ná an meán," a dúirt sé.



Cava, bialann rathúil ar Shráid Doiminic i lár chathair na Gaillimhe, atá ag dúnadh ar an Aoine beag seo.

Cé nach raibh JP McMahon ag iarraidh sonraí an léasa a nochtadh, tuigtear do Ghaelscéal go raibh os cionn €120,000 ar an gcíos bhliantúil, cúig oiread an mhéid a íocann sé ar as cíos Aniar, bialann eile dá chuid atá suite taobh le Cava ar Shráid Dhoiminic.

"Fadhb í seo a tháinig chun cinn in 2008, sé mhí tar éis dúinn an léas a shíniú. Leis an titim tobann a tháinig ar an ngeilleagar, bhí a fhios againn go mbeadh muid i bponc. Thriail muid ísliú a fháil ar an gcíos ach ar an drochuair theip ar na hiarrachtaí sin agus bheartaigh muid nach dtiocfadh linn leanúint ar aghaidh a thuilleadh," a dúirt JP Mc Mahon..

Níl aon amhras ar McMahon ach go ndúnfar tuilleadh bialanna atá ag streachailt le cíos ard. Tá srian ar bhialanna mar gheall ar an ardú suntasach a tháinig ar phraghas fíona sa bhuiséad nua, mar aon leis an ardú atá tagtha ar chaife, bia agus alcól le blianta beaga anuas agus costais nár tháinig leis an titim sa gheilleagar. Deir Príomhfheidhmeannach an RAI go bhfuil "comhairleoirí áitiúla ag teacht ar bhealaí éagsúla le táillí a tharraingt isteach, rud atá ag cur brú millteanach ar ghnólachtaí," dar leis.

"An rud is measa faoi ná go gcaillfear 28 post gan chúis, mar gheall ar chúrsaí riaracháin go bunúsach," a dúirt McMahon.

Tá sé ar intinn ag an úinéir díriú ar Aniar, bialann ar bronnadh réalt Michelin uirthi anuraidh agus ar 'Massimos', teach tabhairne agus bialann ar an gCladach, Gaillimh. Níl aon chinneadh déanta maidir le Cava a ath-oscailt.

Aighneachtaí á lorg i leith Acht na dtEangacha Oifigiúla 2003 - Dréachtscéim á hullmhú ag Bord Gáis Éireann

Tá sé i gceist ag Bord Gáis Éireann scéim a dhréachtadh de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is é bunchuspóir an Achta a chinntiú go mbeidh níos mó fáil ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go mbeidh siad ar chaighdeán níos airde.

Tá aighneachtaí maidir le hullmhú na dréacht-scéime á lorg ag Bord Gáis Éireann faoi láthair ó pháirtithe leasmhara. Beidh na haighneachtaí ar fáil go poiblí ar láithreán gréasáin Bhord Gáis Eireann **www.bordgais.ie** amach anseo, mar sin moltar aighneachtaí a sheoladh go leictreonach chuig **teanga@bge.ie**.

Is féidir dar ndóigh, iad a sheoladh ar an ngnáthphost chuig Liam O'Riordan, Rúnaí Cuideachta, Bord Gáis Éireann, BP, Bosca 51, Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh.

Is é an Aoine 22 Feabhra 2013 ag 5.00 i.n. an sprioc deiridh a nglacfar le haighneachtaí.

Tá eolas breise maidir leis an Acht le fáil ar shuíomh greasáin an RoinnEalaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta **www.pobail.ie** nó ar iarratas ríomhphoist chuig **achtteanga@pobail.ie**.

BORD GÁIS

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 23 Eanáir, 2013

Timpeall an Tuaiscirt

Anton Mac Cába

Mike 'mífhortúnach' Nesbitt

TOGHADH Mike 'mífhortúnach' Nesbitt mar cheannaire ar Pháirtí Aontachtach Uladh (UUP) mar gur iaririseoir é.

Glacadh leis go mbeadh sé go maith i mbun cumarsáide. Níl.

Ba é an sampla ba dhéanaí ná an t-aisfhreagra a thug sé ar óráid de chuid John McCallister, iar-Leascheannaire an UUP. Labhair McCallister in éadán aon chomhoibriú leis an DUP: agus in éadán an Fhóraim Aontachtaigh, mar a bhfuil an DUP, UUP agus paraimíleataigh Dílseacha.

Chuir an Newsletter, nuachtán Aontachtach Bhéal Feirste, ceist ar Nesbitt faoin óráid. Freagra ní bhfuair siad.

Díbríodh Tom Elliott, an ceannaire deireannach, as bheith go dona i mbun cumarsáide.

Mírath Mhic Rath

TÁ na fadhbanna i bPáirtí Aontachtach Uladh (UUP) níos casta. Baineadh an aoireacht sa Tionól den Ball den Tionól Reachtach, Basil McCrea.

Mar sin, ní féidir é a smachtú as vótáil in éadán a pháirtí féin sa Tionól. Bhí sé ag vótáil ar son pholasaí a pháirtí féin - in éadan a pháirtí féin.

Vótáil an UUP ar son leasuithe ar rún sa Tionól. Mhol an leasú ón DUP go bhfágfaí mir ar lár, mar ar iarradh ar pháirtithe "tacaíocht a thabhairt do sprid Chomhaontú Bhéal Feirste" (mar a thugann roinnt Aontachtaí ar Chomhaontú Aoine an Chéasta). Ba é an UUP a rinne an idirbheartaíocht fána choinne.

Mac Giolla Rio?

IS féidir go mbeidh réiteach ar an raic faoi Rory McIlroy go luath. Níorbh eol cé dó, Éire nó an Ríocht Aontaithe, a bhí rún aige imirt i gCluichí Oilimpeacha 2016. Agus muid ag plé le cúrsaí féiniúlachta ó Thuaidh, bhí sé teasaí go leor.

An tseachtain seo caite, ní dhearna McIlroy go maith in aon chor i gCraobh HSBC Abu Dhabi. Níor cháiligh sé don babhta ceannais.

Má leanann sé leis mar sin, an mbeidh sé de dhíth ar fhoireann ar bith in 2016?

Teangacha seachas Béarla ag 8.4% de na páistí i mBéal Feirste Theas

TÁ Béal Feirste Theas ar an toghcheantar is ilchultúrtha sa Tuaisceart, de réir freagra a thug an tAire Oideachais, John O'Dowd, don Tionól le gairid. Labhraíonn 8.4% d'iomlán na bpáistí scoile teanga eile seachas Béarla sa bhaile agus tá an pobal sin óg mar páistí bunscoile is ea 11.2% de.

Cinnte, ní féidir a rá níos mó go bhfuil an Tuaisceart aonteangach. Seans nach iad lucht na Gaeilge amháin a bheidh ag iarraidh cearta teanga amach anseo.

Comparáid déanta idir an Srath Bán agus an Choire Thuaidh

TÁ sé ina raic ar an Srath Bán, mar go bhfuil an Chomhairle ag iarraidh cosc a chur ar iriseoirí freastal ar chruinnithe Coiste.

Dar le Danny McSorley, an Príomhfheidhmeannach, beidh Comhairleoirí ábalta labhairt níos éasca agus gan iriseoirí i láthair.

Ní raibh oiread airde air seo, de bharr conspóide na 'flegs'.

Is cleachtas é seo atá níos coitianta i measc Comhairlí an Tuaiscirt agus tá Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí ag déanamh gearáin láidir faoi.

"Níor shíl mé riamh go raibh cosúlacht ar bith idir an Srath Bán agus an Chóiré Thuaidh faoi Kim Il Sung - go dtí seo," arsa Eamonn McCann, ó Choiste Gnó an Cheardchumainn.

Cás Maura Thornton ag leanúint ar aghaidh

Chuala an giúiré gur leag Maura an scian, a raibh fuil uirthi, ar bhord na cistine agus gur iarr sí ar Breandan Lydon scairt a chur ar na Gardaí"

Méabh Ní Thuathail

TÁ cás cúirte Maura Thornton, a bhfuil seoltaí ar Bhóthar na Trá agus in Indreabhán aici, ar siúl faoi láthair agus í cúisithe as fear a dhúnmharú le scian ar Bhóthar na Trá, Gaillimh, in 2011.

Séanann Maura Thornton, (31), gur dúnmharaigh sí Kevin Joyce (59), fear a sádh 18 n-uair in árasán ar Bhóthar na Trá Uachtair, ar an 31 Iúil 2011.

Cuireadh fianaise ó na chéad Ghardaí a tháinig chuig an arasán ar an lá úd faoi bhráid ghiúiré de thriúr ban agus naonúr fear, ag éisteacht den Phríomh-Chúirt Choiriúil i nGaillimh inné.

Thosaigh an cás cúirte ar an Luan 21 Eanáir nuair a thug máthair Maura, Breege Ridge Thornton, agus a páirtí, Breandan Lydon, fianaise don ghiúiré.

D'inis Breege Ridge Thornton go bhfaca sí Maura ag tógáil scine amach as tarracáin sa chistín agus go ndeachaigh sí taobh amuigh ar an díon cothrom, áit ina raibh Kevin Joyce ag sheasamh. Dúirt Breandan Lydon, gur lean sé Maura amach chuig an díon cúpla soicind ina dhiaidh sin agus cé nach bhfaca sé Joyce á shá, chonaic sé an corp ina luí ar an talamh agus an scian i lámh Maura.

Ghéill sí ina dhiaidh sin, le linn croscheistithe ón ionchúisitheoir, Paul Greene, go raibh scian i lámh Maura ag an am. Dúirt sí gur shiúil Breandan Lydon isteach le Maura agus gur dhúirt sé go raibh Kevin Joyce sáite ag Maura.

Bhí an bheirt ar cuairt ar Maura agus iad buartha go raibh sí ag ól go trom agus gur léir dóibh gur ól sí cuid mhór fuisce agus ceirtlise an lá sin. Dúirt siad go raibh an fear a maraíodh ag cur glaonna teileafóin ar Maura i gcaitheamh an lae sin, fiú i ndiaidh di a rá leis gan a bheith i dteagmháil léi.

Mhaigh Breege Ridge Thornton go raibh fearg ar Maura nuair a d'fhág sí an chistin agus scian ina lámh aici, agus go bhfaca sí Maura ag déanamh "gníomh dornála" in aice le Joyce.

Ghéill sí ina dhiaidh sin, le linn croscheistithe ón ionchúisitheoir, Paul Greene, go raibh scian i lámh Maura ag an am. Dúirt sí gur shiúil Breandan Lydon isteach le Maura agus gur dhúirt sé go raibh Kevin Joyce sáite ag Maura.

Chuala an giúiré gur leag Maura an scian, a raibh fuil uirthi, ar bhord na cistine agus gur iarr sí ar Breandan Lydon scairt a chur ar na Gardaí. Labhair Maura leis na Gardaí agus dúirt sí gur shádh sí an fear.

Meastar go mbeidh an cás ag leanúint ar aghaidh go dtí deireadh na seachtaine faoi stiúir an Bhreithimh Barry White.

Maura Thornton as Conamara, atá cúisithe i ndúnmharú Kevin Joyce, fear a sádh é 18 n-uaire ar Bhóthar na Trá Uachtair, Gaillimh, ar an 31 Iúil 2011.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Le Colm Ó Broin

Sos cogaidh sealadach in éirí amach Keaveney

Tháinig ceannaireacht an Lucht Oibre ar shocrú le Cathaoirleach an Pháirtí, Colm Keaveney, maidir le cruinnithe feidhmeannais ag an deireadh seachtaine.

Tá nimh san fheoil ag an gceannaireacht do Keaveney ó vótáil sé in éadan na cáinaisnéise an mhí seo caite. Murab ionann agus Tommy Broughan, Patrick McNulty agus Willie Penrose, a chaill fuip an pháirtí nuair a vótáil siad in aghaidh an rialtais, tá cumhacht go fóill ag Keaveney óir is é Cathaoirleach an Pháirtí é, post a bhronnann gnáthbhaill an pháirtí ar an té atá a bhíonn ceaptha.

Bíonn an Cathaoirleach i gceannas ar chruinnithe den fheidhmeannas náisiúnta rud a fhágann Keveney i bhfeidhil ar chruinnithe le hEamon Gilmore agus Airí agus Teachtaí Dála a thacaíonn leis an rialtas.

Dá bhféadfadh Gilmore bata agus bóthar a thabhairt dó dhéanfadh sé é, ach ní féidir faoi láthair.

An socrú a réitíodh ag an deireadh seachtaine ná go bhfágadh Keaveney an seomra nuair a bheadh ábhar polaitiúil 'goilliúnach' á phlé, go

Cathaoirleach Pháirtí an Lucht Oibre, Colm Keaveney TD, ag dul chuig cruinniú d'fheidhmeannas náisiúnta an pháirtí Dé Sathairn seo caite. GRIANGHRAF: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND.

háirithe ábhar a bhaineann leis an rialtas féin.

'Socrú sealadach' atá ann, dar le cúlbhinseoir amháin a labhair le Gaelscéal. "Ní hé seo deireadh an scéil seo," a dúirt an té sin.

"Is é an réiteach is fearr é sa mheántéarma; beidh orainn foighne a bheith againn go bhfeice muid conas a oibríonn an socrú."

Mura dtiocfaidh siad ar bhealach dlíthiúil chun an é a dhíbirt ní bheidh deis ag an gceannaireacht Keaveney a ruaigeadh ón gcathaoirleacht go dtí Ardfheis an Pháirtí i mí Dheireadh Fómhair seo chugainn.

Beidh dianfheachtas ar bun acu lena chinntiú go mbeidh an lá le cibé iarrathóir a chuirfidh siad in aghaidh Keaveney an mhí sin. Baineadh geit astu nuair a toghadh Keaveney ar an gcéad dul síos agus beidh gach iarracht agus gach cleas polaitíochta in úsáid lena chinntiú nach mbeidh an lá leis arís.

Beidh dúshlán ann dóibh, áfach, óir is cinnte go mbeidh roinnt ball ag iarraidh go mbeadh Keaveney mar Chathaoirleach amach anseo le brú ar chur ar an rialtas maidir le ciorruithe.

Idir seo agus sin, b'fhéidir go ndéanfar leathnú ar an méid ábhar 'goilliúnach' nach féidir le Keaveny plé a dhéanamh orthu.

Ní i measc cheannairí an pháirtí amháin atá an fhearg faoin vóta a chaith Keaveney in aghaidh na cáinaisnéise. Tá cúlbhinseoirí atá dílis don rialtas ar buille toisc go bhfeictear dóibh go bhfuil siad ag tógáil na 'gcinntí crua' ar son na tíre, cinntí a bhainfidh an bonn den tacaíocht atá acu i measc an phobail.

Dar leo, bhí a fhios ag Keaveney agus na ceannaircigh eile go raibh na ciorruithe móra ar na bacáin nuair a sheas siad don pháirtí. Deirfeadh na heasaontóirí, ar ndóigh, go bhfuil bealaí níos cothroma chun an t-easnamh cáinaisnéise a laghdú.

Gach seans go mbeidh deis níos fearr ag Keaveney a shuíochán a choimeád ag an gcéad olltoghchán eile de bharr an tseasaimh phoiblí atá á thógáil aige, murab ionann agus cúlbhinseoirí nár labhair amach in aghaidh na gciorruithe. Is cinnte nach gcuirfidh an phoibíocht a fuair sé ar an Late Late Show de bharr an aighnis seo isteach ar na seansanna sin.

'Comhla sceite' na heisimirce

Daoine sa scuaine don 'Working Abroad Expos' a bhí ar siúl san RDS i mBaile Átha Cliath an mhí seo caite. D'fhág 136,000 Éireannach an Phoblacht ó thús 2009. GRIANGHRAF: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND.

Táthar ag rá le fada an lá gur 'comhla sceite' é an eisimirce ó taobh gheilleagar na hÉireann de. Nuair a bhíonn dífhostaíocht ard ní théann daoine amach ar na sráideanna i mbun léirsithe ná círéibe, faigheann siad an Bád Bán mura bhfuil siad sásta leis an saol in Éirinn.

Sin an teoiric ar aon chaoi. Is cinnte go mbeadh an ráta dífhostaíochta níos airde murach an méid daoine atá imithe ón tír le blianta beaga anuas, ach an féidir an difríocht a mheas?

Bealach garbh chun é a dhéanamh amach ná an líon glan Éireannach a chuaigh ar imirce le blianta beaga anuas a chur le líon na ndaoine atá ar an mbeochlár.

De réir fhigiúirí ón daonáireamh, d'fhág 136,000 Éireannach an Phoblacht ó thus 2009. Creid é nó ná creid ach tháinig 80,000 Éireannach ar ais go hÉireann sa tréimhse chéanna, 20,000 a d'fhill anuraidh in measc.

Dá gcuirfí an difríocht idir an dá fhigiúr le líon na ndaoine atá ar an dól d'ardódh an ráta dífhostaíochta ó 14.8% go dtí 16.5%. Seans nach bhfuil an 'comhla sceite' chomh mór agus a shíl daoine mar sin. É sin ráite, tá an méid daoine atá ag fágáil ag ardú bliain i ndiaidh bliana.

Tá cáineadh déanta ag daoine ar a laghad agóidíochta atá in Éirinn faoi chúrsaí geilleagair i gcomparáid leis an Spáinn, an Phortaingéil agus an Ghréig, ach go háirithe. Ach ar an lámh eile, tá roinnt rudaí polaitiúla ag titim amach sa Ghréig nach mbeadh muid ag iarraidh anseo, a bheag ná a mhór.

Tá páirtí Naitsíoch, atá tar éis ráiteas a dhéanamh in éadan imirceach, daoine aeracha, Moslamaigh agus Giúdaigh, ag ráta 12% sna pobalbhreitheanna, rud a d'fhágfadh iad ar an tríú páirtí is mó sa pharlaimint dá léireofaí an tacaíocht sin sa chéad olltoghchán eile. Ar a laghad níl an fhadhb sin againn anseo - go fóill.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 23 Eanáir, 2013

Cúlra fuilteach na

Tá baint ag an bhfoiréigean san Ailgéir le holltoghchán a cuireadh ar ceal in 1991

ANAILÍS

le Colm Ó Broin

Bhí áthas i mBéal Feirste ar an Aoine seo caite nuair a chuir Stephen McFaul glaoch ar a bhean chéile le rá gur éalaigh sé ó fhuadaitheoirí san Ailgéir.

Maraíodh ar a laghad 37 giall eile le linn ionsaí a rinne Arm na hAilgéire ar mhíleataigh a ghabh na céadta duine ag ionad gáis in iarthar na tíre. Tá oibrithe ón ionad fós ar iarraidh.

Grúpa faoi cheannas fir darbh ainm Mokhtar Belmokhtar a bhí i mbun an fhuadaithe agus táthar ag rá go léiríonn an eachtra seo an fás atá tagtha ar mhíleataigh Ioslamacha sa cheantar le blianta beaga anuas.

As olltoghchán a tharla os cionn 20 bliain ó shin a eascraíonn na grúpaí atá gníomhach san Ailgéir, áfach. Sampla den scoth den bhealach atá Al Qaeda mar 'shaincheadúnas' seachas a bheith ina eagraíocht lárnaitherinne daoine atá ag troid in éadan rialtas na hAilgéire ó 1992 athbhrandáil orthu féin mar 'Al Qaeda sa Mhagraib Ioslamach' in 2007. Bhí AQIM, mar a ghlaoitear orthu, ar an ngrúpa míleatach ba ghníomhaí sa cheantar sular tháinig grúpaí eile chun cinn atá tar éis seilbh a ghabháil ar thuaisceart Mhailí.

Deachtóireacht atá san Ailgéir ó 963 anall, bliain tar éis don Fhronta Saoirse Náisiúnta (Front de Libération Nationale) neamhspleáchas a bhaint amach don tír ón bhFrainc. Mhair Cogadh na Saoirse ocht mbliana agus meastar gur maraíodh milliún duine lena linn. Mharaigh póilíní na Fraince na scórtha nó na céadta léirseoirí Ailgéireacha i bPáras in 1961, eachtra atá ina chonspóid mhillteanach sa Fhrainc go dtí an lá atá inniu ann.

Mar a tharla i roinnt mhaith tíortha san Afraic, dhiúltaigh an dream a bhain neamhspleáchas amach daonlathas a cheadú. Stát aonpháirtí a bhí ann agus bhí cumhacht iomlán ag an FLN agus ag an arm. Tháinig athrú ar chúrsaí ag deireadh na n-ochtóidí nuair a ceadaíodh páirtithe polaitiúla eile sa tír tar éis léirsithe móra a d'eagraigh daoine óga sna cathracha móra. Páirtí amháin a tháinig chun cinn ná an Fronta Slánaithe Ioslamach (Front Islamique du Salut). D'éirigh go maith leis an bpáirtí i dtoghcháin áitiúla, rud a chuir eagla ar an rialtas agus ar an arm. Chuir siad ceannairí an pháirtí, Ali Belhadj agus Abassi Madani, i bpríosún i mí Meitheamh 1991. Tháinig an crú ar an tairne i mí na Nollag an bhliain sin nuair a reáchtáladh an chéad bhabhta den chéad olltoghchán parlaiminte saor i stair na tíre. Bhuaigh an FIS 48% de na vótaí agus bhí an FLN i bhfad taobh thiar díobh sa dara háit ar 23%.

Bhí gach cosúlacht ann go mbuafadh an FIS móramh mór sa pharlaimint nuair a tharlódh an dara bhabhta den olltoghchán. Níor tharla an dara bhabhta riamh áfach - chuir an t-arm ar cheal é. Díbir siad an tUachtarán reatha, Chadli Bendjedid, as a phost agus chuir siad grúpa ginearáil, an tArd-Chomhairle Stáit, i i gceannas ar an tír. An chéad rud eile a rinne siad ná cosc a chur leis an FIS agus thosaigh siad ag gabháil ná mílte ball den pháirtí. Cuireadh go leor acu i gcampaí géibhinn sa Sahára.

Grúpa faoi cheannas fir darbh ainm Mokhtar Belmokhtar a bhí i mbun an fhuadaithe agus táthar ag rá go léiríonn an eachtra seo an fás atá tagtha ar mhíleataigh Ioslamacha sa cheantar le blianta beaga anuas.

Dúirt an t-arm go raibh orthu é sin a dhéanamh toisc go raibh sé beartaithe ag an FIS stát Ioslamacha dhéanamh den Ailgéir, cosúil leis an Araib Shádach nó an Iaráin. Ní fios an ndéanfadh an FIS é sin. Rinne ceannairí an pháirtí ráitis éagsúla faoin gceist. Dúirt roinnt acu gur thacaigh siad leis an daonlathas agus dúirt cinn eile go raibh siad in éadan dlí Sharia. Ní bheidh a fhios go deo céard a tharlódh dá nglacfadh an FIS cumhacht.

Ar ndóigh, ní raibh an FIS, ná Ioslamaigh eile san Ailgéir, sásta

Tá os cionn 7,000 duine ar iarraidh ó aimsear an chogaidh chathartha san Ailgéir.

Cuireann suirbhé nuachtáin Walsh chun tosaigh i mBostún

Seans maith ag fear de bhunadh Ros Muc a bheith ina mhéara ar an gcathair

Máirtín Ó Catháin

TUGANN an chéad suirbhé nuachtáin i mBostún faoi dhearca an phobail i dtaobh an chéad Mhéara eile ar an gcathair údar misnigh don Fheisire Páirliminte, Martin Walsh.

De réir an tsuirbhé a rinne an nuachtáin "South Boston Today", bhí Walsh go mór chun cinn ar an dream eile a cuireadh san áireamh.

Ach tá aguisín an-mhór le cuir leis an scéala seo: níl a fhios fós an bhfanfaidh an Méara atá ann, Thomas Menino sa bpost.

Níl an tsláinte go maith ag Menino le scaitheamh agus tá tuairimíocht ann go bhfuil sé idir dhá chomhairle faoi dhul san iomaíocht i dtoghchán na Samhna seo chugainn.

Má shocraíonn Menino iarraidh eile a thabhairt faoi is beag amhrais atá ann ach go dtabharfaidh sé an chraobh leis aríst; ní thabharfaidh Daonlathach ar bith eile a dhúshlán.

Is é Thomas Menino an té is faide ariamh a chaith blianta ina Mhéara ar Bhostún; tá sé ansin ó 1993.

De bhunaidh na hIodáile é Menino agus bhí sé ar an gcéad Mhéara nach raibh mianach Éireannach ann a toghadh i mBostún ó 1930.

Caithfidh Menino fógra a thabhairt as seo go ceann dhá mhí faoina bhfuil ar intinn aige i dtaobh thoghchán na bliana seo. Má abraíonn sé go bhfuil sé ag éirí as tiocfaidh ainm Martin Walsh go láidir chun cinn.

Dheimhnigh Walsh dúinn cúpla mí ó shin go mbeidh sé san iomaíocht mura rachaidh Menino ar aghaidh.

Fear de bhunadh Ros Muc, an Feisire Martin Walsh

As Ros Muc í máthair Mhartin Walsh - sin í Máire Ní Mháille. Ba as Carna a athair, John Walsh.

Is mac dearthára é leis an gceannasaí cáiliúil ceardchumainn, Pat Walsh, a bhásaigh le gairid.

Tá sé ina Fheisire Páirliminte i Massachusetts ó 1997 agus sé atá ina bhainisteoir ar Chomhshnaidhm na gCeardchumann Tógála i mBostún.

Tá an stádas ceardchumainn atá aige fíorthábhachtach i mBostún. Tá Walsh molta as an bhfeachtas a d'eagraigh na ceardchumainn don Seanadóir nua, Elizabeth Warren, i Massachusetts.

Bua mór a bhí ansin ag na Daonlathaigh agus ceaptar go mbeadh tacaíocht láidir ag Walsh ón Seanadóir Warren.

Thug an suirbhé pobail i measc breis agus 2,000 duine 53.79% tacaíochta do Martin Walsh - bhí sé 16% chun cinn ar an té ba gaire dó.

Cé go bhfuil an nuachtán seo bunaithe i South Boston, dúradh gur léirigh an suirbhé go bhfuil tacaíocht láidir ag Martin Walsh ar fud na cathrach.

Ach caithfear fanacht go bhfeicfear céard a dhéanfaidh Thomas Menino sular féidir an scéal a chur níos faide.

An bhfuil an G-Factor ag do Scoilse?

TÁ an Club Gaeilge is fearr á lorg ag Glór na nGael agus Comórtas G! á sheoladh in iarbhunscoileanna timpeall na tíre arís i mbliana. Tá €2,000 le buachan mar phríomhdhuais i gComórtas G! na bliana seo, chomh maith le dearbhán do 30 cochall ón Spailpín Fánach.

Seo an tríú bliain den chomórtas Gaeilge atá á reáchtáil ag Glór na nGael i gcomhpháirt le Gaelscéal, urraithe ag COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta) agus An Spailpín Fánach. Tá foirm iontrála ar fáil ar shuíomh Gaelscéal ar www.oideachas.gaelsceal.ie nó trí theagmháil a dhéanamh le Glór na nGael aodhan@glornangael.ie / +353 (0)863102691. Is é 4 Márta 2013 an spriocdháta le cur isteach ar an gComórtas G!

bhfuadaitheoirí san Ailgéir

'Maighdean Bentalha'. Bean ag caoineadh tar éis sléachta a rinne an GIA i mbaile Bentalha san Ailgéir in 1997.

faoin gcos ar bholg a bhí an t-arm a imirt orthu. Cuireadh tús le cogadh cathartha fuilteach inar maraíodh suas le 200,000 duine. Cé gur tharla an cogadh brúidiúil seo béal doras leis an Eoraip is beag cur amach atá ag daoine faoi ná céard go díreach a tharla lena linn.

Throid grúpa armtha de chuid an FIS, an tArm Slánaithe Ioslamach, in éadan an rialtais, ach bhí grúpa níos radacaí agus níos fuiltí, an Grúpa Armtha Ioslamach (GIA), páirteach sa trodaíocht chomh maith.

Bhunaigh mílístí a throid in éadan an Aontais Shóivéadaigh san Afganastáin an grúpa seo agus ceann de na taicticí ba choitianta a bhí acu ná sléachtanna a dhéanamh ar shibhialtaigh. Maraíodh na céadta duine sna sléachtanna ba mheasa. Mharaigh siad sibhialtaigh a bhí ag obair nó a thacaigh leis an stát. Thosaigh siad ag déanamh ionsaithe ar an FIS nuair a chuaigh siad i mbun cainteanna síochána leis an rialtas. Chothaigh na heachtraí sin uafás i measc an phobail san Ailgéir agus mórthimpeall na cruinne.

Rinne an FIS agus arm na hAilgéire uafáis le linn na cogaidh chathartha chomh maith agus táthar ann a mhaíonn go raibh smacht nó tionchar éigin ag gníomhaithe de chuid rialtas na hAilgéire ar an GIA agus gur úsáideadh iad chun smál a chaitheamh ar an FIS. An príomhrud a luaigh daoine a chur an teoiric sin chun cinn ná líomhaintí go mbíodh fórsaí de chuid arm na hAilgéire gar do bhailte nuair a bhíodh sléachtanna ar bun ag an GIA, ach gur theip orthu stop a chur leo. Níl fianaise níos láidre ná sin tagtha chun cinn ach tá amhras ann i gcónaí toisc go ndiúltaíonn an rialtas próiséas fírinne agus athmhuintearais a chur i gcrích.

Fuair an t-arm an ceann is fearr ar na grúpaí Ioslamacha tar éis roinnt blianta agus d'fhógair siad pardún in 1999 do throdairí a bhí sásta deireadh a chur leis an gcogaíocht. Ghlac formhór acu leis an tairiscint ach bheartaigh grúpa a scair ón GIA, an Grúpa Salafi ar son Trodaíocht agus Craobhscaoileadh (GSPC), leanúint ar aghaidh.

Is é an grúpa sin a rinne athbhrandáil orthu féin in 2007 mar AQIM.

Scar grúpa trodairí ón AQIM in 2011 agus bhunaigh siad an Gluaiseacht ar son Aontacht agus Jíhad in Iarthar na hAfraice. Tá an grúpa seo, mar aon le ceann eile darbh ainm Ansar Dine, tar éis tuaisceart Mhailí a ghabháil ó cheannaircigh ón bpobal Tuargach (Tuareg) a d'fhógair neamhspleáchas don cheantar in 2011.

Bhí saoiste na dtrodairí a ghabh Stephen McFaul agus na céadta eile, an tAilgéireach Mokhtar Belmokhtar mar bhall den GIA, den GSPC agus den AQIM sular bhunaigh sé a ghrúpa féin anuraidh.

Tá an FLN agus an t-arm i gceannas na hAilgéire go fóill. Go gairid roimh an bpardún in 1999 toghadh Abdelaziz Bouteflika mar Uachtarán na tíre le os cionn 80% den vóta. Atoghadh é leis an tacaíocht chéanna faoi dhó, in 2004 agus 2009, ach maíonn an freasúra agus gníomhaithe cearta daonna go raibh an córas vótála cam amach is amach.

Cé gur thit rialtais neamhdhaonlathacha eile sa cheantar le linn an 'Earraigh Arabaigh', níor éirigh leis tarlú san Ailgéir. É sin ráite, bhí roinnt léirsithe ar son an daonlathais ansin agus ghéill an rialtas roinnt dá chumhacht in 2011 nuair a chuir siad deireadh leis an Staid Éigeandála a bhí i bhfeidhm ó 1991. Tá go leor cumhachtaí neamhdhaonlathacha ag an rialtas go fóill, áfach, rud a cháineann Amnesty Idirnáisiúnta agus Human Rights Watch go rialta.

Bhí toghchán don pharlaimint ann anuraidh agus tháinig an FLN sa chéad áit arís. Tá cosc ar an FIS go fóill ach theas páirtí Ioslamach sa toghchán, Comhaontas Glas na hAilgéire (ní 'glas' sa chiall comhshaol atá i gceist, ar ndóigh). Níor éirigh leo ach 10% de na suíochán a bhaint, le hais an móramh mór a bhuaigh an FLN agus a chomhghuaillithe. Maíonn an CGA agus eile nach raibh an toghchán saor ó chaimiléireacht, áfach.

Ach is cosúil go mbeidh ar an FLN agus ar arm na hAilgéire toghcháin atá iomlán saor a cheadú amach anseo agus beidh sé spéisiúil a fheiceáil an mbeidh siad sásta cumhacht a ghéilleadh do pháirtí ar nós an CGA má bhíonn an bua acu siúd. Tá a leithead tarlaithe cheana féin béal dorais sa Túinéis, agus san Éigipt chomh maith.

Maidir le AQIM, Al Qaeda agus na míleataigh Ioslamacha eile timpeall na cruinne, is é an láidreacht is mó atá acu an laige is mó atá acu, is é sin, an antoisceacht. Tugann sé seo ugach dóibh trodaíocht a dhéanamh ach spreagann sé iad chun sléachtanna a dhéanamh ar shibhialtaigh. Cailleann siad cibé tacaíocht nó bá a bhíonn acu i measc an phobail de bharr na dtaicticí suaracha sin. Gach seans go dtarlóidh an rud céanna leis na míleataigh atá ag troid i Mailí faoi láthair chomh maith.

Throid Mokhtar Belmokhtar, ceannaire an ghrúpa a d'fhuadaigh Stephen McFaul agus na céadta eile, le linn chogadh cathartha na hAilgéire.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Deacracht ag seirbheáil toghairmeacha Cúirte a bhaineann le Calafort Chill Rónáin

Máirtín Ó Catháin

SAN eachtra is déanaí maidir le conspóid na rialacha páirceála ag calafort Chill Rónáin thriáil Comhairle Contae na Gaillimhe le toghairmeacha a chur chuig roinnt lucht busanna in Árainn le gairid ach níor oibrigh an iarracht sin.

Tháinig na glaonna chun Cúirte ar ais aríst sa bpost chuig an gComhairle Contae in Áras an Chontae i gCnoc na Radharc i nGaillimh.

Is cosúil nárbh fhéidir na litreacha cláraithe ón gComhairle Contae a sheachadadh de réir rialacha an Phoist.

Caithfidh an Chomhairle Contae a dhul i mbun beart éicínt eile anois más leo na toghairmeacha a chuir chuig lucht na mbusanna.

Baineann seo leis an aighneas atá ar bun le bliain anois i dtaobh rialacha nua atá curtha i bhfeidhm ag an gcalafort i gCill Rónáin.

Tá roinnt de lucht na mbusanna turasóireachta ag diúltú glacadh le córas nua páirceála a fhágann gur cheart dóibh fanacht achar áiríthe ón áit a dtagann na báid fharantóireachta le céibh.

Tá ticéid cionta tráchta á dtabhairt do na tiománaithe seo as éadan. Tuigtear go bhfuil na céadta ticéad tugtha do chuid de na tiománaithe.

D'fhéadfadh na mílte euro a bheith le n-íoc i bhfineálacha dá gcuirfí an scéal go snaidhm i rópa.

Shocraigh an Chomhairle Contae le gairid go gcuirfí na toghairmeacha amach faoi phostas cláraithe chuig daone nach raibh fineálach a bhí leagtha síos íoctha acu.

Ó thárla nár oibrigh an córas sin, tá dlíodóirí na Comhairle Contae ag déanamh a gcuid machnaimh ar an scéal anois go bhfeicfidh siad cén chaoi ar féidir na toghairmeacha a sheirbheáil go dleathach.

Rinneadh forbairt mhór, ar chostas €48m. in iomláine, ar chalafort Chill Rónáin le blianta beaga anuas. Socraíodh go gcaithfeadh rialacha nua páirceála agus forialacha eile a bheith ann ina dhiaidh sin agus ar chrann Chomhairle Contae na Gaillimhe a thit an cúram sin. Socraíodh freisin go ngearrfaí táille ar phaisinéirí a bheadh ag taisteal ar na báid farantóireachta go hÁrainn; d'íocfadh an t-airgead sin as costas bainistíochta an chalafoirt nua.

Ach tá sé ina chonspóid faoi sin freisin agus is beag airgid atá bailithe dá bharr.

Bliain go ham seo go díreach a tugadh amach an chéad thicéad cionta tráchta in Inis Mór.

Corraíl Dhún na nGall tomhaiste i gConamara

– stáisiún taighde creathanna gar d'Uachtar Ard

Máirtín Ó Catháin

BHÍ corraíl faoin bhfarraige amach ó thuaidh de Dhún na nGall le tamall agus tá sin tomhaiste i gConamara. I mianaigh Ghleann Gabhla gar d'Uachtar Ard atá an t-aon stáisiún tomhaiste creathanna talúna in iarthar na tíre agus tá sé ar cheann de na cheithre cinn ata in Éirinn.

IGLA an teideal oifigiúil atá ag an stáisiún tomhaiste creathanna talún i nGleann Ghabhla. Bhí crith a thárla faoin bhfarraige 190 ciliméadar siar ó thuaidh de Leitir Ceanainn ar an 20ú lá de Shamhain seo caite ar an gcor ba mhó a baineadh as an trealamh i nGleann Gabhla le scaitheamh; taispeánadh go raibh neart 2.7 ar an scála Richter leis an gceann sin.

Tá critheanna ag leanacht ar aghaidh faoin bhfarraige sa réigiún sin ó shin. Ní raibh aon léargas ar chorraíl sa limistéar sin roimhe seo.

Faoi scáth na hInstitiúide Ard-Léinn i mBaile Átha Cliath atá an clár taighde creathanna talún á reáchtáil in Éirinn.

Roghnaíodh Gleann Ghabhla ceithre bliana ó shin le haghaidh an chláir agus tá conradh 50 bliain sínithe idir an Institiúid agus lucht stiúrtha an mhianaigh atá cúpla míle siar ó Uachtar Ard.

Míníonn Keith Mac Eochagáin, úinéara mhianach Ghleann Ghabhla go dtarlaíonn idir 25 agus 30 crith talúna ar fud an domhain chuile lá. Níl aon neart dainséarach ina bhformhór sin. Mar shampla, bhí crith talún i Sasana an tseachtain seo caite ach níor bhain sé aon chor as tada ar an talamh.

Cuirtear eolas as an stáisiún i nGleann Ghabhla isteach sa gcóras idirnáisiúnta meastóireachta ar chreathanna talún.

"I Stáit Aontaithe Mheiriceá is mó atá staidéar á dhéanamh agus súil á choinneáil ar phatrúin chreathanna talún faoi láthair," a dúirt Keith Mac Eochagáin.

"Táthar ag iarraidh léargas a fháil ar chontúirtí tsunami ar an gcósta thoir ansin áit a bhfuil daonra mór agus go leor cathracha".

Tá an staidéar ar chreathanna talún ina chuid anois de na turais a eagraítear ar na seanmhianaigh airgid i nGleann Ghabhla.

Dúnadh na mianaigh seo in 1865 ach tá forbairt déanta orthu mar ghnó turasóireachta ag clann Mhic Eochagáin. Téann go leor turas scoile ann. Tá seomra ann inár féidir crith a chur san urlár a thugann léargas ar chrith talún agus feictear é sin á chlárú ar scáileán.

"Tugann sé pictiúr dháiríre ar an gcaoi a gcláraítear neart crith talúna ar na scálaí," a dúirt Keith Mac Eochagáin.

Moltaí ón Údarás go gairid faoina bhfuil in ann d'Arramara Teo

Máirtín Ó Catháin

TÁ a gcuid iniúchadh ar chomhlacht Arramara Teo beagnach críochnaithe ag an gcomhlacht Acadia Seaplants as Ceanada.

Tá suim ag an gcomhlacht próiseála feamainne seo, atá lonnaithe i Nova Scotia, in Arramara Teo le tamall maith.

Tuigtear nach fada anois go gcuirfidh bainistíocht Údarás na Gaeltachta moltaí os comhair Bhord an Údaráis faoin idirbheartaíocht atá ar bun.

Cé nach cosúil go mbeidh na moltaí sin réitithe don chruinniú Boird ar an gcéad lá d'Fheabhra, tuigtear ó fhoinsí san Údarás nach mbeidh aon mhoill mhór i gceist.

Níl aon leide faighte faoin idirbheartaíocht ó bhainistíocht an Údaráis ach tuigtear go bhfuil Acadia Seaplants ar a mine ghéire ag iarraidh seilbh a fháil ar Arramara Teo.

Bhí siad chomh bíogtha sin agus gur chuireadar litir chuig an Taoiseach faoi anuraidh.

Léirigh Acadia Seaplants suim in Arramara Teo arú anuraidh nuair a d'iarr Údarás na Gaeltachta tairiscintí. Tá Arramara Teo go hiomlán i seilbh an Údaráis le seacht mbliana, ach deir siadsan go dteastaíonn infheistíocht ar scála €10m. agus níl an t-airgead ná an saineolas sin ag an Údarás.

Chuir trí dhream éagsúla tairiscintí isteach ar an gcéad iarraidh ach is do chomhlacht sa mBriotáin ar a dtugtar Setalg a thug an tÚdarás an chéad rogha ar Arramara.

Rinne siadsan a gcuid scrúdaithe acu shocraigh siad sa deireadh nach mbacfaidís leis mar nach raibh an mháthairchomhlacht sin acusan ag infheistiú airgead ar bith taobh amuigh den Fhrainc faoi láthair.

Thárla sé san am sin freisin gur thosaigh caint nár cheart don Údarás scaradh uilig le hArramara Teo agus gur bhfearr dóibh lámh a choinneáil sa ngnó.

Níl a fhios an raibh aon bhaint aige sin leis an droim láimhe a thug Seagalt don tionscail feamainne i gConamara.

Ceaptar gur bhfearr le Acadia Seaplants seilbh iomlán a fháil ar Arramara Teo – sin dá mbeadh an praghas inghlactha acu. Níl a fhios anois an bhfuil Údarás na Gaeltachta sásta scaoileadh le hArramara ar fad – bheadh roinnt ball den Bhord ar an intinn sin – nó féachaint le sciaranna mionlaigh a choinneáil ann.

Tá Arramara Teo ina chrann taca anois ag cuimse daoine i gConamara agus níos faide ó bhaile. Tá daoine ag baint fheamainne in Órán Mór taobh thoir de Ghaillimh agus i Maigh Eo ó thit tionscal na tógála as a chéile.

Ach tá ceisteanna ag teacht chun cinn faoin méid feamainne maithe atá fanta faoi láthair agus tá caint ann le fada go mb'iontach an dul chun cinn é dá bhféadfaí táirgí eile a chur ar fáil in Arramara.

Dá mbeadh an saol ar a dtoil ag lucht an tionscail bheadh na táirgí seo bunaithe ar níos lú feamainne ná a bhíonn ag teastáil anois.

Iarratas pleanála faoi chóras timpeallachta Eorpach do Chalafort na Gaillimhe – an chéad cheann in Éirinn

Máirtín Ó Catháin

TÁ bailchríoch dá chuir faoi láthair ar an gcéad iarratas ariamh as an tír seo a thiocfaidh faoi scáth an chórais Eorpaigh ar a dtugtar an IROPI.

Baineann an t-iarratas leis an obair mhór fhorbartha atá beartaithe ar Chalafort na Gaillimhe. Beidh an t-iarratas á chur isteach san Aibreán seo chugainn.

Tugann an córas IROPI deis le héilimh a dhéanamh san Eoraip le dhul ar aghaidh le forbairt infrastruchtúr riachtanach beag beann ar bhrandaí timpeallachta ar nós SACanna.

Tá ceantracha SACanna i gCuan na Gaillimhe agus i ngar don áit a mbeadh an calafort le leathnú. Shocraigh comhlacht riaracháin an chalafoirt dá bharr sin gurbh fhearr iarraidh a thabhairt faoi taobh istigh den chóras IROPI.

"Shíl muid gurb é seo an bealach ab bhfearr," a dúirt Eamon Bradshaw atá ina bhainisteoir ar chomhlacht an chalafoirt. "Chuile sheans go dtarraingeofaí aird ar cheisteanna timpeallachta dá ngabhfadh muid ar aghaidh ar an ngnáthbhealach".

D'fhág an t-athrú intinne a bhí ar chomhlacht an chalafoirt faoi seo go bhfuil níos mo ná moill bliana orthu ag cur an iarratais chuig an mBord Pleanála. Bíonn réiteach agus staidéar breise ag teastáil i gcás iarratas IROPI.

Cuirfear an t-iarratas ar aghaidh chuig an mBruiséil ón mBord Pleanála agus déanfar mionstaidéar air ansin. Ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún Eorpach tuarascáil ar fáil don Aire Comhshaoil, Phil Hogan.

Is aigesan a bheidh an chumhacht ansin socrú a dhéanamh ar féidir dul ar aghaidh beag beann ar na brandaí timpeallachta, nó nach féidir.

"Ó thárla gurb é seo an chéad iarratas dá shórt in Éirinn, tá muid ag foghlaim go leor," a dúirt Éamon Bradshaw i gcomhlacht an Chalafoirt in nGaillimh.

"Táim cinnte go mbeidh go leor dreamanna sa tír seo ag faire ar an iarratas seo," a dúirt sé.

Dúirt an tUasal Bradshaw go bhfuil staidéar déanta acu ar chásanna eile IROPI i dtiortha na hEorpa agus gur cosúil go n-éiríonn le tuairim is 50% acu, ar a laghad.

Tá an córas IROPI tarraingthe anuas i dtaobh bhóthar nua Chonamara agus scéimeanna eile. Beidh léargas níos fearr ar an gcaoi a n-oibreoidh sé ach a mbeidh cás an chalafoirt i nGaillimh réitithe.

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE

Cuirfidh an Coiste ainmnithe thuas fáilte roimh iarratais ó dhaoine cáilithe go hoiriúnach agus le taithí ar an bpost bhainistíochta seo a leanas:

LEAS-PHRÍOMHOIDE:

Gairmscoil Mhuire, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe

Dírítear d'aird ar shuíomh Gréasáin an Choiste **www.countygalwayvec.com** le haghaidh tuilleadh sonraí poist.

Teagmháil: 091/ 874520 nó ríomhphost chuig **okelly@cogalvec.ie**

Is é an spriocdháta le haghaidh iarratais a bheith faighte ná **4.00 i.n., Dé hAoine, 1 Feabhra, 2013.**

Fáiltíonn an Coiste roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla. Tairgeann an Coiste raon seirbhísí trí Ghaeilge ach iad a iarraidh.

Seosamh Mac Donncha,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Baile Átha Cliath

Seirbhís idirchreidmheach in Ardteampall Chríost

BEIDH seirbhís idirchreidmheach trí Ghaeilge á reáchtáil in Ardteampall Chríost, Baile Átha Cliath, Dé hAoine, 25 Eanáir.

Ceiliúradh ar Sheachtain na hAontachta Críostaí a bheidh i gceist leis an tseirbhís seo, atá ar siúl le níos mó na scór bliain. Beidh iomainn, paidreacha agus léachtaí ann agus beidh na hiomainn á gcanadh ag cór Ghaelscoil na Cille, Contae na Mí.

Cloisfear cainticí agus aintiúin eaglasta ó choimhdeach chór Ardteampall Chríost agus beidh ceol ar na píopaí uilleann le cloisteáil freisin.

Beidh cléir ó Eaglais na hÉireann agus ón Eaglais Chaitliceach i láthair, agus an tUrramach Elaine Dunne, Eaglais na hÉireann, a bheidh mar sheanmóirí i mbliana. Is gnách go mbíonn ionadaí an Ard-Mhéara i láthair freisin. Tosóidh an ócáid ag 8.00in agus cuirfear sólaistí ar fáil i lusca meánaoiseach na hardeaglaise i ndiaidh na seirbhíse.

Tá an tseirbhís seo á reáchtáil ag Cumann Gaelach na hEaglaise agus Pobal an Aifrinn agus deir an eagraíocht go mbíonn slua maith i láthair i gcónaí.

Fearg faoi Dhúnadh Oifig Phoist Uí Chribín

Scott De Buitléir

TÁ An Post á cháineadh go géar ag muintir Sheantrabh i mBaile Átha Cliath Thuaidh le déanaí, toisc gur dúnadh an Oifig Phoist áitiúil nuair a fuair an t-oifigeach ansin bás.

Oifig Phoist ghnóthach agus cháiliúil i bhí sa Seantrabh nuair a bhí sí faoi stiúir Mhíne Bn. Uí Chribín, bean a raibh cáil áirithe uirthi féin lasmuigh dá post mar oifigeach poist. Feachtasóir díograiseach, Poblachtánach bródúil agus Caitliceach dílis a bhí inti, ag gníomhaíocht ar son na Gaeilge, ach in aghaidh an ghinmhillte, colscaradh agus cearta aeracha chomh maith.

Tar éis bhás Bhean Uí Chribín, i mí Lúnasa 2012, rinne An Post iniúchadh ar fhiúntas na hoifige i Seantrabh. Tháinig sé chun solais coicís ó shin go bhfuil cinneadh déanta acu gan an Oifig a athoscailt, cinneadh a spreag go leor feirge sa phobal áitiúil.

Dar le mac Mhíne, Gearóid Ó Cribín, ba náireach é iompar an Phoist, a d'fhógair go ndéanfaí iniúchadh eile le tuairimí an phobail a fháil amach. Idir an dá linn, áfach, moladh don phobal áitiúil úsáid a bhaint as seirbhísí Oifig an Phoist in ionad siopadóireachta Omni i Seantrabh.

Ach níl an moladh sin maith go leor don phobal, arsa Collette Reardon, rúnaí Fhóram Phobal Sheantraibh. "Bheadh ar sheanóirí, a bhfuil sé deacair acu siúl nó seasamh ar feadh tréimhsí fada, dul chuig Oifig Phoist eile atá fíorghnóthach mar atá sé cheana," a dúirt sí leis na meáin le déanaí.

"Tá achainí, sínithe ag thart ar 2,500 duine, curtha againn os comhair an Phoist," arsa Reardon, "ach is cosúil nach ndearna sé aon difríocht don údarás atá acu."

Thaispeáin an Comhairleoir Paul McAuliffe (SF) a chuid tacaíochta nuair a dúirt sé gurbh áit éasca agus úsáideach é Oifig an Phoist i Seantrabh, do lucht gnó an cheantair agus do sheanóirí araon. Dúirt Dessie Ellis, TD ó Shinn Féin, go bhfuil díomá ar phobal an chean-

Beidh an tseirbhís idirchreidmheach ar siúl in Ardteampall Chríost Dé hAoine 25 Eanáir.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 23 Eanáir, 2013

Móréileamh ar aip-chluiche dátheangach

Colm Ó Broin

TÁ comhlacht de chuid Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath tar éis an chéad áit a bhaint amach i gCairt-Shiopa Aipeanna na hÉireann le cluiche dátheangach.

Sheol Bitsmith Games an cluiche '*Kú: The Shroud of the Morrigan*' agus tá sé ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

D'fhorbair céimithe ón IT, Eoin Harris, Basil Lim agus Ralph Croly an cluiche mar chuid dá dtionscadal deireanach den chúrsa MSc sna Meáin Dhigiteacha Chruthaitheacha & Ríomhchluichíochta.

Tá sé ar fáil don iPad ar €1.79, lascaine 50% ar an mbunphraghas.

"Chuaigh an cluiche díreach go dtí uimhir a haon sna cairteanna d'aipeann IPad a n-íoctar astu agus laistigh de 24 huaire bhí an aip íoslódáilte níos mó ná cluichí cáiliúla eile ar nós Fifa 13, Angry Birds, agus Minecraft," a dúirt urlabhraí ITBÁC.

"Tá ag éirí go maith leis sna cairteanna idirnáisúnta agus tá áit i gCairt TOP 100 sna Stáit Aontaithe bainte amach ag an gcluiche cheana féin."

Is gníomhaíocht eachtraíochta é '*Kú: Shroud of the Morrigan*' a nascann stair ársa na hÉireann agus stádas eacnamaíochta na tíre sna lá atá inniu.

Agus tú ag imirt an chluiche, glacann tú ról 'Kú Óg'. Téann sé ar aistear i ndomhan dainséarach, síothúil. Troideann sé in aghaidh ollphéisteanna agus bíonn air dúshláin eile a shárú agus é ag iarraidh seoda a shábháil ón mbandia Morrigan.

Dúirt Eoin Harris ó Bitsmith Games: "Toisc gur chomhlacht Éireannach muid, bhí sé fíorthábhachtach dúinn leagan iomlán den chluiche a chur ar fáil i nGaeilge. Tá an-tóir ar an leagan Gaeilge i measc cainteoirí dúchasacha agus foghlaimeoirí na teanga araon.

"Tugann tionscnaimh den saghas seo deis don Ghaeilge a bheith spreagúil agus suas chun dáta sa saol teicneolaíochta chomh maith le bheith ina n-áiseanna iontacha foghlamtha don teanga".

D'éirigh le Bitsmith maoiniú a fháil ó Fhiontraíocht Éireann mar chuid den chiste '*High Potential Start-up Unit*'.

Íomhá ón gcluiche dátheangach 'Kú: The Shroud of the Morrigan'.

tair toisc a raibh déanta.

"Níl sé maith go leor, go háirithe nuair a bhí an pobal chomh glórach sin ar an ábhar seo," arsa Ellis.

Dúirt urlabhraí de chuid an Phoist nach raibh an cinneadh chun an oifig áitiúil ina chinneadh do-athraithe.

"Is cás tragóideach é," arsa an t-urlabhraí, "nuair a fhaigheann oifigeach poist bás, agus níl a leithéid de phrótacal nó liosta rialacha ann. Rinneadh an cinneadh lena cinntiú go mbeadh seirbhísí fós ar fáil do mhuintir an cheantair. Toisc an taighde a bhí déanta againn, shíl muid gurbh fhéidir lenár n-oifig ag Ionad Siopadóireachta Pháirc Omni déileáil le héilimh an cheantair."

"Cás deacair agus neamhghnách atá ann," a mhínigh an t-urlabhraí, "agus d'oibrigh muid ar son ár gcustaiméirí."

Ceatharlach

20 amhrán don Chomórtas Náisiúnta Amhrán

TÁ gearrliosta de 20 amhrán roghnaithe le bheith in iomaíocht i gComórtas Náisiúnta Amhránaíochta na Féile Idirnáisiúnta Pan-Cheilteach 2013.

Fuarthas 50 iarratas san iomlán don chomórtas a bheas ar siúl in Óstán an Seven Oaks, Ceatharlach, ar an Déardaoin, 7 Feabhra.

Dúirt Glór Cheatharlach gur chuir daoine ó chontaetha fud fad na tíre isteach ar an gcomórtas, ina measc, amhránaithe ó Chorcaigh, Ciarraí, Doire, Ceatharlach, Dún na nGall, Baile Átha Cliath, an Clár agus Tiobraid Árann.

Caithfidh na hamhráin a bheith nuachumtha agus ní foláir na focail a bheith as Gaeilge.

Beidh an pearsa teilifíse, Daithí Ó Sé, mar fhear an tí arís i mbliana agus is é Ollie Hennessy a bheidh ina stiúrthóir ceoil.

Beidh moltóirí aitheanta i láthair agus measfar na hamhráin ar fheabhas na bhfocal, an cheoil agus an chur i láthair.

Beidh Dáithí O Sé mar fhear an tí ag Comórtas Náisiúnta Amhranaíochta na Féile Pan Cheilteach.

Bronnfar trí dhuais ar an oíche, €100 don tríú háit, €200 don dara háit agus €1,000 don chéad áit. IMRO atá ag déanamh urraíochta ar an gcomórtas i gcomhar le Gael Linn.

Rachaidh an buaiteoir ar aghaidh chun canadh ar son na hÉireann ag an gComórtas Amhrán Pan-Cheilteach a bheidh ar siúl le linn na Féile Idirnáisiúnta Pan-Cheilteach 2013 i gCeatharlach ó 2-7 Aibreán.

Beidh amhrán na hÉireann in iomaíocht leis na hamhráin náisiúnta eile as Albain, An Bhreatain Bheag, Oileán Mhanainn, Corn na Breataine agus an Bhriotáin chun trófaí Pan-Cheilteach agus príomhdhuais na féile, €1,500, a bhuachan.

Bhí an comórtas anuraidh lán go doras agus moltar ticéid a chur in áirithe gan mhoill. Cosnaíonn na ticéid €10 agus tá siad ar fáil ó Amharclann GB Shaw amháin.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar 087 2857048 nó ag pancelticcarlow@gmail.com.

Baile Átha Cliath

'Fachtóir G' in Áras Chrónáin

Colm Ó Broin

TÁ comórtas 'Fachtóir G' le seoladh in Áras Chrónáin i gCluain Dolcáin ag deireadh na míosa.

Comórtas atá dírithe ar ghnéithe éagsúla den chultúr Gaelach atá i gceist agus beidh seisear daoine óga ón gceantar ag glacadh páirte ann.

Beidh cúig bhabhta ar siúl mar chuid den Fhachtóir G agus iad dírithe ar fhilíocht, rince, scéalaíocht, amhránaíocht agus ceol. Déanfaidh an seisear a bheas in iomaíocht léiriú san Halla Mór in Áras Chrónáin oíche Dé hAoine agus bronnfar marcanna ar chur i láthair, cruthaitheacht, féin-iarracht, míniú agus eile.

Is iad na daoine óga a bheas ag glacadh páirte ná Maedhbh Nic Ghiolla Mhuire, Oisín Mac Tiarnáin, Séin Ó Maonaigh, Nollaig Ó Foirtcheirn, Caitríona Ní Bhriain agus Siobhéal Nic Eochaidh, iar-Rós Bhaile Átha Cliath.

Is é an fear áitiúil agus iar-churadh dornálaíocht an domhain, Bernard Dunne, pátrún an chomórtais.

Siobhéal Nic Eochaidh, a bheas ag glacadh páirte i gcomórtas 'Fachtóir G'.

"An aidhm atá leis ná na hiomaitheoirí agus an lucht féachana a thabhairt ar iomramh cultúrtha na Gaeilge," arsa Lile Ní Annracháin, stiúrthóir an chomórtais. "Táimid ag iarraidh seoda an chultúir dhúchais a chur ar fáil san Áras agus thar aon rud eile spraoi agus sonas a bhaint as.

"Ba mhaith linn daoine óga a chur ar maos sa chultúr ar feadh ceithre mhí, agus b'fhéidir as sin go deo, mar is ar an nglúin óg a bhraitheann an todhchaí."

Beidh 'tacaitheoir' ag gach iomaitheoir le comhairle agus cabhair a thabhairt dóibh maidir leis an mbealach is fearr chun an t-ábhar a léiriú.

"Is éard a bheidh á mheas ná cumas na n-iomaitheoirí scéal na Gaeilge a insint, tréid an gceol, an fhilíocht, na hamhráin, an rince agus an scéalaíocht," arsa Lile.

"Tosófar leis an bhfilíocht, beidh ar gach iomaitheoir píosa filíochta a rá agus beidh air nó uirthí cur leis le ceol cúlra, áiseanna ilmheáin, aíonna, ábhair ar scáileán, físeáin nó cibé seift is mian leo chun an léiriú a dhéanamh cruthaitheach, samhailteach, aeistéitiúil agus taitneamhach don lucht féachana," ar sise.

"Tosófar le hábhair ón sean-ré ag teacht aniar go dtí ár n-aimsir féin de réir a chéile, ón luathlitríocht agus ceol go dtí an litríocht chomhaimseartha.

"Mar shampla, sa bhfilíocht beidh ar an gcéad iarrathóir na céad fhocail Gaeilge a dúradh i bhfoirm filíochta a chur i láthair, mar an gcéanna leis an scéalaíocht, ag tosú le scéalta ó na Tuatha Dé Danann, leis an gceol, an rince agus mar sin de, go dtí go mbeidh scéal na Gaeilge ó thosach ama go dtí an lá atá inniu ann inste go cuimsitheach ag deireadh an chomórtais.

"Ach níl mé chun níos mó a sceitheadh go dtabharfar an dúshlán do na hiomaitheoirí oíche na lainseála!"

Beidh an chéad bhabhta ar siúl san Áras ar an Aoine, 1 Márta, agus beidh an ceann deireanach ar siúl ar an Aoine, 7 Meitheamh. Bronnfar iPad agus éarlais taistil ar an mbuaiteoir agus iPad ar an duine a thagann sa dara háit.

MUMHAIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Breithlá fhear an 'Kerryman'

AR an Satharn seo caite i dTábhairne Uí Fhlatharta sa Daingean, bhí lá breithe caoga bliain ag eagarthóir an nuachtáin 'The Kerryman', Deaglán Malone, á chomóradh.

Is ón nDaingean Deaglán agus tá sé ina eagarthóir ar an nuachtán An Ciarraíoch/Corcaíoch le trí bliana déag.

Ina dhiaidh sin, is beag nár baineadh an ceann den dtigh/tábhairne nuair a bhuail gasra de Dhreoilíní Shráid Eoin, ar duine acu Deaglán, 'na bhall suas liodán ceolmhar fada do fhoinn cheoil.

"Is dócha", arsa fear a bhí in aice liom ach nárbh ón gceantar é, "má leanann an ceol seo mar atá, dá fheabhas é, ní bheidh fágtha anseo ach na ceoltóirí agus iad siúd atá chomh bodhar le slis".

Sea, bhí a phrátaí, a cheol agus a ispíní ag an Maoileónach a bhí cóirithe ag Art ó Clúmháin mar lón lá breithe aige.

Is léir go mba 'ait' le Deaglán prátaí brúite....'Go maire sé an céad.

Comórtas Thuar na hAimsire

MÁS fear maith geall tú, nó níos cirte más duine thú atá go maith le tuar fadaimseartha a dhéanamh, níor chás dhuit a bheith páirteach i gcomórtas atá bunaithe i dtábhairne, 'Barr na Sráide', sa Daingean ar shon fhoireann CLG an Daingin.

Cuir síos deich euro, agus ansan beidh fiche cúig cruacheist le freagairt agat mar, cé bhuafaidh comórtas sinsir caide na hÉireann i mbliana nó cé a bheidh mar imreoir caide na bliana. Tá an dála céanna i gceist i gcás na hiomána.

Ansan beidh ort a thuar cé a bhuafaidh corn Heineken agus craobh na 'Sé Náisiún'.

Beidh buaiteoir leadóige [fir agus mná] Wimbledon i measc na gceist nó cé bhuafaidh comórtas sinsir caide Chontae Chiarraí. Cén marcach a ghnóthaigh an gradam 'Marcach na Féile', i Cheltenham Shasana i mbliana agus cé a bhuafaidh comórtas 'Na Máistirí', gailf SAM agus buaiteoirí sacair UEFA 2012-2013.

Measaim gur €500 atá luaite leis an bpríomhdhuais don nduine a ainmníonn gach ceann, nó is gaire. Cinnte, is dócha ná fuil aon duine beo a thuarfadh an 25 ceann ach beidh anspórt is dócha acu siúd a bheidh i mbun tairngreachta agus ag trasnaíl ar a chéile.

Ceart nó cad é?

TÁ ceist ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne ar an bpobal fén dteideal 'Aingeal ag aistriú', ag fiafraí cé acu, dar leat, ba cheart a úsáid nó is cirte [deirtear sa cheantar seo] 'Dhaoibh' nó 'Dhíbh' sa scríobh agus cé aca 'Dhaoibh' nó 'Dhíbh' sa chaint'.

Tá's againn go bhfuil an caighdeán ag baint na gcosa ó Dhíbh ach cad iad na freagraí a bheidh sa bhféachaint?

"Níor chualas riamh ó aon chainteoir dúchais anseo, óg ná aosta ach, 'díbh' nó 'dhíbh'," arsa Breandán Feirtéar ó Bhaile an Fhirtéaraigh.

"Tá an dála céanna fíor leis an mbriathar mar shampla, 'Chualamar', mar a bhíonn scríofa, 'ach arís níor chuala aon chainteoir dúchais riamh ag caint mar sin, mar is is é an leagan a bheadh acu ná thanamair, thugamair nó thiteamair', mar sin an bhfuil oscailt súl anseo do lucht an eolais?

Chuala múinteoir amháin, múinteoir náisiúnta uair ag rá 'chualamar' ach dúirt duine a bhí sa chuideachta agus ní mise é, "cá bhfuairis an iarlais sin do leagan ar chualamair?".

"Sheas traidisiún na mBard níos sia sa Mhumhan agus in Oirialla," arsa an Feirtéarach "agus is dána an mhaise do leamh-scolairí a bheith ag lapadáil le leagain gan acu ach préamhacha fallsa."

Go dearfa, is beag sa deisceart a bheadh in adharca le Breandán agus cuireann sé olc agus díomá orthu.

Ceadúnais óil agus tiomána á iarraidh sa Ríocht!

Concubhar Ó Liatháin

CINNEADH chun spreagadh a thabhairt do dhaoine tiomáint agus deoch ar bhord acu ab ea an vóta a rinne Comhairle Contae Chiarraí ar son rúin go n-eiseofaí ceadúnas do dhaoine i gceantair thuaithe chun tiomáint agus níos mó dí ólta acu ná mar atá ceadaithe faoi láthair.

Is é sin a bhaist an tAire Stáit, Ciaran Cannon, ar vóta an Luain seo caite i gComhairle Contae Chiarraí.

Ag labhairt do le Gaelscéal, dúirt an tAire Cannon, atá ina úinéir tabhairne é féin fán dtuath, nach aon réiteach é seo ar fhadhb aitheanta an uaignis agus an aonarachais fán dtuath.

"Tá obair ar bun ar chóras iompair feabhsaithe a chur ar bun fán dtuath, rátaí trachtála níos ísle a chur áití bhfearas agus ualach maorlathais níos éadroime a bheith ar ghnólachtaí bheaga," a dúirt sé.

An Comhairleoir Contae Danny Healy Rae PIC : DOMNICK WALSH

Níor chaith ach ochtar as an 29 comhairleoir tofa vóta ar an rún a mhol an Comhairleoir Danny Healy Rae ó Chill Garbháin.

Bhí naonúr nár chaith aon vóta agus bhí daréag as láthair ón seomra comhairle.

Is le clann Healy Rae tabhairne i gCill Garbháin agus bhí beirt eile den chúigear a vótáil ar son an rúin ar thábhairneoirí iad freisin.

"Nílim ag iarraidh ar éinne an dlí a bhriseadh ach ba mhaith liom go gcuirfí foráil sa dlí le faoiseamh éigean a thabhairt do dhaoine uaigneacha fán dtuath a thabharfadh cead do Gharda ceadúnas a thabhairt dóibh dhá dheoch nó thrí a bheith acu.

"Ní chreidim go raibh timpiste riamh ag a leithéid seo de thiománaí mar ní tiománaithe míchúramacha dainséaracha iad na daoine seo ar aon nós.

"Fobhóithre atá i gceist. Gan seo, fágfar go leor daoine faoi ghlas sa bhaile mar nach féidir leo dul amach agus fiú deoch amháin a ól," a dúirt sé.

Imeoidh an rún seo ón gComhairle Chontae go dtí an tAire Dlí agus Cirt, Alan Shatter, agus é sínithe ag Méara an Chontae, Terry O'Brien, a vótáil in éadan an rúin.

Tá an rún cáinte ag an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre a dúirt go raibh go leor fianaise ann faoin nasc atá idir an t-ól agus éagumas tiomána.

Dar le Noel Brett, Príomhfheidhmeannach an Údaráis, is fán dtuath is mó a tharlaíonn timpistí a mbíonn bás nó drochghortuithe mar thoradh orthu.

An píobaire Tiarnan Ó Duinnchinn as Contae Mhuineacháin in éineacht leis an gcláirseoir Oisín Morrison as Baile Átha Cliath, in éineacht le hAntoine Ó Coileáin ó Ghael Linn agus an ceoltóir Peadar Ó Riada, tar éis dóibh Boinn Óir Sheáin Uí Riada a bhuachan i dtaca le huirlisí ceoil s'acu féin le linn chraoladh beo de chuid RTÉ Raidió na Gaeltachta ag an Rochestown Park Hotel, Corcaigh oíche Dé hAoine. Bhain siad beirt boinn óir agus €1250 seic an duine [PIC: DIANE CUSACK]

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 23 Eanáir, 2013

Bernard Dunne le labhairt ag Imbloc na bliana seo

Concubhar Ó Liatháin

TÁ an t-iarchuradh domhanda sa dornálaíocht, Bernard Dunne, i measc liosta cainteoirí le haíreamh agus le dealramh a bheidh ag glacadh páirte i bhféile Imbolc na bliana seo i mBaile Bhuirne an mhí seo chugainn.

Tá aithne fhorleathan ar Bhernard Dunne i measc phobal na Gaeilge mar gheall ar an bhfeachtas 'Bród' a reáchtáil sé anuraidh chun daoine a spreagadh chun a gcuid Gaeilge a úsáid.

Ach ní bheidh cead aige labhairt faoin teanga agus a shuim inti ag Imbolc mar is riail daingean de chuid lucht eagar na féile go bhfuil cead ag na cainteoirí labhairt i nGaeilge faoi ábhar ar bith seachas an Ghaeilge féin.

Arsa Tomás Ó hAodha, stiurthóir Imbolc: "Tá dá chúis leis an srian sin - ar an gcéad dul síos tá neart tionól ann cheana féin a phléann ceist na teanga go héifeachtach."

Mar a tharlaíonn sé, beidh Tóstal na Gaeilge ar bun an lá céanna i mBaile Átha Cliath ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

"Cúis eile ná a thaispeáint do Ghaeilgeoirí agus do dhaoine nach iad go mbíonn an Ghaeilge ag déileáil leis na hábhair is suimiúla agus is inspioráidí dá bhfuil ann, agus nach í an Ghaeilge féin an t-aon ábhar amháin a bhíonn á phlé againn i gcónaí."

Ar na cainteoirí eile ar an liosta tá an ceoltóir, Colm Mac an Iomaire, a chum an ceolrian don dráma teilifíse "Corp + Anam" ar TG4 anuraidh, Tomás Mac Gearailt, an fiontraí ar chúl Bhard na nGleann, Kevin Scannel, an saineolaí teanga agus ríomhaireachta, agus ábhar abhcóide dlí, Audrey Lynch.

Tá liosta iomlán na gcainteoirí ar fáil ar imbolc.ie agus is féidir áirithintí a dhéanamh go fóill. "Tá go leor áirithintí faighte againn cheana féin trí na meáin shóisialta ar nós 'twitter'", a dúirt Tomás. Is féidir a theacht ar an bhféile ar twitter @imbolc.

Tá tábhacht chomhaimseartha na léachta a thug bunaitheoir Chonradh na Gaeilge, Dhubhglas de hÍde, 'The Necessity to De-anglicise Ireland, le plé ag ócáid a reáchtáilfear i gCorcaigh.

Diarmuid Ó Cadhla, bunaitheoir 'An Chomhdháil Phobail', atá ag eagrú na díospóireachta a bheidh ar bun in Óstán an Metropole i gCorcaigh ar 19 Márta.

"An rún atá agam gurb é seo an tús le sraith cainteanna agus tá sé i gceist agam gréasán de dhaoine a bhfuil suim acu san ábhar a chur le chéile chun tuairimí den sórt seo a fhorbairt agus uirlisí a bheadh ar leas an phobail a chumadh," arsa an tUasal Ó Cadhla.

Dar leis go bhfuil tábhacht nach beag leis an léacht a thug De hÍde, céad Uachtarán na hÉireann, ar an 25 Samhain 1892. Mar thoradh ar an léacht sin, bunaíodh Conradh na Gaeilge an bhliain dar gcionn, in 1893, agus ba é an Conradh a bhunaigh an tOireachtas, an fhéile Ghaeilge a thug a hainm do pharlaimint na tíre.

Bernard Dunne

Dar leis go bhfuil traidisiún taibhseach á chur as riocht ag baothbheartais le blianta agus mianach na teanga á scrios le sásamh aigne a thabhairt do 'scoláirí na cumadóireachta'.

Sea, seo lón cainte dhaoibh/dhíbh agus is dóichí go gcloisfear a thuilleadh sáiteán agus cruachaint i dtaobh na faidhbe seo, as a n-eascarann an oiread san feirge agus díomá i bpaistí éagsúla den Mhmhan. Leanfaidh an pota ag fiuchadh [fliuchadh] ar feadh stáir/scaithimh eile dhaoibh/dhíbh a Ghaela cancaracha?

Féile na Cásca

IS ón 31ú lá de Mhárta go dtí an 7ú lá d'Aibreán a bheidh Féile na Cásca i gCorca Dhuibhne i mbliana. Is iad Oidhreacht Chorca Dhuibhne, fochomhlacht de Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne [CFDT] le cabhair ó Ealaín na Gaeltachta, fochomhlacht d'Údarás na Gaeltachta, atá bainteach leis an dtaispeántas a chur ar a chosa. "Cheana féin tá gach áit sa taispeántas curtha in áirithe," arsa stiurthóir na hOidhreachta agus an Taispeántais, Máire Uí Shíthigh, "ach ní hionann san is gur cheart do dhaoine gan a bheith ag caint linn má tá pictiúir, líníocht nó dealbh acu," ar sí.

Seo é an 40ú bliain', agus i mbliana beidh sé ar siúl sa 'Mháimín' ar an mBuailtín. Is i nDún Chaoin a thosaigh sé agus ba í 'Máire na Maitheasa' [Maria Simmons Gooding] a thosaigh é. Bheartaigh sí daoine eile mar Tom Roche a bheith páirteach le go mbeadh sé ina thaispeántas pobail.

Bhí píosaí ealaíne leis an bhfile Mícheál Ó Guithín [Maidhc File, Mac Pheig Sayers] ann leis. 'Tá Maria páirteach sa taispeántas ó shin', arsa Máire Uí Shíthigh. Rud is dócha nach eol do scata ná go bhfuil 188 píosa ealaíne leis an 'bhFile' ag Maria. Dála an scéil, ní rómhór an meas a bhí ag Mícheál ar an ealaín theibí, óir dúirt sé le Gooding, nuair a chuir sí ceist air cad a mheas sé dá cuid ealaíona, "Ta sé sin suimiúil ach ní ealaíon é,". Is fiú a lua go ndúirt Maidhc File, mar a thugadh cuid dá chairde air, an rud céanna leis an bhfile Mícheál Davitt.

"Cad a mheasann tú a Mhaidhc," arsa Davitt leis an bhFile? "Tá sí go maith, ach ní filíocht í," ar sé.

Bhaineadh Davitt an-sólás as an gcaint sin.

Tá nós le tamall ann, agus is dócha gur rud an-mhaith é, an taispeántas a bhogadh timpeall an cheantair.

Tá comórtas fé leith i mbliana ann do dhaoine óga, 'Mo cheantar féin', a láimhseálfar tríd na scoileanna áitiúla. Seo taispeántas seandálaíochta ina mbeidh an seandálaí áitiúil, Isabéal Bennett, ag cabhrú agus ag treorú iarrachtaí i ngach scoil sa cheantar le foireann de chúigear.

Beidh a dó nó trí thuras á dhéanamh ag scoláirí i ngach scoil ar láithreacha suimiúla seandálaíochta ina gceantar féin.

I gcás an taispeántais féin, níor mhór póca teann le cuid de na pictiúir a cheannach, óir bíonn siad go maith agus daite ag ceardaithe aitheanta mar Liam Ó Néill agus Tomás Ó Cíobháin, ach bíonn go leor eile ann atá aitheanta, mar Carol Cronin, Francis Ní Bheoláin agus dealbhadóirí mar Linda Ní hAinifín.

Tagann daoine go dtí an dtaispeántas seo ó áiteanna éagsula ar fuaid na tíre, mar tá a cháil aitheanta . Ag tagairt don bpóca teann, tá ealaín ar iliomad praghas ann ó €100 go dtí na mílte euro ach dá mbeadh radharc géar ag duine agus an mianach ceart ann d'fhéadfadh sé nó sí, an-phictiúir, píosa dealbhadóireachta nó líníochta a aimsiú ná beadh an-daor.

Is minic a deirtear liom ná dtuigeann cuid acu siúd a bhíonn ag tosú, cé chomh maith is a bhíd. Beidh súil in airde againn.

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

11 Phost Glana cruthaithe i dTír Chonaill

Anton Mac Cába

CHRUTHAIGH Údarás na Gaeltachta 11 phost ghlana sa bhreis i nDún na nGall anuraidh. Dúirt Cathaoirleach an Údaráis Anna Ní Ghallchóir, gur cruthaíodh 223 post nua san iomlán ach gur cailleadh 222 i gcliantchomhlachtaí eile de chuid an Údaráis sa tréimhse chéanna.

Tá 1878 post i gcliant-chomhlachtaí an Údaráis i nDún na nGall.

Dúirt urlabhraí thar cheann an Údaráis go raibh siad ag súil go mbeadh méadú ar an líon postanna anuraidh.

"Ceadaíodh tograí anuraidh ina bhfuil sé beartaithe go gcruthófar suas le 60 post breise iontu - bheadh muid ag súil go mbeadh roinnt mhaith díobh san ag teacht ar an bhfód i rith 2013.

Ach níl aon dabht ann gur am agus aeráid dhúshlánach eacnamaíochta atá ann faoi láthair le tabhairt faoi sin," A dúirt an t-urlabhraí.

Raic na Gaeilge ar Chomhairle Mhachaire Fíolta

Anton Mac Cába

TÁ comhairleoirí Aontachtacha éirithe as grúpa oibre ar pholasaí Gaeilge ar Chomhairle Mhachaire Fíolta, Co Doire, mar gur fhoilsigh an Chomhairle Beartas Gaeilge.

Tuigtear go bhfuil conspóid faoi chúig mhír sa Bheartas. Is iad sin:

Soláthrófar foirmeacha i bhformáid dátheangach a mhéid is féidir.

Cuirfear an fhoireann ar fad ar an eolas maidir le Cód Cúirtéise na Gaeilge agus ar an eolas maidir le sonraí teagmhála do bhaill foirne le Gaeilge, sa dóigh is go mbeidh baicle de Ghaeilgeoirí líofa ar fáil le hiarratais ón phobal a láimhseáil:

Cuirfear oiliúint ar an fhoireann ar fad maidir le Cód Cúirtéise na Gaeilge.

Ba chóir go mbeadh fáilteoirí agus teileafónaithe in ann fiosrúcháin i nGaeilge a láimhseáil mar is cuí:

Cinnteoidh an fhoireann riaracháin go bhfuil gach ball foirne in ann feidhm a bhaint as an ordú don síneadh fada Gaeilge (AltGr+guta) ar gach ríomhaire:

Beidh comharthaí lasmuigh agus laistigh dátheangach ar fhoirgnimh, oifigí, feithiclí, comharthaí treoracha laistigh.

Dúirt an Comhairleoir Paul McLean ón DUP nach raibh sé in éadán na Gaeilge, "bíodh is go bhfuil bhonnán stádas céanna aici is atá ag teanga ar bith seachas an Béarla."

"Bhí siad den bharúil go gcothódh siad easaontas, agus go ndéanfadh siad críocha seicteacha a mharcáil amach," ar seisean.

Dúirt sé go ndeachaigh na hAontachtaithe isteach sa ghrúpa oibre in ainneoin imní bheith orthu.

Dar leis an gComhairleoir Seán Mac Giolla Cheara ó Shinn Féin go bhfuil an polasaí ann mar go raibh gá leis.

"Beidh cosaint ag lucht labhartha agus lucht foghlamtha na Gaeilge," ar seisean.

"Measaimid go bhfuil dualgas ar an Chomhairle seirbhísí a chur ar fáil. Ba mhaith linn an Ghaeilge a normalú agus a chur isteach sa ghnáthshaol."

Bhí díomá air go raibh Aontachtaithe ina éadán. "Ní bhíonn cur chun cinn na Gaeilge ag baint de chultúr ar bith eile," ar seisean.

Tá an togra Gaeilge, 'An Carn', i gceantar Mhachaire Fíolta. Tá ceantar sin Thír Chiana ar an aon cheantar taobh amuigh den Ghaeltacht mar a bhfuil níos mó páistí ag fáil oideachais trí Ghaeilge ná trí Bhéarla. Tá dhá Ghaelscoil eile i gceantar na Comhairle. Dar leis an daonáireamh, tá cumas éigean Gaeilge ag 18.5% de phobal an cheantair.

Leabhair Spioradálta le seoladh in Ard Mhacha

Anton Mac Cába

BEIDH an Moinsíneoir Réamonn Ó Muirí ag seoladh trí leabhar de chuid Fhoilseacháin Ábhair Spioradálta i gCathair Ard Mhacha ar an Máirt seo chugainn, an 29 Eanáir, ag 7.30 i.n.

Is i Leabharlann an Chairdinéil Uí Fhiaich a bheidh an seoladh.

Is iad na leabhair ná 'Litreacha San Clara', aistrithe ag an tSiúir Mairéad Ní Fhearáin; An Tiomna Nua agus Leabhar na Salm: agus Machnaimh Shoiscéalacha, le Cothraí Gógan. Chomh maith leo sin, seolfar eagrán an gheimhridh den iris An Timire.

Is é an grúpa Gaeilge Cairde Teo atá ag éascú an tseoladh.

Oileán na gComharthaí Gaeilge

Anton Mac Cába

TÁ comharthaí Gaeilge anois ar an tríú cuid d'iomlán na siopaí in Oileán an Ghuail, Tír Eoghan. Is ionann sin agus an tríú cuid d'iomlán na siopaí ar an mbaile.

Ba é an grúpa áitiúil Gaeilge, Cairde Uí Néill, a d'eascair maoiniú don obair.

Dúirt Oliver Corr, iriseoir ón mbaile, gur rud maith é. "Bhí riamh traidisiún láidir Gaeilge anseo - Conradh na Gaeilge, anois tá Gaelscoil ann," ar seisean.

"Spreag sé daoine chomh maith."

Frustrachas ar phobal tuaithe Dhún na nGall mar gheall ar dhrochbhóithre

Méabh Ní Thuathaláin

TÁ sé ráite ag an urlabhraí pobail, Mícheál Cholm Mac Giolla Easbuig, le Comhairle Contae Dhún na nGall gur cheart go gcuirfí Bóthar an Ghleanna idir Anagaire agus Loch an Iúir agus Bóthar na Croise Báine go Rann na Feirste ar bharr liosta athchóirithe na Comhairle.

"Tiocfaidh an t-am gan mhoill nuair nach mbeidh daoine ábalta taisteal ar na bóithre seo mura ndéantar iad a chóiriú. Tá drochbhail na mbóithre ag costas cuid mhór airgid ar dhaoine, ag cothabháil agus ag cóiriú a gcuid carranna. Léiríonn an graifítí go bhfuil frustrachas ollmhór ar dhaoine," a dúirt mac Giolla Easbuig.

"Tá daoine ag íoc as NCT lena chinntiú go bhfuil a gcuid carranna fóirsteanach don bhóthar ach níl ciall ar bith leis sin mura bhfuil an bóthar fóirsteanach do charranna."

Graifítí scríofa ar bhalla i gceantar tuaithe i nDún na nGall.

Cé gur dearnadh athchoiriú ar chuid den bhóthar céanna cheana féin, tá an obair sin 'curtha amú', dar le Mac Giolla Easbuig, mar gheall ar an drochbhail atá ar phíosaí eile níos faide siar ar an mbóthar. "Tá mé ag iarraidh ar an gComhairle na píosaí bóthair sin a chur ar bharr a liosta cóirithe," ar seisean.

Tá liosta cóirithe na bpríomhbhóthar de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall fógartha ar an suíomh agus tá an liosta á chur le chéile faoi láthair maidir leis na mionbhóithre; ta sin le fógairt taobh istigh de shé seachtainí.

Campas nua oideachais i Muineachán

Gráinne Campion

AG tús mhí Feabhra beidh cúig fhoirgneamh nua ag oscailt in aon champas amháin chun an t-oideachas mar chóras ilúsáideora a chur ar fáil i Muineachán.

Tá beagnach cúig bliana imithe ó chuireadh tús leis na pleananna chun athfhorbairt a dhéanamh ar an Dún Míleata, ar bhóthair Ard Mhaca.

Anois, tá sé mar aidhm acu go mbeidh oideachas bunscoile; meánscoile agus breisoideachais go léir ar aon champas amháin.

Is é an Coiste Gairmoideachais i Muineachán, an chéad údarás oideachais a fuair an cead seo ón Roinn Oideachais agus Scileanna, beagnach trí bliana ó shin, chun an tionscadal mór seo a bhainistiú ar bhonn treoirscéime forbartha.

Beidh cúig fhoirgneamh le n-oscailt ar an gcampas seo. Ina measc beidh Coláiste Oiriall, an meánscoil Ghaeilge agus Gaelscoil Ultain, an bhunscoil Ghaeilge, Beidh an halla spóirt agus an giomnáisiam roinnte idir Institiúid Mhuineacháin agus Coláiste Oiriall.

Tugadh na heochracha ar lámh do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Choiste Gairmoideachais Mhuineacháin: Niall Hadiman-John Sisk & Son(Gabháltais) Ltd; Veronica Feeney- an tOifigeach Foirgnimh; Declen Kelly-Sisk & Son(Gabháltais) Ltd.;Martin G O'Brien - POF Choiste Gairmoideachais Co. Mhuineacháin; Amanda Taylor - Coiste Gairmoideachais Co. Mhuineacháin agus Aisling O'Donnell - Coiste Gairmoideachais Co. Mhuineacháin.

Tá an foirgneamh nua le haghaidh Ghaelscoil Ultain chun 16 rang a chur ar fáil.

Tá méadú suntasach tagtha ar líon na ndaltaí atá ag freastal ar an scoil seo ó osclaíodh í in 1986. Níl an foirgneamh atá acu ar Bhóthar Chluain Eois ag freastal ar an méadú sin agus cuireann siad fáilte mhór roimh an mbogadh seo.

Osclaíodh Coláiste Oiriall in 2004 agus is iad an t-aon mheánscoil sa chontae iad a chuireann oideachas ar fáil go hiomlán trí mheán an Ghaeilge. Tá trí urlár ann a bheidh ag freastal ar 400 mac léinn.

Beidh na mic léinn ábalta leas a bhaint as Amharclann an Gharáiste atá ar an gcampas, áis thaibhsithe atá proifisiúnta fá choinne cleachtadh, taibhsiú agus taispeántas don bhliain ar fad.

Rud iontach eile a bhaineann leis an gcampas seo ná an córas láraithe bithmhais a bheidh ag gearradh siar 40% ar chaiteachas teasa agus fuinnimh.

Cuireann an campas seo cúrsaí éifeachtachta chun cinn trí córas láraithe leictreachais, teicneolaíochta agus cothabhála.

Corás Seoltaí Fhear Manach Galldaithe faoi dheireadh

Anton Mac Cába

'NÍ raibh a leithéidí agus seoltaí i bhFear Manach' go dtí seo, dar le suíomh nuachta BBC an Tuaiscirt ar an Luan. B'shin an lá ar cuireadh córas uimhriúil bóthair i bhfeidhm, mar atá sa chuid eile den Tuaisceart.

Dar leis an BBC: "*Over the years an unofficial rural address system has evolved in Fermanagh which has resulted in many people having difficulty with mail delivery, credit checks and obtaining goods and services such as mobile phones and car hire.*"

Go dtí an Luan seo caite, ba bhaile fearann amháin a bhí mar sheoladh i gcríocha Chomhairle Fhear Manach. Bhí sé ar an aon cheantar Comhairle amháin as na 26 Chomhairle ó Thuaidh ina raibh a leithéid de shocrú.

Dúirt Jack Johnston, ó Iontaobhas Staire Áitiúil Uladh, go bhfuil ainmneacha na mbailte fearainn ann le 700 nó 800 bliain, ar a laghad. "Insíonn ainmneacha bailte fearainn an dubh-rud fán áit," ar seisean. "Níor ceapadh iad. Tháinig siad chun cinn. Ina n-ionad, tá ainm a cheap státseirbhíseach éigean."

Dar leis nach n-úsáidfear ainmneacha bailte fearann go coitianta ó Thuaidh níos mó. Tarlóidh sin i bhFear Manach, agus caillfear cuid luachmhar den oidhreacht.

Roinnt de na traenálaithe a bhí páirteach sa dianchúrsa traenála a reáchtáil Raidió Feirste i Mí Meán Fómhair seo caite.Tá Raidió Fáilte ag eagrú dianchúrsa nua i scileanna raidió agus craoltóireachta i gcomhar leis an Chiste Craoltóireachta Gaeilge. Le cois bunscileanna raidió, beidh na rannpháirtithe ag foghlaim scileanna agallaimh agus cur i láthair, an dóigh le trealamh ardteicniúil taifeadta agus eagarthóireachta Raidió Fáilte a úsáid taobh istigh den stiúideo agus úsáid ghléasanna taifeadta in-iompraithe le hagallaimh, vox-pops agus imeachtaí a thaifead taobh amuigh den stiúideo. Díreofar ar mhodhanna taighde agus scripteanna a scríobh le haghaidh clár raidió, eagarthóireacht agus meascadh fuaime. Gabh i dteagmháil le Dónall Chaoimhín Mac Murchaidh ar 028 90 310013 nó trí donall@raidiofailte.com roimh an 07 Feabhra 2013.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 23 Eanáir, 2013

Ardán: Mí-ionracas na Meán agus Lucht an Ghinmhillte

Dúirt an tOllamh Éamon O'Dwyer, duine de na saineolaithe a bhí ag an Siompóisiam sin: "i rith na gcúig bliana is tríocha agamsa i m'Ollamh le Liacht Ban agus Cnáimhseachas in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh thug mé 9,000 leanbh ar an saol i nGaillimh.

Tá an grianghraf seo ina dtaispeántar leanbh gan bhreith i ngreim méire an dochtúra atá ag déanamh gearradh Caesarach ar a mháthair scaipthe ar fud an idirlín.

Carolyn Nic Eoin

Tá idirdhealú an-soiléir idir ginmhilleadh agus cóir leighis atá riachtanach chun beatha na máthar a shábháil. Tá cuid mhaith de na meáin chumarsáide agus de lucht páirte an ghinmhillte in Éirinn ag meascadh an dá rud lena chéile d'aon ghnó, agus is mór an náire dóibh é.

Tá fianaise ann ó Roinn Sláinte na Breataine a léiríonn nach ndeachaigh an oiread agus bean amháin go Sasana le haghaidh ginmhilleadh lena beatha féin a shábháil ó 1992 go dtí 2010, an bhliain deiridh a bhfuil staitisticí ar fáil ina taobh.

Tá difríocht an-mhór idir deireadh a chur le hiompar clainne, agus deireadh a chur le beatha an linbh gan bhreith d'aon ghnó. Faoi threoirlínte Chomhairle Leighis na hÉireann, tá saoirse ag dochtúirí na hÉireann idirghabháil a dhéanamh chun breith an linbh a luathú le beatha na máthar a shábháil. Uaireanta tagann an leanbhaín slán as deireadh a chur leis an iompar clainne go luath.

Uaireanta eile faigheann sé/sí bás, faraor.

Ach i gcás ginmhillte, is é cuspóir an dochtúra deireadh a chur le beatha an linbh. Uaireanta ní éiríonn leo é sin a dhéanamh, agus déantar an páiste a thagann ar an saol beo a mharú, nó fágtar san fhuacht é/í le bás a fháil. Ní bhíonn aon cheart ar bheatha ag leanbhaín den chineál sin, de réir an dlí i dtíortha ar nós na Breataine.

Is ionann breith agus deireadh a bheith leis an iompar. Is ionann gearradh Caesarach éigeandála agus deireadh a chur leis an iompar. Is ionann an bhreith a luathú agus deireadh a chur leis an iompar, agus buíochas le saineolas na gcnáimhseoirí agus na lianna nua-naíochta, tagann go leor de na leanaí anabaí slán as deireadh a chur leis an iompar.

Cad chuige 'ginmhilleadh' a bheith á thabhairt air sin, mar sin? Ar ndóigh, ní ginmhilleadh é, ach tá go leor de na meáin chumarsáide ag iarraidh a mhalairt a chur ina luí orainn.

Faoi mar a dúirt Máistir Ospidéal Máithreachais an Rotunda, an Dr Sam Coulter-Smith, le linn na n-éisteachtaí os comhair an Choiste Sláinte agus Leanaí ag an Oireachtas cúpla seachtain ó shin, 'Ní bhíonn sé i gceist againn an leanbh a mharú riamh. Uaireanta bíonn sé riachtanach an leanbh a thabhairt ar an saol go luath nuair nach féidir leis an leanbh maireachtáil taobh amuigh den bhroinn.

Nuair a bhíonn aon seans go bhféadfaimis beatha an linbh a shábháil, déanaimid ár seacht ndícheall é sin a dhéanamh. Is féidir linn é seo a dhéanamh an-luath sa tréimhse iompair, ón tríú seachtain is fiche ar aghaidh, agus sna cásanna sin, bíodh a fhios ag na Comhaltaí go ndéanaimid ar ndícheall beatha an linbh a shábháil.'

In ainneoin an eolais seo uilig, tá ceannlínte mar seo foilsithe ag nuachtáin ar nós an The *'Irish Daily Mail' 'An abortion a fortnight to save lives'*, nuair is éard a bhíonn i gceist cóir leighis riachtanach chun beatha na máthar a shábháil, agus go ndéantar gach iarracht beatha an linbh a shábháil chomh maith.

Dúirt an Dr Coulter-Smith go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach ó thaobh síceolaíochta don bhean atá ag dul faoin gcóir leighis sin, nach 'ginmhilleadh' a thugtar uirthi, ach 'deireadh a chur leis an iompar'.

Caithfidh go ngoilleann sé go mór ar mhná a chaill leanbh ar an gcaoi sin a bheith ag léamh ceannlínte mar sin, ina dtugtar 'ginmhilleadh' ar an gcóir leighis riachtanach sin; is ionann 'ginmhilleadh' ag an saol mór agus an leanbh sa bhroinn a mharú d'aon gnhnó.

Thug Roinn Sláinte na Breataine le fios le déanaí nár dearnadh an oiread agus ginmhilleadh amháin ar bhean ar bith ó Éirinn sa Bhreatain faoi chatagóir F den *Abortion Act*, 1967, ó 1992 go 2010, an bhliain deiridh a bhfuil staitisticí ina taobh.

Seo catagóir a chuimsíonn baol báis don bhean (is ginmhilleadh a dhéantar ar an leanbh sa Bhreatain sna cásanna sin, agus ní dhéantar aon iarracht beatha an linbh a shábháil).

Thairis sin níor dearnadh an oiread agus ginmhilleadh amháin ar bhean ar bith as Éirinn faoi chatagóir G, an catagóir arbh é an chúis leis an nginmhilleadh ann 'a theacht roimh ghortú tromchúiseach ar shláinte mheabhrach nó fhisiceach na máthar'.

Is é an chúis nár dearnadh ginmhilleadh faoin gcatagóir seo ar leanbh ar bith ó Éirinn, go gcuirtear an chóir leighis atá riachtanach don mháthair ar fáil in Éirinn féin.

De réir ráitis ón Siompóisiam Idirnáisiúnta ar Shláinte na Máthar a bhí in Óstaí an Rí i mBaile Átha Cliath, ar an 8 Meán Fómhair, ní bhíonn gá RIAMH le ginmhilleadh chun beatha na máthar a shábháil.

Dúirt an tOllamh Éamon O'Dwyer, duine de na saineolaithe a bhí ag an Siompóisiam sin: "i rith na gcúig bliana is tríocha agamsa i m'Ollamh le Liacht Ban agus Cnáimhseachas in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh thug mé 9,000 leanbh ar an saol i nGaillimh.

Ón taithí atá agamsa ar an scéal, creidim go bhfuilim i dteideal a rá nach mbíonn aon chás riamh ann nach féidir beatha na máthar a shábháil ach amháin tríd an leanbh gan bhreith a mharú d'aon ghnó.

De réir na Náisiún Aontaithe, tá Éire ar cheann de na tíortha is sábháilte ar domhan chun leanbh a shaolú inti. Tá a chuma ar an scéal go bhfuil dlúthbhaint aige sin leis an gcosc atá ar ghinmhilleadh in Éirinn. Nuair a chuir an tSile cosc leis an nginmhilleadh, agus tháinig laghdú ar ráta mortlaíochta na máithreacha sa tír sin ina dhiaidh sin.

Thairis sin ar fad, níl aon fhianaise ann go laghdaíonn ginmhilleadh an baol féinmharaithe. Is é a mhalairt a tharlaíonn i gcásanna go leor. Is é sin, go mbíonn baol an-láidir ann go gcuirfidh bean lámh ina bás féin tar éis ginmhilleadh a bheith déanta ar a leanbh. Is comhairleoir síciatrachta í an an tOllamh Patricia Casey, agus thug sise an méid sin le fios do Choiste Sláinte agus Leanaí an Oireachtais cúpla seachtain ó shin.

Dhearbhaigh sí freisin nach bhfuil aon fhianaise eolaíoch ann le tacú le reachtaíocht a bheadh bunaithe ar Chás 'X'. Dúirt an tOllamh Casey go bhfuil cóir leighis chuí ag teastáil ó bhean atá ag iompar, agus atá ag cuimhneamh ar í féin a mharú, agus nach aon leigheas é an ginmhilleadh ar an gcathú sin.

De réir an Ollaimh, níl fianaise ar bith ann go gcuirfeadh ginmhilleadh feabhas ar shláinte mheabhrach na mná, ach a mhalairt.

Ach an fhianaise sin go léir a bhreithniú, is léir nach bhfuil aon bhean in Éirinn ag fáil bháis toisc go bhfuil an chóir leighis riachtanach á ceilt uirthi anseo in Éirinn, nó nach bhfuil ginmhilleadh ar fáil aici.

Is í an fhírinne go bhfuil mná na hÉireann sábháilte in Éirinn agus iad ag iompar clainne anseo. Is fírinne í seo atá ag cruthú go leor trioblóide do lucht páirte an ghinmhillte.

Is ball den Life Institute í Carolyn Nic Eoin, agus tá cáilíochtaí bainte amach aici mar altra síciatracht agus leanaí.

An té a bhíonn breoite, ní bhíonn feoil air

Páidí Ó Lionáird ar chonspóid na feola chapall

"Shergar Burger With Cheese". Ní raibh aon mhoill ar an ngeallghlacadóir Paddy Power dul i mbun bolscaireachta tar éis na conspóide a bhain le feoil na gcapall a bheith faighte i mburgair a bhí ar díol in Éirinn [PIC : SAM BOAL/PHOTOCALL IRELAND]

Níl aon rud a thugann níos mó sásaimh dom ná margadh maith. Is cuma liom cá mbím, cén sórt idirbheartaíochta a bhíonn á ndéanamh, is breá liom gach iarracht a dhéanamh a theacht as an margadh le cibé earra a bhíonn á cheannach agam - gan an praghas a iarrtar a íoc.

Ní hé nach maith liom mo chuid lipéad, is maith - ach le lacáiste.

Sprionlaithe? Daingean? Teann? Mise? Ní dóigh liom gurb shin a thiomáineann mo mhian ach gur mar sion a tógadh mé - má tá margadh níos fearr le fáil, faigh é agus mura n-úsáidfidh tú é, ná bíodh sé agat.

Bhíodh sé sin fíor ag an mbord béilte sa bhaile i gcónaí - mura n-íosfaidh tú é, ná cuir ar do phláta é ach má tá sé ar do phláta, ná fág id' dhiaidh é.

Tá sé sin fós lárnach sa sícé agam ó shin. Sin an fáth go gcuireann scéal mór beatha na seachtaine seo chaite an oiread sin as dom - scéal na mburgar a raibh meascán mairteola agus feola capaill iontu.

Murar le teann gearráin ón bpobal, agus is léir nárbh ea, a tugadh lorg na gcapall faoi ndeara iontu, cén dochar?

Cinnte, tá fadhb ann a bheith ag fógairt rud amháin ar an bpacáistíocht - liosta na gcomhábhar agus mar sin de - agus a bheith ag cur an dallamullóg ar an tomhaltóir.

Ach ag deireadh an lae, cén difríocht atá idir mairteoil agus feoil chapaill? Ó thaobh cothaithe de, deir taighde go bhfuil an caighdeán céanna próitéine san fheoil chapaill agus atá sa mhairteoil ach go bhfuil níos lú saille inti. Mar sin tá an fheoil chapaill níos sláintiúla don duine.

Sa Fhrainc ba thúisce a chuireas aithne ar fheoil chapaill.

Is cuma cén búistéir nó ollmhargadh ag a rachaidh tú, gheobhair feoil chapaill mar rogha ann. Tá sé ite agam i gcúpla mias - mar bhurgar, gur féidir leat a fháil sa Fhrainc agus an fhuil ag sileadh as agus é fíorbhlasta; mar fhilléad a bhí righin go maith ach is fearr liomsa í mar phríomh-chomhábhar i strúisín (*stew*) agus í an-oiriúnach chuige sin toisc an t-achar ama a thógann sé í a chócaráil.

Níl locht dá laghad ar an bhfeoil sin, ach tá locht ar an tslí inar déileáileadh leis an scéal.

Cén ghéarchéim a bhí leis an scéal sin? Mar atá ráite ag na húdaráis, níl aon chontúirt d'éinne sa táirge.

Más aon ní é, leis an laghad saille atá san fheoil chapaill, chaithfeadh sí bheith níos sláintiúla ná a mhalairt. Ach an cinneadh a glacadh ná níos mó ná deich milliún burgar a scrios? Peaca gan aon agó.

Tá na céadta mílte teaghlach sa tír atá go mór ar an ngannchuid. Nílim ag caint faoi dhaoine 'bochta'. Táim ag caint faoi na mílte teaghlach atá ag streachailt leis an saol agus le fiachas de bharr an chreimthe atá déanta ag an rialtas seo ar a gcuid ioncam.

Ach ag deireadh an lae, cén difríocht atá idir mairteoil agus feoil chapaill? Ó thaobh cothaithe de, deir taighde go bhfuil an caighdeán céanna próitéine san fheoil chapaill agus atá sa mhairteoil ach go bhfuil níos lú saille inti. Mar sin tá an fheoil chapaill níos sláintiúla don duine.

De réir tuairisce ó Chumann Naomh Uinseann de Pól, tá teaghlaigh nach bhfuil in acmhainn a gcuid billí ar fad a íoc ag deireadh na míosa. Nach bhfáilteodh siad san roimh an deis na burgair sin a cheannach ar leathphraghas nó níos lú? Geallaim duit go bhfáilteodh. Mar a deirim, ní dhearna siad san aon ghearán faoina mblas.

Léiríonn dearcadh an ollmhargaidh Tesco an easpa measa atá acu ar an tomhaltóir, go háirithe in Éireann. Ní maith leo aon smál a bheith ar a n-íomhá. Ní maith leo táirgí a dhíol ar lacáiste ach an oiread, is léir. Ní haon ionadh go mbronnann siad "Golden Isle" ar Éirinn le teann brabúis óna gcuid siopaí anseo.

In áit comhartha dea-thola a thabhairt do thomhaltóirí, chaith an t-ollmhargadh sin na céadta míle euro ar fhógraí lánleathanaigh sna nuachtáin ag gabháil leithscéil. Leithscéalta follasacha, dar liom, agus leithscéalta nach gcuirfidh burgair ar phlátaí na mílte.

Tá ceist amháin eile, áfach, ag eascairt as an scéal seo agus baineann sé sin leis an mBarún Mart, Larry Goodman. Is le Goodman ceann de na comhlachtaí próiseála feola is mó san Eoraip, ABP, a ainmníodh i dteannta dhá fhochomhlacht dá chuid mar cheann de phríomh-sholáthróirí na mburgar úd.

Ní haon strainséar é Larry Goodman don chonspóid. Seo fear a bhí ag barr an dréimire mairteola i bhfad siar ach gur rugadh air nuair a chinn Saddam Hussein ionradh a dhéanamh ar an gCuáit in 1990. Bhí luach $170m de mhairteoil nár íoc Hussein leis de bharr na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm in aghaidh na hIaráice.

B'shin a chuir tús leis an mBínse Fiosraithe Mairteola ach seachas sin ar fad, rinne rialtas na hÉireann, faoi Thaoiseacht Albert Reynolds, gar fíormhór do Goodman nuair a bhronn sé banna árachais easpórtála ar Goodman d'iomlán luach na mart a bhí amuigh aige.

Nach ait mar a thagann na seanscéalta agus na sean-phearsaí ar ais chun tosaigh arís agus aríst eile? Agus é ráite go bhfuil trí ceathrú billiún euro curtha i dtaisce aige, ní dóigh liom go mbeidh Goodman róbhuartha ar chúis éigin.

Ag deireadh an lae, dá mbeadh rogha ag an tomhaltóir na burgair úd a cheannach, an mbeinnse sa scuaine? Dá mbeadh luach maith le fáil, bí deimhin de go mbeinn!

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 23 Eanáir, 2013

Cara na Cosmhuintire ar shlí na fírinne

Eoghan Ó Néill ar oidhreacht Inez McCormick

B'fhurasta an colún seo a líonadh gach seachtain le hómós do na daoine iontacha atá díreach imithe uainn. An tseachtain seo féin, fuarthas an scéal go bhfuil Micí Ó Flatharta as an Cheathrú Rua ar shlí na Fírinne. Go ndéana Dia grásta ar a anam.

Agus an tseachtain seo caite chailleamar Caitlín Ní hAnluain, bean uasal a rinne a sciar ar son na teanga i mBéal Feirste feadh a saoil. Ar dheis Dé go raibh sí.

Monuar, faoi mar a deirim, bheadh colún tuillte ag gach duine acu sin agus ag a macasamhail a imíonn uainn ar bhonn rialta.

B'fhéidir nár mhiste do Ghaelscéal colún na marbh a thosú agus taifead a dhéanamh ar imeacht na ndaoine seo nó is mairg go dtéann an oiread sin Gaeil mhaithe uainn gan taifead gan iomrá.

Ach an tseachtain seo ba mhaith liom tagairt shonrach a dhéanamh do Inez McCormack , ceardchumannaí as Béal Feirste, a cailleadh Dé Luain.

Bhí beagán aithne agam ar Inez. Ach ní sin an chúis leis an alt seo. Go díreach is fiú go mór aird a tharraigt uirthi ag an am seo go háirithe cion is go bhfuil an oiread sin íomhánna diúltacha den phobal Protastúnach sa Tuaisceart le tamall anuas.

Agus is amhlaidh go meabhraím an bhean uasal seo, ar ón bpobal sin í, go gcaithfimid cuimhneamh i gcónaí go bhfuil éagsúlacht iontach tuairimí agus meoin aghus cúlra agus tallainne agus daoine sa phobal sin, faoi mar atá in achan pobal. Agus ba dhuine ar leith acu sin í Inez McCormack.

Saolaíodh isteach i gclann dílis Protastúnach í. B'fhurasta aici glacadh leis an dearcadh a bhí forleathan ag an am, gur namhad di agus dá muintir ab ea Caitlicigh agus náisiúnaigh na Sé Chontae.

Seachas glacadh leis an dearcadh sin, shocraigh sise gurb é an leatrom an namhaid ba mhó a bhí ag an phobal s'aici. Agus ag gach pobal eile.

Chuir sí roimpi cur i gcoinne na leatroime, cibé áit ar aimsigh sí é, cibé dream a bhí ina bhun, cibé praghas a bhí le n-íoc aici féin as cur ina choinne.

Nuair a thosaigh an Ghluaiseacht Cearta Sibhialta in 1968, bhí Inez ann ag máirseáil agus ag agóid ar son chothrom na Féinne do gach duine. Bhí sí ar an mórshiúl clúiteach go Bun Tolaide agus fuair sí batráil as tacú le lucht cearta sibhialta. Ach seachas í a smachtú, chuir an bhatráil sin lena tiomantas don troid i gcoinne na leatroime.

Nuair a bhí drochlaethanta na dTrioblóidí ann, lean sí léi ag cur ní amháin i gcoinne an tseicteachais ach ar son cearta an phobail ar fad agus go háirithe ar son chearta na n-oibrithe sin a bhí ar phá íseal; Dream a bhí dearmadta nach mór agus an cogadh ag dul ar aghaidh.

Sheas sí lena chois leo sin a bhí ag iarraidh go leagfaí Arasáin Dhuibhise agus le fiche cúis eile a bhain le bisiú shaol na cosmhuintire.

Chuir sí roimpi cur i gcoinne na leatroime, cibé áit ar aimsigh sí é, cibé dream a bhí ina bhun, cibé praghas a bhí le n-íoc aici féin as cur ina choinne. Nuair a thosaigh an Ghluaiseacht Cearta Sibhialta in 1968, bhí Inez ann ag máirseáil agus ag agóid ar son chothrom na Féinne do gach duine.

Nuair a bhain rialtas na Breataine an deontas de Ghlór na nGael Iarthar Bhéal Feirste agus thug le fios go raibh 'smál' ar an eagras, sheas Inez Mc Cormack gualainn ar ghualainn leo.

Nuair a seoladh Prionsabail Mhic Giolla Bhríde, gan mórán d'fháilte rompu ó rialtas na 26 Chontae agus le dearg naimhdeas ó rialtas na Breataine, bhí Inez McCormack ar na daoine ba mhó a bhí á mbrú.

An t-am a rabhthas ag iarraidh Sinn Féin, nó an PUP nó Comhghuaillíocht na mBan nó grúpaí eile a fháil isteach i gcóras polaitiúil a bhí naimhdeach dóibh, bhí Inez sásta a cuid a dhéanamh chun cuidiú leo.

Nuair a bhí Comhaontú Aoine an Chéasta á beartú d'fhág lámh cuidithe s'aici agus an chomhairle a thug sí, a rian ar na comhchainteanna.

Agus nuair a bhí cearta na mban faoi chaibidil bhí Inez McCormack ann, ag cur go láidir agus ar bhealach éifeachtach ar a son.

Ba é comhionannas agus cothrom na Féinne a spreag Inez McCormack. Sin agus an naimhdeas don éagóir, rud a thiomáin í ó bhí sí ina déagóir go lá a báis.

Inez McCormack, nach maireann [PIC : JOE DUNNE/PHOTOCALL IRELAND]

Agus i rith an ama a raibh sí ag déanamh a coda ar son shochaí nua a thógáil bhí sí ag tógáil clainne lena fear, Vincent, agus lena hiníon Anne. Bean í a rinne éachtaí gan amhras.

Ach bheadh Inez McCormack ar an gcéad duine a d'aithneodh go bhfuil na mílte mílte daoine ag déanamh gaisce inchurtha leis an ngaisce is fearr a rinne sise lena linn.

Gnáthdhaoine a caitheann a saol ag tógáil clainne, ag cur lena bpobal, ag cur le saol na ndaoine sin a bhíonn thart timpeall uirthi, ag athrú agus ag bisiú aguss ag saibhriú an tsochaí agus iad gan iomrá ná gradam as a dhéanamh. B'shin na laochra s'aicise.

Is fiú sonrú a chur i mbás Inez McCormack. Bean uasal a chaith a saol ag cur i gcoinne na héagóra. Is maith an teistiméireacht é sin d'aon duine againn.

Ní faoin Stát a bheith ina ghníomhaireacht fostaíochta – is ceist í don duine aonair

Rory McIlroy : Cé a ba chóir a bheith freagrach as réalta spóirt nua a chruthú - iad féin nó an stát? [PIC : MATT BROWNE / SPORTSFILE]

Conall Ó Móráin

Tá Cumann Peile na hÉireann (an FAI) ar tí cúrsaí a reáchtáil ar fud na tíre, saor in aisce, chun cabhrú le himreoirí sacair na tíre a n-áit d'fháil ar fhoireann sacair Manchester United.

De réir tuairiscí, tá seans ann go mbeidh céimithe na gcúrsaí seo in ann suas le €100,000 in aghaidh na seachtaine a thuilleamh. De bharr na tóra atá ar na cúrsaí seo cheana féin, agus gan iad fiú lainseáilte, cloistear go bhfuil an CLG, Cumann Rugbaí na hÉireann agus fiú Aontas Gailf na hÉireann ag smaoineamh ar chúrsaí aithrise don sórt céanna a rith.

Cé nach fios go díreach cén buntáiste airgid a gheobhaidh imreoirí CLG as an scéim (míleáiste b'fhéidir?!), mar atá sé molta is léir go mbeidh roinnt daoine in ann suas le €200 milliún a bhaint amach mar urraíocht sa ghalf tar éis don Ultach Rory McIlroy an méid sin d'fháil, seachtain ó shin, ó chuideachta Nike.

Deir daoine, más féidir le McIlroy an méid sin d'fháil caithfidh go bhfuil an méid sin airgid ar fáil do chách. Ach dár leo siúd gur mhaith leo an traenáil cuí d'fháil, tá oibleagáidí ar an Stát a chinntiú go bhfuil an traenáil maith go leor chun a n-áit le Man U a chinntiú.

Sea, tá 'fhios agam go bhfuil 'fhios agaibh go bhfuil mé ag magadh mar tá 'fhios againn ar fad nach bhfuil seans go dtarlódh a leithéid. Cén fáth go dtarlódh? Má theastaíonn ó dhuine rugbaí d'imirt d'fhoireann na tíre nó na milliún euro a thuilleamh ag imirt galf, is iad féin a chaithfidh an traenáil a dhéanamh.

Is féidir cúrsaí a dhéanamh ach is é allas an duine aonair an t-aon bhealach chun na scileanna atá ag teastáil d'fhoghlaim. Roghnaíonn duine an t-allas sin a shileadh. Ní chloisfeá clár raidió ag ceistiú cén fáth nach bhfuil an rialtas ag cur cúrsaí ar fáil do dhaoine ionas go mbeadh siad in ann galf nó sacar d'imirt?

Aontaíonn formhór againn go mbeadh an dá shúil againn ag teacht amach as ár gcinn á cloisfeadh muid a leithéid mar nach mbeadh aon chiall leis.

Cén fáth, dá bhrí sin, go gceapann ar a laghad iriseoir amháin in RTE go bhfuil ciall leis an gceist chéanna a chur sé ar bhainisteoir stiúrtha an comhlacht comhairleachta Accenture, Mark Ryan, ar Morning Ireland an Luan seo caite?

Ní ainmneoidh mé fear RTE ach is féidir éisteacht siar leis ar shuíomh idirlín Morning Ireland. San agallamh, chuir an t-iriseoir an cheist, agus tá mé ag déanamh parafrásáil air, ná cé air a bhfuil an lucht nach bhfuil dóthain duine leis na scileanna teicneolaíocht faisnéise (TF) acu – na coláistí oiliúna nó lucht gnó – chun na folúntais ar fad atá, gan cheist, san earnáil sin a líonadh?

Is saghas suaitheadh sóisialach é, ré atá fad-chaite, an saghas sin tuairimíochta – gur chóir go mbeadh ladar an Stáit sáite i ngach gné dár saoil. Tá sé chomh simplí leis sin.

Tá iliomad rudaí mícheart le geilleagar na tíre. Bíonn deacrachtaí i gcónaí le dian-iarrachtaí daonna agus beidh ariamh arís. Fásfaidh an geilleagar róthapa, imeoidh rátaí úis in airde róghéar, beidh an iomarca béime á chur ar earnáil amháin in áit earnáil eile.

Faoi láthair, tá 14% don fhórsa oibre díomhaoin agus tá easpa creidmheasa ag loit gnóthaí. Seo iad na constaicí móra faoi láthair. Ceann de na cinn bheaga ná go bhfuil folúntais, suas le dhá mhíle post a áirítear, sa ghnó TF – ach poist iad ina bhfuil scileanna sonracha ag teastáil.

I bhfocail eile, más féidir leat ríomhaire a chur ag dul – agus gur sin tús agus deireadh do chuid eolais faoi TF – ní dóigh go mbeadh mórán seans agat ceann de folúntais thuasluaite a líonadh.

Ach ag teacht ar ais go dtí iriseoir RTE - oibrí do chuid chraoltóir an Stáit é agus is amhlaidh go bhfuil meon Státach aige – is é an Stát a chuireann gach rud ar fáil, dár leis an meon intinne sin – an tuairimíocht chéanna nár chruthaigh post táirgiúil riamh.

Is saghas suaitheadh sóisialach é, ré atá fad-chaite, an saghas sin tuairimíochta – gur chóir go mbeadh ladar an Stáit sáite i ngach gné dár saoil. Tá sé chomh simplí leis sin.

Dúirt fear Accenture nach raibh aon chúlú sa ghnó TF. Tá fhios againn freisin go bhfuil eagraíocht Fiontraíocht Éireann ag cuardach daoine trasna na hEorpa – sa Spáinn agus sa Pholainn go mór mór, ag lorg daoine leis na scileanna TF cuí. Tá na folúntais ann agus tá siad ann faoi láthair.

An rud nach bhfuil ann ná, i measc na gcéadta míle duine gan post sa tír, agus i measc na ndeicheanna de mhílte daoine eile atá imithe ar imirce, ná daoine go bhfuil an fonn orthu féin na scileanna cuí sin d'fhoghlaim.

Ní faoin Stát an mhéid sin a dhéanamh. Má tá muid ag cur oiliúna ar altraí nach féidir leo poist d'fháil nó atá ag gearán faoin leibhéil pá nua atá le glacadh acu – céimithe iad uilig. Cén fáth nach bhfuil daoine óga, agus iad siúd nach bhfuil chomh hóg, sásta atraenáil a ghlacadh?

Mar a thuigim an scéal, ó thús, is féidir leis an sórt innealtóra TF atá ag teastáil sa tír dhá oiread an tuarastal atá ag altra a bhaint amach agus méadú cinnte sa tuarastal sin amach anseo. Mura bhfuil dóthain airgid i gceird amháin do dhuine caithfidh siad smaoineamh ar cheird eile a d'fhéadfadh siad déanamh. Tá folúntais in TF; beidh folúntais in TF agus, mí-chosúil le ceird an gabha duibh, beidh tóir ar TF ar feadh tamaill maith eile.

Ní faoin Stát ná faoi na gnóthaí (mura roghnaíonn siad féin é a dhéanamh chun a rogha oibrithe d'fháil) an traenáil a chur ar fáil, is faoin duine féin an stró a chur orthu féin é a dhéanamh. Má dhéanann tú gúgláil tapa ar an ríomhaire is féidir a fheiscint go bhfuil cúrsa i ndiaidh cúrsa atraenála ar fáil, saor in aisce go minic, chun dul le gairm bheatha in TF.

Ach an cúrsa ba bhreá liomsa a rith ná cúrsa a thabharfadh míniú d'iriseoir sin RTÉ faoin Státachas – agus an ról ceart go mba chóir a bheith ag an Stát inár saol – is é sin a bheith ag deimhniú shlándáil na saoránach, ag cinntiú go gcloítear le rialacha na Dála agus a bheith ag rialú cúrsaí geilleagair. Ní faoin Stát a bheith ina ghníomhaireacht fostaíochta.

Má tá duine ag iarraidh dul ag imirt sacair le Manchester United nó ag imirt galf le Rory McIlroy, go n-éirí leo, ach déanfaidís féin é, dóibh féin.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 23 Eanáir, 2013

Obair agus 'frith-obair' ar bun ag Sinn Féin

Uachtarán Shinn Féin idir a bheirt leifteanant Dála, Pearse Doherty TD agus agus leasuachtarán an pháirtí, Mary-Lou McDonald TD. [PIC : PHOTOCALL]

Focail le Gaoth

Le Concubhar Ó Liatháin

NÍOR theastaigh uaim scríobh don tríú seachtain as a chéile faoi ghnó an Tuaiscirt - ach ní fheictear dom go bhfuil aon rogha agam.

Fiú is go bhfuil aighneas ar bun go fóill faoi na bratacha, aighneas nach bhfuil imithe i bhfuaire fiú leis an sneachta, tá Sinn Féin ag ardú a nglór ar son 'Éire Aontaithe'.

Anois, táimse ar son deireadh leis an gcríochdheighilt agus athaontú na tíre. Chaith mé fada mo dhóthain i mo chónaí ó Thuaidh le go dtuigfinn an frustrachas agus an díomá atá mar scamall ag crochadh os cionn an phobal Éireannaigh ó thuaidh agus mhothaíos féin an scáth agus mé ina measc.

An rud is measa is féidir le páirtí ar bith a dhéanamh ná dóchas a thabhairt nuair nach bhfuil dóchas ann i bhfírinne. An bhfuil dóchas i ndáiríre ag Sinn Féin gur féidir Éire Aontaithe a bhaint amach?

Ina alt san 'Irish Times' an tseachtain seo caite, thagair Gerry Adams do thorthaí dhaonáirimh agus shuirbhé an NILT. Dá réir sin, tá 46% den phobal ó Thuaidh a deir gur Éireannaigh nó gur Tuaisceartóirí iad agus 48% a áiríonn iad féin ina mBriotanaigh.

Chomh fada agus a bhaineann sé le Gerry Adams, ciallaíonn seo go bhfuil polaitíocht an Tuaiscirt ag athrú....agus aontaím leis. Ní mar a chéile an stat ó Thuaidh anois agus an stát a bhí ann, mar shampla, cúig bliana deag ó shin nuair a síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta.

Níl léamh amháin ar na figiúirí sin agus tá go leor ann a chreideann go léiríonn na suirbhéanna seo gur ann d'ionannas nua ó Thuaidh, an t-ionannas atá ar nós cuma liom faoin Éireannachas, Briotanachas agus Tuairsceartachas, agus go bhfuil an t-ionannas sin ag fás.

Dream iad seo atá bréan de na cogaí suaracha a bhíonn ann go rialta faoi shiombalacha agus faoi bhratacha. "Bog ar aghaidh," deir siad.

Sa Chomhaontú sin deirtear gur féidir le Státrúnaí an Tuaiscirt reifreann a ghairm ar cheist na teorann má bhíonn sí den bharúil go mbeidh athrú stádáis ón mhóramh Más vóta 'tá' a bheidh ann, maith go leor, ach más vóta 'níl' an toradh, ní féidir an reifreann a ghairm arís go ceann seacht mbliana.

An rud a fhágtar amach as an gceist sin, áfach, cé acu an mbeadh vóta ó Dheas nó sa Bhreatain ag an am céanna? Tá barúil láidir ann gur mhaith le pobal na Breataine an ceangal leis an Tuaisceart a chur ar cheal agus, ar ndóigh, tá ceist an Aontais féin in amhras mar gheall ar an bplean go mbeadh reifreann in Albain in 2014.

Ach níl an chinnteacht chéanna ann faoin Deisceart. Cinnte, tá go leor ann ar mhaith leo athaontú na tíre - nó sin a mhaíonn siad ag suí cois cuntair sa teach tábhairne. Thairis sin, ní fios cad a dhéanfaidís chun lá an athaontaithe a bhrostú. Is cinnte gurb iad Sinn Féin an t-aon pháirtí atá ag obair ar an gceist seo - an t-aon rud amháin go bhfuil an chuma ar an scéal go mbíonn obair agus frith-obair ar bun acu.

Ar lámh amháin, ag cur na ceiste móire i mbéal an phobail - ar an lámh eile ag priocadh Aontachtaithe a bhfuil fonn orthu go ndéanfaí priocadh orthu chun círéibe faoi ghiobail dhaite, is cuma céard iad na dathanna a bhíonn i gceist.

An bhfuil aon duine i SF a thuigeann gur féidir gur eochair é ar an nglas seo a léiriú d'Aontachtaithe nach mbeidh an t-ionannas acu faoi bhagairt uainne in Éire Aontaithe. Murar féidir linn é sin a dhéanamh, agus fiú má bhuaitear an vóta, nílimid ach ag cinntiú go mbeidh 'Trioblóidí' buan ar an oileán seo.

An fhaid is gur ceist í atá ar chlár oibre SF amháin agus nach bhfuil aon pháirtí eile páirteach sa phlé, tá an teorainn socair. Má theastaíonn ó SF an phlé a leathnú thar a lucht tacaíochta féin, bhuel beidh orthu a theacht chun tosaigh le straitéis éagsúil ón straitéis atá acu.

Tá daoine ann a deir gurb iad Sinn Féin féin an chonstaic is mó sa phróiseas i dtreo Éire Aontaithe.

Fiú is go bhfuilim fuar i leith an pháirtí sin anois, ní mhaslóidh mé iad le caint dá leithéid. Tar éis dom mo mhachnamh a dhéanamh ar an ábhar, creidim gur maith an rud é go bhfuil an cheist á cur ag páirtí éigean. Is é m'imní nach mbeidh freagra ann go róluath.

Idir an dá linn, bead ag baint taithnimh as na cláracha grinne atá fillte chugainn ar an dteilifís, Crisis Eile ar TG4, agus *Yes Prime Minister* ar Gold Shasana. Léiriú, b'fhéidir ar an mbealach atá srutháin ag sní isteach i mhór abhainn ionannais na tíre seo!

SÚIL SIAR na Seachtaine

Sean-Phádraic agus a Chlann

Donncha Ó hÉallaithe

TRÍOCHA bliain ó shin foilsíodh alt, scríofa ag Nollaig Ó Gadhra (1943 - 2008), sa nuachtán seachtainiúil INNIU faoi shaol an scríbhneora, Pádraic Ó Conaire (1882 - 1928).

Bhí an t-alt bunaithe ar agallamh leis an iníon ba shine le Sean-Phádraic, Eileen Corr, don páipéar Éireannach i Sasana, *'The Irish Post'*.

Thréig Ó Conaire a bhean agus a thriúr clainne in 1914 le filleadh ar Éirinn. D'fhág sé iad ar an ngannchuid i Londain agus ní fhaca sé aon duine acu go ceann deich mbliana ina dhiaidh sin. Faoin am sin, bhí sé imithe ar an drabhlás agus faoi ghreim ag an ól.

Nuair a bhíodar fásta suas thagadh a bheirt iníon, ar cuairt aige, anois is aríst. Duine acu, Eileen, a thug an t-agallamh don Irish Post. Bhí sí ina cónaí i nDroichead Átha sa bhliain 1928 nuair a fuair sí litir uaidh a thug le fios go raibh sé ag dul isteach san ospidéal. Roinnt laethanta ina dhiaidh sin léigh sí sna nuachtáin go raibh an mórscríbhneoir Gaeilge, Pádraic Ó Conaire tar éis bháis.

Tuairiscítear san alt gur thug Eileen Corr le fios don Irish Post, nach bhfuair an chlann a thréig Pádraic Ó Conaire i Londain aon cheo riamh ó dhleachta na leabhar a scríobh sé!

INNIU, 12 Eanáir, 1973

Sliocht Uí Chonaire beo i Sasana

Tuairisc Speisialta le Nollaig Ó Gadhra

'Ceann de bearnaí móra i scéal Phádraig Uí Chonaire nár líonadh i gceart anuraidh, nuair a bhí an fear á chomóradh, ná scéal a shaoil phríobháidigh nó scéal a chlainne. ...

Sna leabhair a bhí ar fáil do dtí seo sna scoileanna, srl., glacadh leis tríd is tríd , go raibh bean ag Pádraic Ó Conaire i Londain, go raibh clann éigin air, agus gur scar sé lena bhean nuair a d'fhill sé ar Éirinn i dtús an Chéad Chogaidh Mhóir.

Cé gur tuigeadh do dhaoine nach raibh siad ar ais le chéile mar theaghlach arís ina dhiaidh sin, níor léir ar fad cad é an cineál socraithe a bhí idir Pádraic agus a bhean ón uair sin amach. ...

An iníon is sine a bhí ag Pádraic Ó Conaire agus a bhean, Mrs. Eileen Corr is ainm di. Baintreach 77 mbliana d'aois atá inti agus tá sí beo, beathach i dtuaisceart chathair Londain i gcónaí. De réir an agallaimh úd [a thug sí don Irish Post] maireann beirt pháistí eile a rugadh do Ó Conaire - P.J. agus Kathleen - agus tá cónaí ar an mbeirt seo i New Eltham, Kent. ...

Cailleadh Máire [Mary Mc Manas, bean Phádraic Uí Chonaire] sa "Blitz" i Londain i dtreo dheireadh an Dara Cogadh Mór, i 1945 agus in éineacht léi cailleadh Terry Corr, mac le hEibhlín, nach raibh ach 14 bliana d'aois ag an am. Port Láirgeach a bhí i bhfear

Pádraic Ó Conaire

Eibhlín, Johnny Corr, atá caillte anois. Bhí cónaí orthu in Éirinn sa bhliain 1928, nuair a chuala sí óna hathair den uair dheireanach. Bhí sí ag súil lena céad pháiste ag an am agus scríobh sí chuig a hathair ag iarraidh cúnamh airgid, gan aon chuimhne aici go raibh sé féin i ndrochstaid.

Scríobh Pádraic ar ais ag rá go raibh an luach saothair as a chuid leabhar go léir íoctha (agus caite) seachas cúpla táille, ach go ndéanfadh sé teagmháil le Conradh na Gaeilge, féachaint le cúpla pingin a chur le chéile di.

Dúirt sé freisin go raibh sé ag dul isteach sa "Richmond" le haghaidh obráid ar a chuid duán, ach nár cheart a bheith buartha faoi.

Cúpla lá ina dhiaidh sin, cailleadh é san ospidéal i Seomra na mBocht, agus deir a iníon gur cailleadh é de dheasca gortaithe inmheánacha a bhain dó tamall gairid roimhe sin nuair a d'ionsaigh scata gaigíní é agus é ag filleadh ó theach tábhairne i nGaillimh.

Seans go raibh an litir úd i dtaobh an airgid ar na focail dheireanacha a scríobh Pádraic Ó Conaire. Trí lá tar éis do Mrs. Corr é a fháil, is cuimhneach léi na fógraí móra ar na nuachtáin ag rá go raibh an mórscríbhneoir Ghaeilge, Pádraic Ó Conaire, tar éis bás. ...

Ní bhfuair clann Uí Chonaire, dar le Mrs. Corr, aon airgead riamh ó dhleachta na leabhar. Níl sí an-bhuartha faoin scéal, an fad is féidir a bheith cinnte go bhfuil na leabhair ag cabhrú le cúis na Gaeilge.

Ach tá barúil aici go mb'fhéidir go bhfuil pingin nach beag déanta ag daoine eile ar na leabhair chéanna i gcaitheamh na mblianta.'

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Dóchas IBEC dearfach don Gheilleagar

MEASANN IBEC, an eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar fhostóirí agus ar ghnólachtaí in Éirinn, go bhfásfaidh olltáirgeacht intíre 1.8% i mbliana.

Níl ann ach tuar agus tuairim dhream amháin ach mar sin féin is fógairt shuntasach é agus is ábhar dóchais dúinn ar fad é.

Tá sé ráite acu gurb í 2013 an bhliain a dtiocfaidh feabhas ar an ngeilleagar. Maíonn siad, dá mbeadh an muinín céanna ag teaghlaigh na tíre is atá ag an lucht gnó, go gcuirfeadh sé sin borradh faoin mbiseach eacnamaíochta intíre.

Maíonn siad go mbeidh fostaíocht ag fás san earnáil phríobháideach i mbliana; arís, más fíor, is scéal fíormhaith é sin.

Ní ceart dearmad a dhéanamh go bhfuil bunús fónta faoi gheilleagar na hÉireann i gcónaí, d'ainneoin na géarchéime ina bhfuil muid faoi láthair.

Ginmhilleadh – coinnímis an díospóireacht seo sibhialta

BHÍ, tá, agus beidh ginmhilleadh i gcónaí conspóideach. Is í seo an cheist shóisialta is nimhní dá bhfuil ann ar an saoil.

Tá ar a laghad dhá thaobh ar an scéal agus dhá dhearcadh ann freisin.

Mar sin féin, is minic a bhíonn daoine ar thaobh amháin ag iarraidh damnú a dhéanamh ar an taobh eile.

Ní bhíonn siad ag éisteacht lena chéile. Fiú agus daoine ar aon fhocal ar bhonn praiticiúil ar an gceist, is féidir leo a bheith ag easaontú go fíochmhar maidir le ceisteanna níos fealsúnaí.

Ní amháin go mbíonn an dearcadh eile á cheistiú ach bíonn an ceart leis an dearcadh sin a bheith ag daoine eile á cheistiú.

Bíonn daoine ag iarraidh cinsireachta a dhéanamh 'ar an taobh eile' agus bíonn an téarma 'faisisteach' a chaitheamh ar dhaoine agus ar dhreamanna eile le fonn.

Ní mór dúinn cuimhneamh go bhfuil sé de cheart ag an duine eile cibé dearcadh atá acu a bheith acu.

Mura bhfuil saoirse cainte agus cáinte ann do gach duine, níl sé ann ar chor ar bith.

Cuirimis fáilte roimh an bhFoclóir Nua

SEOLFAIDH an tUachtarán, Micheál D Ó hUigínn, Foclóir Béarla-Gaeilge nua Fhoras na Gaeilge ag ócáid sa Ghailearaí Náisiúnta i mBaile Átha Cliath amárach.

Foclóir ar líne amháin a bheas ann ach beidh an leagan clóite i gcló in 2015.

Tá tuairim is 1/3 den fhoclóir ar líne go dtí seo agus tá cuma an-mhaith air. Dá bhfeabhas é, bhí foclóir de Bhaldraithe go mór as dáta, níor fhreastail sé ar riachtanais na linne seo agus ní raibh sé bunaithe ar Bhéarla na hÉireann.

Tá sé sin á réiteach ag an bhfoclóir nua. Tá Foras na Gaeilge le moladh as an togra seo a mhaoiniú agus tá an Dr. Pádraig Ó Mianáin agus a fhoireann le moladh as a saothar go dtí seo.

SCÉALA BÁIS

Caitlín Uí Anluain

BHÍ Caitlín Uí Anluain ar dhuine de na laochra gan iomrá ag gluaiseacht na Gaeilge i mBéal Feirste.

Bhí sí ar dhuine de cheannródaithe Ghaeltacht Bhóthair Seoighe. D'aistrigh sí ann lena fear céile Proinsias (nach maireann). Bhí sí riamh sásta páirt a ghlacadh in obair ar bith a chuirfeadh le maoiniú tograí Gaeilge: bailiúcháin airgid; reáchtáil tráthanna na gceist; reáchtáil cúpla siopa; agus eile.

Chaith sí na blianta ag obair go deonach le Glór na nGael. Bhí cáil ar na pizzas a dhéanadh sí sa chistín ansin. Bhíodh daoine ag tarraingt ar an áit as achan cearn d'iarthar Bhéil Feirste len iad a fháil. Ní bhfaigheadh sí pingin orthu, nó gur ar mhaithe le cúis na Gaeilge a rinneadh an chócaireacht.

Bhí an Ghaeilge sa chúlra aici. Bhí rud beag Gaeilge ag a hathair, John Henderson. Ba chléireach le gnó mórdhíola biotáille é. Meascán de Ghaeilge scoile agus Gaeilge ó leabhair a bhí aige. Labhraíodh sé rud beag Gaeilge fán teach agus bhí meas ar an teanga sa teaghlach. Chuaigh an meas i bhfeidhm ar na páistí. Tá a deartháir, Seán Mac Aindreasa, agus a deirfiúr, Seosaimhín (Mhic Giolla Bhríde), ach go háirithe, araon sáite sa Ghaeilge.

Rugadh Caitlín i Mí Dheireadh Fómhair 1931, i Sráid Brooke in iarthar Bhéal Feirste. Bhí sí ar an dara duine de sheachtar clainne, cúigear cailíní agus beirt bhuachaillí. Rinne sí freastal ar Bhunscoil Naomh Comhghaill, ansin ar Ard-Scoil Naomh Dominic. Nuair a d'fhág sí an scoil, chuaigh sí ag obair leis an Co-Op, agus ansin sa státseirbhís.

Bhí sí báúil leis an nGaeilge gan a bheith gafa leis. Dála cuid mhór Gaeilgeoirí Feirsteach dá glúin, ba é Cumann Chluain Ard a chur cor ina saol. Bhí a deartháir, Seán, ag teagasc ranga ann i lár na seascaidí. Bhí sé deacair aige na huimhreacha a choinneáil suas agus iarradh ar dhaoine eile sa teaghlach a theacht chun cuidiú leis, beart a rinne Caitlín.

Ina measc eile a bhí ar an rang bhí fear óg, Proinsias Ó hAnluain, as iarthar Bhéil Feirste chomh maith. Réitigh siad go maith lena chéile agus phós siad.

Bhí sí bródúil as bheith ina Gael. Bhí an-dúil aici, ní amháin sa teanga, ach sa cheoil agus sa chultúr. Maireann na dúile sin trína beirt mac a bhfuil cónaí orthu araon i nGaeltacht Bhóthar Seoighe.

Tá Ruairí ag obair i Naíscoil an tSléibhe Dhuibh le blianta. Tá Peadar ar dhuine de bhunaitheoirí 'Bréag', agus chum sé amhrán dóibh in ómós dá mháthair.

Fear uasal as an gCeathrú Rua ar shlí na fírinne

Máirtín Ó Catháin

BA údar bróin do dhaoine i bhfad agus i ngearr an scéala an tseachtain seo go raibh Micí Ó Flatharta as an gCeathrú Rua, nó Micí Mhéimí mar a b'fhearr aithne air, básaithe.

Bhí Micí ar dhuine de phearsa mhóra na Ceathrún Rua agus Chonamara.

Fear gnó den scoth a bhí ann agus choinnigh sé féin agus muintir an tí caoi bhreá ar an siopa i gcónaí.

Ach lena chois sin fear meabhrach agus fear géimiúil a bhí ann. Níor thúisce duine taobh istigh den doras nó go gcaithfeadh Micí a shúil ina threo agus lorg na diabhlaíochta ar a cheann aghaidh.

"Cén chaoi a bhfuil an caighdeán inniu," an chéad cheist a chuirfeadh sé ormsa agus mé ar an tairseach. Bhainfeadh sin tuilleadh cainte amach. "An bhfuil caighdeán maith feola agat inniu, a Mhicí?"

Bhí a theanga ar a chomhairle féin ag Micí: "Ó an togha a dheartháirín; choinnigh mé ruainne beag deas dhuit fhéin. Chuimhnigh mé ar an gcéad rud le maidneachan lae go mbeifeá ag teacht anoir". Mar sin a bhíodh an chaint anonn agus anall – giobstaireacht agus comhrá níos tromchúisí scaití. Bhuailtí bleid ar chuile dhuine a thiocfadh isteach an doras...trí nó ceathair de chómhráití ag dul ar aghaidh san am céanna, scaití.

Rugadh Micí Ó Flatharta ar an gcéad lá den bhliain 1942. Ba mac é le Méimí an Táilliúra as an gCeathrú Rua agus Michael Johnny Tom, as an nGleann Mór.

D'oscail sé an siopa sa tsráidbhaile, ar an gCeathrú Rua, sa mbliain 1961. Mhéadaigh agus d'athchóirigh sé an áit faoi dhó – in 1984 agus arís sa mbliain 2008.

Bhí sé de cháil ar an siopa go raibh chuile chineál earra le fáil ann - ábhair grósaeireachta agus feola, ábhar tí, éadach agus crua-earraí freisin.

Bhíodh Micí sa siopa ó mhaidneachan lae nó go mbíodh sé mall san oíche; agus ba mhinic leis cuid mhaith oícheanta a chaitheamh freisin ag búistéireacht, mar go mbíodh sé ag marú na n-ainmhithe, a bhíití a dhíol sa siopa, ar feadh cuid mhaith de dhá scór bliain.

Bhí suim ag Micí in imeachtaí an tsaoil uilig. Bhí fíorshuim go deo aige sa bpeil agus san iomáint. Thugadh sé turais go rialta ar Pháirc an Chrócaigh, le buaiteoirí Chraobh na hÉireann a fheiceáil, cibé contae a bhí san iomaíocht. Bhíodh sé ar Raidió na Gaeltachta anois agus aríst agus ba bhreá an cainteoir a bhí ann.

Bhíodh an-fháilte aige i gcónaí roimh chuairteoirí agus lucht foghlamtha na Gaeilge, agus an-fhonn orthusan a bheith isteach sa siopa aige freisin. Fear oibre den scoth a bhí ann agus an-luí aige leis an obair. Níor ól sé agus níor chaith sé ariamh agus bhí sé an-bhródúil as an mbiorán óir a bhronn na Réadóirí air.

Ag céilí ar an gCeathrú Rua a chas sé lena bhean chéile, Treasa, as Cill Dara. Bhí triúr clainne orthu - Yvonne, Feargal agus Réiltín. Bhí an tsláinte ag cliseadh ar Mhicí le scaitheamh agus theastaigh cúnamh uaidh. Ba údar mór bróid dhó, gur shocraigh a bheirt iníon filleadh ar an gCeathrú Rua, leis an siopa a rith ina chuideachta le roinnt blianta anuas.

Céad slán do Mhicí agus suaimhneas síoraí dó.

I MEASC AN PHOBAIL

Na hiomaitheoirí ag babhta ceannais Bhonn Óir Sheáin Uí Riada in éineacht leis an moltóir, Allan MacDonald, agus an ceoltóir agus an craoltóir Peadar Ó Riada san Rochestown Park Hotel, Cathair Chorcaí. [PIC:DIANE CUSACK]

Sa Chomórtas Dúbailte Liathróid Láimhe Challenger 2 Chumann na mBunscol do chailíní faoi 11 a bhí ar siúl i mBóthar na Trá Dé Sathairn, tháinig Aifric Ní Ghibne agus Bróna Ní Cheallacháin sa dara háit. [PIC:FEARGHAS MAC LOCHLAINN]

Sa Chomórtas Singil Liathróid Láimhe Challenger 2 Chumann na mBunscol do chailiní faoi 11 a bhí ar siúl i mBóthar na Trá ar an Satharn, tháinig Ailbhe Bhreathnach sa chead ait agus Aoife Nic Giolla sa dara hait.
[PIC:FEARGHAS MAC LOCHLAINN]

Una Monaghan as Béal Feirste agus Belf Ailie Robertson as Albain agus iad ag cleachtadh roimh an mbabhta ceannais chun Bonn Óir Sheáin Uí Riada a bhaint amach ag an Rochestown Park Hotel i gCathair Corcaí, De hAoine seo caite. [PIC:DIANE CUSACK]

Sa Chomórtas Dúbailte Liathróide Láimhe Challenger 2 Chumann na mBunscol do chailíní faoi 11 a bhí ar siúl i mBóthar na Trá Dé Sathairn, bhí an bua ag Sadhb Ní Fhlatharta agus Orlaith Ní Churraoin. [PIC:FEARGHAS MAC LOCHLAINN]

Seán Ó Conghaile & John Ó Biadh a buaigh Comórtas Dúbailte Liathróid Láimhe Challenger 2 Chumann na mBunscol do Bhuachaillí faoi 13 i mBhóthar na Trá, Dé Sathairn seo caite.
[PIC:FEARGHAS MAC LOCHLAINN]

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Sa Chomórtas Singil Liathróid Láimhe Challenger 2 Chumann na mBunscol do chailiní faoi 13 a bhi ar siúl i mBóthar na Trá Dé Sathairn seo caite, tháinig Marie Greaney sa 2ú hait agus Róisín Ní Ghionnáin sa chéad áit. [PIC:FEARGHAS MAC LOCHLAINN]

Sa Chomórtas Singil Liathróid Láimhe Challenger 2 Chumann na mBunscol do buachaillí faoi 13 a bhí ar siúl i mBóthar na Trá, Dé Sathairn seo caite, tháinig Eimhin Ó Diollúin sa 2u hait agus Éanna Wood sa chéad ait. [PIC:FEARGHAS MAC LOCHLAINN]

Bhí Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUigínn, i láthair don searmanas speisialta a bhí ag OÉ, Corcaigh ar an Domhnach seo caite chun a gceannachán, 'Leabhar Mór na hÉireann', a cheiliúradh. I láthair leis, bhí an file Seamus Heaney agus an Dr. Micheál Ó Murchú, Uachtarán OÉ, Corcaigh.
[PIC MICHAEL MAC SWEENEY/PROVISION]

Bhronn Coiste Pobail na Tulaí seic €700 ar Ospís na Gaillimhe agus bailíodh an t-airgead ag Tráth na gCeist Boird a d'eagraigh an Coiste faoi Nollaig, Tí Johnny Sheáin. Ó chlé tá: Tomás Ó Neachtain (Coiste Pobail na Tulaí); Máire Ní Óbáin (Coiste Pobail na Tulaí); Catherine Uí Dhonncha (Coiste Pobail na Tulaí); Úna Uí Dhubhghaill (Ospís na Gaillimhe); Beartla Ó Cadhain (Coiste Pobail na Tulaí); Cóilín Ó Neachtain (Coiste Pobail na Tulaí) agus Séamus Ó Coistealbha (Coiste Pobail na Tulaí).

SLÁINTE

Is iomaí duine idir óg agus aosta a bhíonn ag fulaingt le pian droma sa lá atá inniu ann. Cruthaítear strus le drochiompair coirp a fhorbraíonn le linn na mblianta scoile agus isteach inár saol oibre, agus muid ag suí ar feadh tréimhsí fada ag boird agus os comhair ríomhairí. Seo thíos leideanna maidir leis na bealaí ar féidir pian droma a sheachaint agus a láimhseáil leis an saineolaí spóirt **Ainle Ó Caireálláin.**

10 mbealach le Pian Droma a sheachaint

1 **Seas Suas** Caitheann muid cuid mhór ama ag suí sa lá atá inniu ann agus muid ag tiomáint, san oifig, ag ithe sa chistin, ar an mbus, nó os comhair na teilifíse. Leis an fhírinne a rá, ní rud nadúrtha é dúinn a bheith inár suí ar feadh tréimhsí fada. Tá sé tábhachtach seasamh suas go minic ag bogadh thart ar feadh tamaillín. Fiú má sheasann tú ar feadh 30 soicind gach 15 nóiméad, beidh tú ag déanamh go leor leis an droim a choinneáil ag gluaiseacht agus barraíocht teannais a sheachaint. Ar ndóigh, ba choir duit a bheith ar an airdeall maidir leis an mbealach a shuíonn tú chomh maith. Níos mo ar an bpointe sin ar ball!



2 **Déan sínte ar bhonn rialta** Tá sé tábhachtach an cromán a choinneáil deas scaoilte más mian leat an droim a choinneáil sláintiúil. Go minic, ní hé an droim is cúis leis an bpian sa droim ach an cromán, go háirithe más pian droma íochtarach a bhíonn i gceist. Éiríonn an cromán iontach teann de bharr barraíocht suite, agus easpa bogadh thart le réimse iomlán gluaiseachta. Ba choir síneadh rialta a dhéanamh ar na crapthóirí cromáin, na 'glutes' (matáin na tóna), agus na teannáin leis an droim a choinneáil sláintiúil. Féach an t-alt faoi dheileáil le pian droma ar leathanach baile www.aclai.ie le haghaidh treoir físe de roinnt den síneadh is féidir leat a dhéanamh ar na matáin thuasluaite.

3 **Siúl** Tá siúl go hiontach leis an gcromán a scaoileadh amach agus an droim a choinneáil slán ó phian. Nuair a bhímse ag déanamh clár 'athleasaithe' le daoine a bhí ag fulaingt le pian droma, iarraim orthu siúl cos nocht ar fhearán bhféar. Díríonn muid isteach ar shiúl deas fadálach, dea-iompar coirp, agus análú domhain agus muid ag siúl ar mhaithe le hathleasú. Cuidíonn sin leis an gcorp a dhíriú mar is ceart agus is iomaí cás ar chuidigh an siúl leo.

4 **Bog ón gcomán (hip) seachas a bheith ag brath ar na matáin** Ba chóir dúinn díriú isteach ar an inse cromáin le pian droma a sheachaint. Is éard is brí leis an téarma ná go lúbann muid ag an gcromán i gcónaí seachas ag an droim. Más féidir leat inse cromáin maith a dhéanamh, beidh níos lú brú ar an droim agus tú ag gluaiseacht, ag tógáil, i do shuí, nó i do luí.

Féach ar an dea-shampla d'inse cromáin. Tá an droim díreach, tá na guaillí siar, an brollach amuigh, agus tá an ghluaiseacht ar fad ag an gcromán, seachas sa droim. Féach an t-alt faoi dhéileáil le pian droma ar leathanach baile www.aclai.ie chun míniú níos fearr a fháil faoin inse cromáin, agus físeán a léiríonn duit an bealach leis an inse a fhoghlaim.

5 **Socraigh an stáisiúin oibre** Mar a luaigh mé i bpointe 1, ní rud nadúrtha dúinn a bheith inár suí ar feadh tréimhsí fada. I bhfírinne, nuair a bhíodh sos ag teastáil ón fear pluaise sa chlochaois, is ar a ghogaide (squatting) a bhíodh sé seachas a bheith ina suí ar shuíochán. Ach sin ráite, má chaitheann tú a lán ama os comhair an ríomhaire, b'fhiú go mór duit stáisiúin oibre seasaimh a shocrú suas duit féin.

B'fhéidir go mbeidh sé deacair a bheith i do sheasamh ar feadh tréimhsí fada ar dtús, ach tar éis tamaill, rachaidh tú i dtaithí air agus beidh tú ag mothú go hiontach le iompar coirp níos fearr agus droim sláintiúil agus láidir.

Tá ionad oibre seasaimh agam féin sa bhaile a shocraigh mé suas trí bhord beag a chur ina sheasamh ar bharr an deasc. Cuireann seo an ríomhaire ag leibhéal na súl agus ní gá íoc as tábla speisialta.

6 **Téigh ag Snámh** Agus daoine ag fulaingt le pian droma, bíonn an chontúirt ann i gcónaí go stopfaidh siad go hiomlán den aclaíocht agus den ghluaiseacht ar eagla go ndéanann siad an phian a laghdú.

I mo thuairim-se féin, is beag breoiteachta a theastaíonn ó chuid againn le bheith go hiomlán neamhghníomhach, agus ní bréag le rá go n-éiríonn gortuithe agus tinneas níos measa má bhíonn tú neamhghníomhach.

Is modh aclaíochta iontach é an snámh do dhuine a bhfuil pian droma orthu, óir baineann an t-uisce an brú mór de na hailt, agus tugann sé deis don duine a bheith ag gluaiseacht, fanacht scaoilte, agus láidreacht a chur sna matáin. Mar a luaigh muid in alt na seachtaine seo caite, tosaigh go mall agus cur leis an méid aclaíochta a dhéanann tú diaidh ar ndiaidh.

Iarr Ar Ainle

Is féidir leat do chuid ceisteanna maidir le haclaíocht agus sláinte a chur chuig Ainle ach é a chur isteach sa bhosca ag bun an leathanaigh idirlín www.aclai.ie/ask-ainle. Foilseofar freagraí na gceisteanna i nGaelscéal le linn na míosa amach romhainn.

7 **Seachain drugaí frith-athlastacha** Is iomaí duine a bhíonn ag fulaingt le pian droma atá gafa le drugaí frith-athlastacha ar nós Difene, nó Voltarol, agus i mo chuid taithí féin leis na daoine a mbím ag deileáil leo a bhfuil pian droma orthu, ní miste leis na dochtúirí a bheith ag dáileadh amach oideas frith-athlastach go rialta. B'fhéidir go bhfaighidh tú roinnt faoisimh go gearrthréimhseach ó na cógais sin, ach ní réiteach na faidhbe iad. Agus duine ag glacadh cógas frith-athlastach, níl siad ach ag deileáil le siomptóm na faidhbe seachas le húdar na faidhbe, agus go fadtréimhseach, ní amháin go bhfuil na cógais an-chrua ar córais éagsúla an choirp, ach beidh tú ag cur fadhb atá ag dul in olcais i bhfolach.

Molaim do dhaoine frith-athlastacha nadúrtha a ghlacadh ar nós ola éisc, píon-úll, tuirmiric, tae glas, agus sméara gorma, mar aon le deileáil leis an fhadhb, seachas an siomptóm amháin. Is minic gur le drochphatrúin ghluaiseachta a luíonn an fhadhb, agus ba chóir é sin a fhiosrú le heolaí spóirt nó le fisiteiripeoir.



8 **Déan Cleachtaí Ceartláir** Is féidir cleachtaí simplí ceartláir a dhéanamh sa bhaile, ar nós an phlainc, an phlainc taoibhe, an 'Éan-Madadh', agus an droichead gualainne. Chuir mé roinnt físeán gearr le chéile a léiríonn na cleachtaí thuas go soiléir ar an leathanach baile san alt a phléann le pian droma. Tá siad le feiceáil ar www.aclai.ie

9 **Ól neart uisce** Is beag fadhb leis an gcorp nach gcuidíonn uisce úr leis. Ól idir 2 agus 3 lítear uisce le go mbeidh an corp in ann feidhmiú mar is ceart. Má tá gortú ag cur isteach ort cuideoidh ionghlacadh uisce leis an bpróiseas leighis. Gan go leor uisce, ní bheidh an corp in ann é féin a chóiriú, agus gach seans go rachaidh an phian in olcas.

10 **Foghlaim teicníc ceart tógála** Seo ceann tábhachtach. Tá mé cinnte gur chuala tú trácht ar dhuine a 'chuir a dhroim amach', agus iad ag cromadh síos le peann a phiocadh suas ón urlár nó a leithid sin. Ní hé go raibh an peann chomh trom sin gur ghortaigh an meáchan an droim. Is éard a tharla ná go raibh an duine sin ag piocadh rudaí suas ar an dóigh mícheart i gcónaí, agus go raibh an droim ar an dé deiridh faoin am ar chrom an té sin síos leis an bpeann beag a phiocadh suas. Ba choir teicníc maith a fhoghlaim chun earraí a phiocadh suas. Seo cúpla leid maidir le cromadh agus piocadh.

5 Fhíric maidir le Pian Droma

1. Cuidíonn aclaíocht le pian droma Ceapann daoine má fhanann siad ina luí go n-imeoidh an phian droma tar éis tamaill ach ní fíor sin. Tá níos mó seans gurb é an neamhghníomhaíocht is cúis leis an bpian droma seachas a mhalairt. Is fiú comhairle a lorg maidir le modh aclaíochta atá fóirsteanach chun le réiteach na faidhbe.

2. Tá córas tacaíochta nadúrtha iontach ag an cnámh droma. Tá an chnámh droma timpeallaithe ag matáin a thugann tacaíocht den scoth don droim, ach iad a thraenáil mar is ceart. Feicim roinnt daoine ag caitheamh saghas creasa tacaíochta thart ar an droim agus an mbolg le tacú leis an droim ach ní ceart brath air sin. Le crios bhoilg, éireoidh na matáin thart ar an droim níos laige, agus cuirfear leis an bhfadhb. Forbair do chrios tacaíochta nadúrtha féin tríd na matáin a láidriú i gcomhair le gairm shláinte.

3. Bíonn tionchar ag na bróga a chaitheann duine ar phian droma. Aimsigh péire bróg a réitíonn leat féin agus atá compordach, ach cuimhnigh nach iad na bróga móra boga le neart tacaíochta na cinn is fearr i gcónaí. Do na cailíní amuigh ansin, níl na sála arda go maith don droim, mar sin má tá tú ag fulaingt le pian droma, seachain na stilhettoes!

4. Cuidíonn suathaireacht le pian droma a réiteach go minic. Má tá teiripeoir maith agat, beidh siad in ann an droim a scaoileadh amach agus roinnt faoisimh a thabhairt duit. Ach sin ráite, tá tú ag deileáil leis an siomptóm anseo seachas le húdar na faidhbe. Mholfainn suathaireacht aon am thar chógas frith-athlastach chun deileáil le pian, ach má tá tú sa toir ar réiteach fadtréimhseach ar an bpian, caithfidh an tsuathaireacht a bheith mar chuid amháin den clár athleasaithe.

5. Bíonn tionchar ollmhór ag na málaí a iompraíonn muid ar shláinte droma. Málaí scoile, agus málaí láimhe: dhá rud chontúirteacha! Má bhíonn an mála scoile chomh trom agus go dtugann sé ort d'iompar do choirp a athrú le hé a iompar, tá sé róthrom. Ba choir go mbeifeá in ann seasamh suas díreach agus bogadh thart go héasca agus do mhála scoile ort. Úsáid an dá strapaí ar an dá ghualainn, agus bíodh an mála deas teann suas le do dhroim seachas a bheith ag sileadh síos. Más mála láimhe atá i gceist, cinntigh go n-iompraíonn tú ar an dá ghualainn é. Má iompraíonn tú an mála láimhe ar thaobh amháin i gcónaí, beidh tú ag claonadh go taobh amháin i gcónaí, agus cruthóidh sé sin neart fadhbanna luath nó mall sa droim agus sna hailt eile, ar nós an chromáin, na glúine, agus na guaillí.

Ceist na Seachtaine

Mothaím go bhfuil mo ghualainn cromtha agus mé ag suí ag an ríomhaire. An bhfuil moltaí ar bith agat ar mhaithe le hiompair an choirp? Cathal, Baile Átha Cliath

Molaim do dhaoine ionad oibre seasaimh a shocrú suas dóibh féin, ach níl seo indéanta i gcónaí (féach pointe 5). Is féidir suíochán glúine a fháil chomh maith a bhaineann a lán den bhrú den droim agus tú i do shuí. Le hiompar maith coirp a bheith agat agus tú os comhair an ríomhaire, cuimhnigh ar na pointí seo a leanas.

1. Bíodh an scáileán ríomhaire ag leibhéal na súl.
2. Bíodh na huillinneacha go dronuillinneach agus tú ag obair ar an méarchlár.
3. Coinnigh na guaillí siar.
4. Seas suas go minic le sos a thabhairt do na matáin atá ag tabhairt tacaíochta duit agus tú i do shuí síos.

Tá Ainle lonnaithe i gcathair Chorcaí faoi láthair. Más mian leat comhairliú aclaíochta agus sláinte saor in aisce a fháil ó Ainle, ní gá ach do chuid sonraí a chur isteach sa bhosca ar an leathanach baile ag www.ACLAI.ie.

Is féidir leat eolas aclaíochta agus sláinte a fháil saor in aisce ón suíomh idirlín ACLAI.ie. Cur d'ainm agus do sheoladh ríomhphoist isteach sa bhosca ar an leathanach baile le bheith ar an nuachtlitir.

Tá nodanna nua aclaíochta agus sláinte á bhfoilsiú ar cuntais Twitter ACLAI_ie. Lean muid ar Twitter agus ar Facebook. Is é ainm an chuntais Facebook ná ACLAI.ie- Health and Fitness Website.

Faigh amach cé chomh sláintiúil is atá tú féin! Líon isteach an cheistneoir shláinte ar leathanach baile ACLAI.ie

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 23 Eanáir, 2013

Bealach nua ag Facebook chun fógraí a dhíriú orainn

Diarmuid Ó Muirgheasa ar an dóigh nua a bhfuil Facebook ag iarraidh earraí agus seirbhísí a dhíol linn, agus na billiúin a shaothrú as ag an am céanna.

CÉ go bhfuil tuairim mhaith ag chuile dhuine cathain ar bunaíodh Facebook, sílim go bhfuil ionadh orainn uile fós nuair a chuirtear i gcuimhne dúinn gur 2004 a bhí ann.

Níl fiú deich mbliain caite, ach san am sin tá os cionn billiún duine i ndiaidh ballraíocht a ghlacadh leis an suíomh, agus n'fheadar cé mhéid uair an chloig caite acu air.

Tá airgead mór i gceist leis an suíomh anois, ar ndóigh, agus luach iomlán an chomhlachta os cionn $60 billiún.

Do chomhlacht leis an luach sin, áfach, níl an oiread sin airgid á thuilleamh acu. Ní soiléir ach oiread go bhfuil a fhios acu conas breis a thuilleamh gan cur isteach ar dhea-thaithí a n-úsáideoirí.

Is fadhb mhór í seo do mhórán comhlachtaí teicneolaíochta anois, an bearna idir an rud is fearr don tomhaltóir agus an rud is fearr don chuntasóir.

Cosúil le Facebook, braitheann Google ar fhógraí mar fhoinse d'fhormhór a n-ioncam. In a gcás sin, tá sé dona a dhóthain, ach ar a laghad is minic a mbíonn daoine ag baint úsáide as Google agus iad i mbun siopadóireachta.

Níl fógraí iomlána as áit má tá ríomhaire nua á chuardach agat, mar shampla.

I gcás Facebook, áfach, níl i bhfógraí go dtí seo ach ábhar seachráin. Agus iarracht á ndéanamh sin a chur ina cheart, tá gné nua á chur acu leis an suíomh.

An rud atá i gceist ná "*graph search*", a fógraíodh an tseachtain seo caite. Ná bac an ainm – is inneall cuardaigh é seo do Facebook, díreach mar a shamhlófá é.

Níl sé ar fáil ach i leagan Beta do ghrúpa fíorbheag go dtí seo, ach sa cúpla seachtain agus mí atá amach romhainn beidh sé ar fáil d'úsáideoirí uile Facebook.

Sampla den tsaghas cuardaigh atá ar intinn acu ná "cairde liom a chónaíonn i Nua-Eabhrac". Go teoiriciúil aimseoidh Facebook na cairde ar fad atá agat a chónaíonn i Nua-Eabhrac. Nó b'fhéidir "cairde ar thug cuairt ar Nua-Eabhrac", agus má tá siad i ndiaidh an t-eolas sin a roinnt le Facebook beidh sé ar fáil.

Níos suimiúla fós, tá siad ag súil go ndéanfaidh tú cuardaigh ar nós "bialanna Síneacha a thaithníonn le mo chairde". (Ní soiléir go fóill, dála an scéil, cén tacaíocht a bheidh ann do mhion-teangacha – gach seans nach mbeidh ann ach Béarla i dtús báire, ar aon nós).

Mark Zuckerberg ag seoladh 'Graph search' an tseachtain seo caite

Is fadhb mhór í seo do mhórán comhlachtaí teicneolaíochta anois, an bearna idir an rud is fearr don tomhaltóir agus an rud is fearr don chuntasóir. Cosúil le Facebook, braitheann Google ar fhógraí mar fhoinse d'fhormhór a n-ioncam. In a gcás sin, tá sé dona a dhóthain, ach ar a laghad is minic a mbíonn daoine ag baint úsáide as Google agus iad i mbun siopadóireachta.

Don úsáideoir, is slí é seo le heolas ón ngréasán sóisialta a úsáid leis na cinntí is fearr a dhéanamh maidir le leithéidí bialanna nó scannáin a aimsiú a thaithníonn le cairde.

B'fhéidir amach anseo fiú go roghnóidh tú leithéidí dochtúirí agus fiaclóirí le cabhair Facebook. Do lucht airgid Facebook, is deis é seo ar deireadh le fógraí a thaispeáint a bhfuil baint acu leis an rud atá ar siúl ag an úsáideoir. Ar pháipéar, tú buntáiste ann do chuile dhuine.

Agus muid á phlé seo, tá dhá eilifint sa seomra linn, agus is fiú tagairt éigin a dhéanamh dóibh. An chéad cheann ná go bhfuil Facebook i ndiaidh a bheith iontach, iontach mall leis an inneall cuardaigh seo.

Is fada anois ó chuaigh chuile dhuine againn i dtaithí ar chumhacht Google, agus fós féin tá Facebook díreach anois ag tabhairt faoi deara nach raibh an fheidhm chuardaigh a bhí acu go dtí seo éifeachtach a dhóthain.

Is dócha gur siomptóm é seo d'fhadhb níos mó atá ag Facebook. Is cuma go bhfuil siad ina gceann de na comhlachtaí teicneolaíochta is mó ar domhan, tá mórán den teicneolaíocht atá acu nach bhfuil iontach maith.

Tá an aip atá acu ar an Android lofa, agus an rud céanna fíor faoin aip atá acu ar iOS (iPhone/iPad). Tá laigeachtaí suntasacha sa suíomh féin chomh maith. Is ábhar sin uilig d'alt eile, ach léiríonn sé gur fada ó chinnte gur féidir le Facebook rud mar seo a chur le chéile agus go bhfeidhmeoidh sé mar atá siad ag súil go bhfeidhmeoidh.

An dara eilifint, agus is deacair dul timpeall ar an gceann seo, ná gur teoranta an méid eolas a roinneann daoine ar Facebook. Beidh le feiscint, ach ní cosúil gur slí mhaith é comhaireamh "Likes" le caighdeán gnólachta a mheas. Cé mhéid de na táirgí is fearr leat ar bhrúigh tú "Like" ar a leathanaigh Facebook?

Sa tslí chéanna, ní iomaí cara maith ar Facebook agus cara maith sa bhfíor-shaol. Bheadh i bhfad níos mó measa agat ar thuairim daoine áirithe ná daoine eile, ach den chuid is mó níl an t-eolas ag Facebook chun a oibriú amach cé hiad na daoine sin.

Roinnt de na cairde is fearr atá agamsa, mar shampla, daoine a mbeadh an méid is mó measa agam ar a dtuairimí, shamhlófá ón méid atá ar Facebook gur ar éigean go bhfuil aithne againn ar a chéile.

Sin ar fad ráite, agus na heilifint luaite againn, is deacair breathnú ar an bhfhís-fógra atá ag Facebook agus gan ligean do sceitimíní éigin a theacht ort. Má éiríonn leo an sprioc atá acu a bhaint amach... Bhuel, is duitse cinneadh a dhéanamh an scanrúil nó draíochtúil a mbeidh sé. Spéisiúil, ar aon chaoi. Níl aon mhoill ag teacht ar dhruidim na todhchaí, is cinnte.

Ionradh Brasaíleach ar na meáin sóisialta, féach leathanach 26

Diabhalscéal

Costas: CAMÁN JOHN MULLANE

ÉILEAMH PHEADAIR UÍ RIADA SÉANTA AG MÍCHEÁL Ó SÚILLEABHÁIN! É AG MAÍOMH GUR AIMSIGH SEISEAN AN NÓTA CEOIL NUA AR DTÚIS! NA SLUAITE AG TABHAIRT AGHAIDH AR OLLSCOIL LUIMNIGH!

Lth. 10: AN BHFUIL AN GOILE AGAINN DO REIFREANN AR CHEIST FHEOIL NA gCAPALL?

PARTHAS NA nGRÁST

Le Seathrún Hack

Is í an Eaglais Chaitliceach anois an eagraíocht choiriúil is mó ar domhan, dar le heaspag áirithe agus é ag caint go mórtasach agus go heisiach le Diabhalscéal. De réir thuairimí an easpaig úd, ní sheasfadh an Mafioso coinneal le caimiléireacht na heaglaise in ainneoin na drochphoiblíochta a fuair sí le blianta beaga anuas.

"Caithfidh an Mafioso oibriú ar son a luach saothar," a deir an t-easpag agus póstaer dá laoch, John Charles McQuaid, ar an mballa mar aon le The Prodigy agus Daniel O'Donnell.

"Ní bhriseann muide allas, ach amháin nuair a bhíonn fáth eile againn," a dúirt sé agus é ag caochadh a shúil. "Is ball d'eagraíocht fíorchumhachtach mé a chuireann sceimhle ar na daoine trí bhréaga a inseacht dóibh. Breathnaigh ar an taispeántas a léirigh muid tríd na Crosáidí Críostaíochta agus an Chúistiúnacht Spáinneach. Is fearr é ná bheith ag leanacht foireann sacair i gCorn UEFA." a dúirt sé. Measann an t-easpag go bhfuil sé sách brónach go gcreideann daoine fós go bhfuil fear le féasóg thuas sa spéir ag caitheamh breithiúnas orainn ar fad. Ach tá sé sásta leanacht ar aghaidh leis an "gcur i gcéill" seo ar mhaithe le saol compordach a bheith ag baill na heaglaise.

"Suíonn muide siar inár dtithe ríoga agus tugann amadáin airgead dúinn go deonach," a dúirt sé ag gáire. "Dáiltear togha an bhia orainn agus bíonn ár mbealach againn lenár mná tí." Fiú, bíonn faitíos ar fhear na cánach a theacht chomh fada linn," a dúirt sé ag seinm an traic, Smack My Bitch Up agus é ag ullmhú d'aifreann na maidine.

ÚDAR MACHNAIMH

Tuigtear go bhfuil fostaithe agus baill Bhord an Údaráis araon le dhul ar stailc. De réir tuairiscí, níl éinne acu sásta leis an dualgas nua atá orthu an Ghaeilge a chaomhnú. "Féadfaidh siad a' dhul a' feadaíl," a dúirt fostaí amháin. "Tá mise sáinnithe taobh thiar den deasc ó anuraidh nuair a gearradh mo chuid expenses, agus ní raibh trip amháin fhéin agam go *Donegal* nó *Dingle*. Ar ndóigh, nach shin é an fáth ar *joineáil* muid uilig an tÚdarás na blianta ó shin?"

MIGHTY, A MHAC!

Tá na seisiúin Saibhreas Teanga atá á rith ag Crann Taca in Indreabhán ag méadú i gcónaí. Sraith seisiún iad seo ina roinntear saibhreas teanga an cheantair le daoine a bhfuil suim acu i nGaeilge Chois Fharraige. Dar le dalta amháin, "Ní fios cén saibhreas atá 'ainn i gCois Fharraige, a mhac. Tá mise anois sa rang *advanceáilte* agus tá mo chuid Gaeilge ag *improveáil* i gcónaí. Tá chuile dhuine *delighted* go bhfuil a leithéid de *shervice* 'ainn."

GÁIRE IN ANNAGAIRE

Tuigtear do Diabhalscéal go bhfuil an léirsiú a bhí le tarlú in éadan dhúnadh na beairice in Anagaire i nDún na nGall anois curtha ar ceal. Ní mó ná sásta a bhí muintir na háite le cinneadh Alan Shatteráilte ar dtús ach nuair a chuala siad go mbeadh beairic an Bhun Bhig le póilíneacht a dhéanamh ar an gceantar, d'athraigh siad a dtiúin. Tuigtear go mbeidh Rónán Mac a' Wii agus Vincie Campbell ag eagrú an Cabaret Craiceáilte in Anagaire seacht n-oíche na seachtaine as seo amach.

Cruinneas

"Tar éis go..."

Dúshláin agus deismireachtaí Gaeilge á bplé ag **Antain Mac Lochlainn**

Níl a fhios agam cén meas atá ag léitheoirí an cholúin seo ar an dá abairt thíos, a d'aimsigh mé i dtéacsanna Gaeilge:

- Achtaíodh an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, tar éis go ndearna an tOireachtas breithniú mionsonraithe ar a fhorálacha.

- Tá Corn Mhig Uidhir ar a bhealach ar ais chun na Ríochta i ndiaidh go bhfuair Ciarraí an bua ar Mhaigh Eo.

Admhaím nach iad na samplaí is measa a bhí ar na leathanaigh seo riamh iad, ach tá mé in amhras faoin chlaoninsint atá ag teacht sna sála ar 'tar éis' agus 'i ndiaidh'. Pléimis an chéad sampla i dtús báire: níl i gceist ach gur achtaíodh an tAcht áirithe seo i ndiaidh don Oireachtas a chuid forálacha a bhreithniú go mion. Níl feidhm ar bith le 'tar éis go'. Rud is measa ná sin, cuireann na focail sin casadh aisteach i gciall na habairte. Is leor sampla amháin ar cheartúsáid 'tar éis go' chun an méid sin a léiriú:



- Tar éis go raibh go leor taithí ag gach duine againn ar bheith ag obair ar ghnéithe de stair agus de chultúr na mban in Éirinn, chuir líon na n-ábhar iontas orainn.

Is ionann ciall do 'tar éis go' agus do leaganacha mar 'in ainneoin go', 'bíodh is go' agus 'cé go'. Is léir dúinn anois cé chomh lochtach is atá an chéad cheann den dá abairt shamplacha. Dá mbeadh Béarla le cur uirthi, is é a bheadh ann *The Planning and Development Act 2000 was enacted despite the Oireachtas having thoroughly examined its provisions*.

Ní dóigh liom gurb é sin a bhí ar intinn údar an téacs.

Tá an locht céanna ar 'i ndiaidh go' - shílfeá gur ar neamhchead a thug foireann Chiarraí Corn Mhig Uidhir abhaile leo i ndiaidh dóibh Maigh Eo a chloí. Scéal é sin a rachadh sa mhuileann ar a lán. Is furasta an scéal a leigheas: 'i ndiaidh do Chiarraí an bua a fháil ar Mhaigh Eo.'

Is iomaí míthuiscint a leanann 'tar éis'. Ba ghnách é a scríobh ina aon fhocal amháin, agus tá an litriú sin thar a bheith coitianta i gcónaí. Ní hannamh ach oiread leaganacha mar 'tar éis sin' agus 'tar éis seo'.

Go deimhin, tá na leaganacha sin tugtha in ábhair ar líne d'fhoghlaimeoirí Gaeilge. Le scéal fada a dhéanamh gairid, tá 'tar éis sin' chomh lochtach céanna le 'i ndiaidh sin'. Cén fáth?

Bhuel, is réamhfhocal comhshuite é 'i ndiaidh' agus is gnách go leanann an tuiseal ginideach a leithéid, mar shampla 'i ndiaidh na stoirme'. Tá go breá, ach tá focail ann nach féidir a chur sa ghinideach, cuir i gcás na míreanna taispeántacha ('sin', 'seo' 'siúd') agus na forainmneacha ('é', 'iad' srl.).

Ní bheadh aon chiall le 'tar éis é' nó 'i ndiaidh sin'. Is é a dhéantar sa chás sin ná an aidiacht shealbhach a úsáid ('mo', 'do', 'a' srl.). Más mír thaispeántach atá i gceist, úsáidtear an aidiacht shealbhach tríú pearsa firinscneach i gcónaí: 'dá bharr sin', 'ina dhiaidh sin', 'lena linn seo'. Ba cheart an cleas céanna a dhéanamh le 'tar éis' agus 'tar a éis sin' a scríobh. Ní i gcónaí a chloisfeá sin sa chaint, ach ní hionann sin is a rá nár cheart é a scríobh.

Tá tuilleadh áiseanna Gaeilge ar www.aistear.ie

Ionradh Brasaíleach ar na meáin sóisialta

Alex Hijmans, sa Bhrasaíl

TAGANN ceann amháin as gach ceithre tvuít ar domhan as an mBrasaíl, de réir fhigiúirí nua.

Níl ach tír amháin atá níos caintí ar Twitter, agus sin iad na Stáit Aontaithe - ach níl ach ceathair faoin gcéad idir tír dhúchais úd an ghréasáin shóisialta seo agus an Bhrasaíl.

Is í an Bhrasaíl an dara tír is mó ar Facebook freisin, arís taobh thiar de na Stáit Aontaithe.

Tá cuntas Facebook ag 65 milliún Brasaíleach cheana féin.

Ach lena chois sin, is í an Bhrasaíl an tír is mó a bhfuil Facebook ag fás ann. Le linn mhí na Nollag 2012 amháin, chláraigh 2.4 mhilliún duine sa tír ar an ngréasán.

Suntasach go leor, tháinig titim de 1.4 mhilliún ar líon úsáideoirí rialta Facebook sna Stáit Aontaithe sa tréimhse chéanna, agus titim de 600,000 ar líon na n-úsáideoirí sa Bhreatain.

De réir lucht anailíse, tá a bhuaic bainte amach ag Facebook i ndomhan an Bhéarla faoin am seo: iad siúd nár chláraigh go dtí anois, ní chlároidh siad go brách.

Níl margadh na Brasaíle sáite go fóill, áfach, ná baol air. Agus meánaicme na tíre sin ag fás lá i ndiaidh lae, beidh méadú dá réir ar líon na ndaoine sa tír a bhaineann úsáid as na gréasáin shóisialta.

Ní fhéadfadh sé ach go mbeidh tionchar ag an ionradh seo ón leathsféar theas ar an gcaoi a fhorbróidh na meáin shóisialta amach anseo.

Sampla amháin: 'Face' a thugann muintir na Brasaíle ar Facebook.

Le gairid, d'éirigh le Facebook an seoladh HYPERLINK "http://www.face.com"www.face.com a cheannacht ón dream ar leis é roimhe seo... Tharla sé seo ar fad cheana.

I mblianta tosaigh an chéid seo, nuair nach raibh cloiste ag éinne i Meiriceá nó san Eoraip faoi na meáin shóisialta, bhí an gréasán sóisialta Orkut in ard a réime sa Bhrasaíl.

Sna Stáit Aontaithe a bunaíodh an gréasán seo - cuid de Google anois é - ach rinne muintir na Brasaíle 'fuadach' air: d'iompaigh príomhfhócas an ghréasáin go dtí an Bhrasaíl agus chaill úsáideoirí Mheiriceá Thuaidh spéis ann.

An dtarlóidh an rud céanna le Twitter agus Facebook? Ní haon chomhtharlúint é go bhfuil oifig á bunú ag Twitter in São Paulo faoi láthair, chun a theacht i dtír ar mhargadh na Brasaíle.

Tá oifig ag Facebook sa chathair sin le tamall fada anuas.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Méabh Ní Thuathaláin

€1,000,000 faighte ag Meangadh Fíbín agus Fíbín ag ceiliúradh 10 mbliana ar an fhód

Labhraíonn **Méabh Ní Thuathaláin** le **Darach Ó Tuairisg**, duine de bhunaitheoirí Fíbín faoin bhfás 'nadúrtha' atá tagtha ar an gcomhlacht drámaíochta le 10 mbliana anuas i dtreo na meán craolta agus faoin tionscadal mór atá idir láimh ag an gcomhlacht nua teilifíse Meangadh Fíbín i mbliana.

Bheadh iomrá mhaith ag pobal na Gaeilge ar Fhíbín, comhlacht puipéadóireachta agus amharclainne atá ag cur drámaí ar stáitse i nGaeilge do dhaoine óga ó 2003. Seans nach bhfuil a fhios ag roinnt agaibh, áfach, go mbíonn Fíbín ag soláthar ábhar raidió agus teilifíse do dhaoine óga chomh maith, le blianta beaga anuas, léirithe ag 'Meangadh Fíbín', comhlacht léiriúcháin a shíolraigh ó Fhíbín.

"Is as Fíbín a tháinig Meangadh chun cinn. Tá muid i ndiaidh na scileanna ón drámaíocht a thabhairt trasna chuig an teilifís agus anraidió," arsa Darach Ó Tuairisg, duine de bhunaitheoirí Fíbín. "Tharla sé go nadúrtha nuair a tháinig cuireadh ó chraoltóirí le hábhar físe agus fuaime a dhéanamh do dhaoine óga agus tá cuid mhór déanta againn don raidió agus don teilifís ó shin."

Bhí sé mar sprioc ag Fíbín ón gcéad lá riamh drámaíocht siamsúil d'ardchaighdeán a chruthú do dhaoine óga trí mheán na Gaeilge, sprioc atá mar chuid lárnach den dá chomhlacht anois. Is beag comhlachta sa tír a bhíonn ag plé le drámaíocht stáitse agus drámaíocht teilifíse ach, dar le Darach, "tá sé ag obair go maith" dóibh.

"Tá siad thar a bheith éagsúil ar go leor bealaí ach tá gnéithe áirithe a bhaineann leis an dá rud. Ag deireadh an lae, is gnó cruthaitheacha an péire acu. Tá smaointe cruthaitheacha ag teastáil; caithfear a bheith spreagtha ina thaobh agus daoine a tharraingt isteach," ar seisean.

Fuair 'Meangadh Fíbín' dea-scéala ar na mallaibh gur éirigh leo coimisiúin a fháil ó TG4 chun sraith puipéad a chruthú do dhaoine óga. Leis sin, tá buiséad de mhilliúin euro acu chun sraith de 26 clár, 12 nóiméad a dhéanamh. Tháinig €550,000 ón BAI agus beidh an chuid eile ag teacht ó TG4 agus ó scéim scannánaíochta agus teilifíse an stáit, 'Alt 481'. Tá buiséad milliún ag an tionscadal agus beidh 95% den bhuiséad á chaitheamh i gConamara, rud atá tábhachtach don chomhlacht," a deir Darach.

"Is iontach go bhfuair muid an maoiniú seo. Tá muid thar a bheith sásta faoi, go háirithe i ndiaidh gur chaith muid an oiread sin ama á bhrú chun cinn. Creideann muid go bhfuil an talann le fáil i gConamara agus tá muid thar a bheith sásta go bhfuil an tionscadal á dhéanamh sa gceantar," ar seisean.

Dhá charachtar ón sraith nua a bheas Meangadh Fíbín ag obair air sa bhliain amach romhainn a choisiúnaigh TG4.

Sraith í seo ar thosaigh Fíbín ag obair uirthi breis agus ocht mbliana ó shin nuair a fuair siad cuireadh ó chraoltóir le forbairt a dhéanamh ar sheó puipéad dá gcuid.

"Tá muid an-bhuíoch do TG4 agus don BAI a thug an tacaíocht dúinn an tionscadal seo a dhéanamh. Ceapaim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach don teanga go mbeidh rudaí a gcruthú sa tír trí Ghaeilge do dhaoine óga."

Bíonn costas i bhfad nós lú ar chláracha agus cartúin a cheannach isteach agus athghuthú a dhéanamh orthu i gcomparáid le clár a chruthú as an nua, ach tá gá le hábhar 'dúchasach', dar le Darach.

"Ní féidir imeacht ón mbranda láidir Meiriceánach nó Sasanach a bhíonns ar na cláracha a thagann isteach. Bhí muid ag iarraidh rud éigin dúchasach a chruthú a bhaineann leis an nGaeilge agus le cultúr na Gaeilge," ar seisean.

"Níor dearnadh aon dhráma puipéid don aosghrúpa seo le fada in Éirinn. Tá sé déanta ag TG4 níos minice na craoltóirí eile, b'fhéidir, rud atá le moladh."

Cé go bhfuil an t-airgead seo faighte ag Meangadh Fíbín, aithníonn siad go bhfuil sé an-deacair do chomhlachtaí maireachtáil san am i láthair agus iad ag brath ar mhaoiniú.

"Tá sé iontach go bhfuil togra againn ar feadh bliana ach ina dhiaidh sin níl a fhios againn cad é bheas ar siúl againn. Sin an nádúr atá ag an gnó seo; bíonn tú thuas seal thíos seal," a dúirt sé.

Tá réamhléiriúcháin an tionscadail faoi lán seoil agus tá sé i gceist ag Meangadh Fíbín go mbeidh an tsraith réidh in 2014. Beidh Kevin O'Boyle, a rinne na puipéid do na scannáin iomráiteacha 'The Never Ending Story', agus 'The Labyrinth', agus a chruthaigh 'The Honey Montser', ag obair ar an tionscadal.

Fíbín Drámaíocht

Fiú agus an obair theilifíse ar bonn ag Meangadh, beidh Fíbín go fóill ag cruthú drámaí agus ag dul ar chamchuairteanna timpeall na tíre mar a bhí i gcónaí. Tá 'bliain mhór' beartaithe ag Fíbín do 2013, mar chuid den cheiliúradh 10 mbliana ar an bhfód.

"Tá muid thar a bheith dílis don drámaíocht, mo ghrá pearsanta féin. Tá muid i gcónaí ag iarradh feabhas a chuir orainn fhéin ó thaobh caighdeáin de. Bíonn muid i gcónaí ag baint triail as teicnící agus stíleannna nua drámaíochta," arsa Darach.

Beidh camchuairt náisiúnta á thabhairt ag 'Sétanta' i mí Aibreán agus Bealtaine agus beidh siad ag tabhairt aghaidh ar Dhoire, atá mar Chathair Chultúrtha 2013. Beidh 'SAINT' á thabhairt chuig na meánscoileanna, agus ar ndóigh beidh 'An Triail' le feiceáil arís in amharclanna náisiúnta na tíre, chomh maith le coimisiún mór ar dhrama nua do dhaoine óga a bheidh ar stáitse roimh dheireadh na bliana. Tá togra nua eile á fhorbairt anuas orthu sin mar chuid d'Uachtarántacht an AE ina mbeidh Rod Goodall, Doiminic Mac Giolla Bhríde agus Improbable Films ó Mhaidrid ag teacht le chéile le léiriú a dhéanamh. Le tuilleadh eolais a fháil faoi Fhíbín, tabhair cuairt ar www.fibin.com nó twitter @FibinTeo.

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 23 Eanáir, 2013

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

Léirmheas: 'Mharaíodar Camila'

Tomás Mac Síomóin
€10
Coiscéim
116 lch

An chéad rud a sheasann amach faoin leabhar staire seo ná an chuma shnasta atá ar an bhfoilseachán. Mothaíonn an clúdach go hálainn bog agus tá go leor pictiúr ildaite laistigh den leabhar.

Tá na leathanaigh agus an páipéar féin ar ardchaighdeán, rud a thug mé faoi deara agus mé ag léamh an leabhair, agus cuireann sé seo leis an eispéireas léitheoireachta ar bhealach caolchúiseach ach éifeachtach mar sin féin.

Tá sé fíorspéisiúil, freisin, go bhfuil an leabhar seo dátheangach, scríofa i nGaeilge agus i Spáinnis. Taitníonn sé go mór liom gur shocraigh an t-údar, Tomás Mac Síomóin, an dá theanga sin a roghnú don leabhar, in ionad dul leis an mBéarla mar a dhéantar go minic le haistriúcháin Ghaeilge.

Seo an dara leabhar sa tsraith Na Gaeil i nGéin. Is é Los Patricios an chéad leabhar. Is é cúlra an scéil ná gur maraíodh Camila Ní Ghormáin ar an 18 Lúnasa 1846 i mBuenos Aries san Airgintín.

Bean de bhunadh na hÉireann ab ea Camila, agus bhí sí fiche bliain d'aois agus í ag iompar clainne. D'éalaigh sí le sagart óg, Uladíslao Gutiérrez, i mí na Nollaig 1847, gníomh a sháraigh cód morálta na hAirgintíne. Dhaor a hathair agus an Ginearál de Rosas chun bháis iad nuair a gabhadh iad i nGoya.

Theip ar na hiarrachtaí uilig iad a shlánú ón mbás. Is scéal brónach spéisiúil é seo agus déanann Tomás Mac Síomóin é a insint dúinn go cruinn. Is cineál áirithe leabhair é seo, leabhar staire a bheadh úsáideach do scoláirí nó do léitheoirí a bhfuil spéis sa stair agus sa tréimhse ina bhfuil an scéal seo suite.

Tá neart eolais agus fíricí sa leabhar, chomh maith le pictiúir agus léaráidí a chuidíonn chun an saol sna 1840í a shamhlú.

Tá ardchaighdeán Gaeilge sa leabhar seo ach tá cuid de deacair a thuiscint. Sílim go mbeadh margadh níos leithne ag an leabhar seo dá mbeadh an teanga beagán níos simplí, mar is cinnte go mbeidh go leor léitheoirí ag streachailt le cuid de na focail agus frásaí sa leabhar. É sin ráite, tá meas tuilte ag an t-údar as an gcaighdeán breá scríbhneoireachta atá bainte amach aige.

Tá costas €10 ar an leabhar seo agus is féidir é a cheannach ar líne ag www.coisceim.ie nó sna siopaí leabhair.



Cúrsa scríbhneoireachta le Ré Ó Laighléis

Reáchtáilfear bunchúrsa lae i Scríobh agus Saothrú an Ghearrscéil le Ré Ó Laighléis ar an 9 Feabhra 2013. Beidh an cúrsa seo ar siúl in Áras na Scríbhneoirí, 19 Cearnóg Parnell, i mBaile Átha Cliath, óna leathuair tar éis a deich ar maidin go dtí leath i ndiaidh a ceathair um thráthnóna.

Beidh costas €50, nó €45 do bhaill Áras na Scríbhneoirí, ar an gcúrsa. Is bunchúrsa do thosaitheoirí agus do streachailteoirí é seo i Struchtúr agus i mBunscil eilimintí scríobh an ghearrscéil.

Tabharfar aghaidh ar thuiscint na rannpháirtithe ar céard is gearrscéal ann agus ar shaothrú eilimintí an struchtúir, an phlota, na carachtrachta agus na stíle.

Breathnófar leis ar ról agus úsáid na hinseoireachta agus an chomhrá mar fheithiclí i gcur i láthair an ghearrscéil. Is iontach an deis é seo do scríbhneoirí le heolas luachmhar a fháil ó scríbhneoir aitheanta agus múinteoir den scoth. Rinne mé féin cúrsa ar an ngearrscéal leis an Laighléiseach tamall de bhlianta ó shin agus d'fhoghlaim mé go leor rudaí cabhracha i gcaitheamh an lae. Níos tábhachtaí ná sin, b'fhéidir, d'fhág mé an áit an lá sin lán le hinspioráid agus mé ag iarraidh dul ag scríobh láithreach, agus i mo thuairim-se sin an rud is tábhachtaí faoi na cúrsaí seo - go dtabharfaidh siad inspreagadh dúinn agus go mbainfidh muid sult agus leas astu.

Ní gá a bheith buartha faoi ábhar réamhscríofa a sheoladh más spéis leat an cúrsa seo a dhéanamh, mar ní bheidh an cúrsa fréamhaithe in aon ábhair atá réamhscríofa ar aon nós. Go deimhin, iarrtar ar na rannpháirtithe gan a leithéid a thabhairt chun na ceardlainne. Is saothrú ón tús atá i gceist seachas athshaothrú.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an suíomh gréasáin www.writerscentre.ie.

Seoladh Leabhair sa Cheathrú Phóilí

Seolfar leabhar nua le Tom Hodgins, "Dea-Chaint John Ghráinne", ar an Satharn, 26 Eanáir, sa Chultúrlann i mBéal Feirste. Tá an leabhar seo lán le friotal na Gaeltachta agus is é an tUasal Hodgins a bhailigh an t-ábhar agus a chuir in eagar é.

Tá fáilte roimh chách freastal ar an ócáid.



Foirm Iontrála -Comórtas G!

Comórtas Ghlór na nGael don Chlub Gaeilge is fearr in iar-bhunscoileanna na tíre

COMÓRTAS G! Glór na nGael i gcomhar le Gaelscéal

Ainm na Scoile: _____

Ainm an Chlub/Choiste Ghaeilge: _____

Ranganna atá páirteach sa chlub: _____

Seoladh na Scoile: _____

Sonraí Teagmhála:

Ainm Múinteora: _____ **Ainm Dalta:** _____

Fón Múinteora: _____ **Fón Dalta:** _____

R-phost Múinteora: _____ **R-phost Dalta:** _____

100 focal maidir le himeachtaí an Chlub go dtí seo: _____

100 focal maidir le pleananna an Chlub amach anseo: _____

Téarmaí agus Coinníollacha

- Is ar obair na bliana acadúla reatha a dhéanfar moltóireacht ar na clubanna sna scoileanna
- Ní mór do chlub clárú leis an gcomórtas trí fhoirm iontrála a líonadh agus a sheoladh ar aghaidh roimh 4 Márta 2013
- Déanfar moltóireacht ar gach iarratas don chomórtas i dtús báire. Ansin déanfaidh an coiste moltóireachta gearrliosta de na hiarratais agus cuirfear agallamh ar na hiarratais is fearr idir 14-22 Márta 2013
- Fógrófar torthaí an chomórtais ar 8 Aibreán 2013 ag am lóin ar Raidió Rí-Rá (www.rrr.ie)

-Tá €2000 le buachan don Chlub is fearr sa tír agus dearbhán de 30 cochall ón Spailpín Fánach

-Tá 4 dhuais réigiúnacha de 30 cochall ón Spailpín Fánach don chlub is fearr i ngach cúige.

-Faigheann gach Club a chuireann isteach ar an gComórtas pacáiste tacaíochta le lámhleabhar, Scrabble, ábhar bolscaireachta, srl.

Córas Marcála

30% Coiste & Plean
20% Deiseanna Labhartha & Imeachtaí
20% Poiblíocht
15% Feachtais Teanga
15% Seachtain na Gaeilge/ Féilte

Seol ar ais chuig: aodhan@glornangael.ie nó "Comórtas G!, Glór na nGael, Ráth Chairn, Co na Mí" roimh 4 Márta 2013

Tá leagan digiteach den fhoirm seo ar fáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Gaeilge – Ardteistiméireacht 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Béaltriail 2013
An Bhéaltriail (ar lean)

Cad a cheapann tú faoi staid na tíre faoi láthair?

Bhuel, ar an gcéad dul síos ba mhaith liom a rá go bhfuil cúrsaí gan a bheith ró-iontach sa tír seo i láthair na huaire. Tá an ghéarchéim eacnamaíochta fós ann agus na fadhbanna a ghabhann léi chomh dona nó níos measa fiú ná mar a bhí siad taca an ama seo anuraidh. Tá na fadhbanna céanna ag dó na geirbe againn i gcónaí: dífhostaíocht, imirce, bochtaineacht, coiriúlacht, foréigean, drugaí, alcól – is liosta le háireamh iad i ndáiríre. Tá cúrsaí níos measa ná mar a bhí siad riamh don aos óg. Faoi láthair tá raic ar siúl maidir le táillí ollscoile agus tá an chuma ar an scéal go mbeidh arm hic léinn íoc as an oideachas sna blianta atá amach romhainn. Níl aon phostanna páirtaimseartha ann do dhaoine óga a thuilleadh agus níl an t-airgead ag a dtuismitheoirí airgead póca a thabhairt dóibh, rud a fhágann go bhfuil siad beo bocht an t-am ar fad gan cent rua ina bpócaí acu.

Cad chuige, dar leat, go bhfuilimid sa chás ina bhfuilimid?

Sin ceist mhór! Dá mbeadh an freagra agam bheinnse saibhir. Ceapann a lán eacnamaithe agus saineolaithe ar an gcúlú eacnamaíochta go bhfuil freagraí acu ach ní dóigh liom go bhfuil. Níl ar siúl acu ach cur i gcéill, im thuairimse. Níl aon dabht faoi ach go ndeachamar as ár meabhair ar fad le linn an Tíogair Cheiltigh. Chaitheamar airgead nach raibh againn amhail is go raibh sé ag dul as faisean. Bhí saol an mhada bháin againn go léir agus cheapamar nach dtiocfadh deireadh leis na laethanta órga go deo. Ar ndóigh, rinne na polaiteoirí, na bainc, na tógálaithe santacha agus lucht pleanála an tír seo a scriosadh. Ní raibh aon teorainn lena gcuid sainte. Bhí siad go léir ag tochras ar a gceirtlíní féin agus iad beag beann ar chás na tíre.

An gceapann tú go bhfuil ré an tírghrá thart in Éirinn faoin am seo?

Tírghrá! Ná labhair liomsa faoi thírghrá! Tá ré an tírghrá thart gan amhras ar bith. Is beag duine sa saol poiblí atá ag obair ar mhaithe le todhchaí na tíre, feictear domsa. Mar a deir an seanfhocal 'is ar mhaithe leis féin a dhéanann an cat crónán'. Bhuel, is ar mhaithe leo féin a dhéanann polaiteoirí aon rud a dhéanann siad, im thuairimse. Ar nós na gcat ramhar sa seanfhocal tá a n-aire ar fad dírithe ar a dtuarastail mhóra agus a bpinsin ollmhóra. Ní dhéanann siad beart de réir a mbriathra. Níl uathu ach na peirceanna go léir a ghabhann lena bpostanna – costaisí flaithiúla taistil, liúntaisí cóiríochta thar oíche agus mar sin de. Is iad na daoine a chabhraíonn le daoine bochta agus na hoibrithe deonacha na tírghráthóirí atá againn sa lá atá inniu. Daoine a oibríonn go deonach ar mhaithe le daoine eile. Fíorthírghráthóirí iad na daoine sin, dar liom.

An bhfuil a lán fadhbanna ag daoine óga anois?

Tá neart fadhbanna acu. Fadhb mór í an dífhostaíocht i measc na n-óg mar is eol duit agus ní haon ionadh é go n-éiríonn siad míshona agus trioblóideach dá réir. Fadhbanna móra iad fadhb an óil agus na ndrugaí, ar ndóigh. Tá cultúr an óil imithe ó smacht i measc na n-óg le blianta beaga anuas. Ólann siad an t-uafás agus is minic iad ar meisce. Déanann an t-ól dochar mór dóibh agus loiteann sé a saol go minic. Ní haon ionadh é go dtosaíonn siad ag troid nó ag ionsaí a chéile. Mar a deir an seanfhocal 'nuair a bhíonn an braon istigh bíonn an chiall amuigh'! Fadhb eile fós ná fadhb na himirce. Tá a lán daoine óga ag dul ar imirce ó thosaigh an cúlú eacnamaíochta sa tír seo agus is ag sul in olcas atá an nós ag dul le bliain anuas.

An gceapann tú go bhfuil réiteach le fáil ar na fadhbanna seo?

Is beag réiteach atá ann, feictear domsa. Muna dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí eacnamaíochta is in olcas a bheidh na fadhbanna ag dul. Síolraíonn cuid mhaith de na fadhbanna ón gcúlu eacnamaíochta. An t-aon réiteach a fheicimse ná fáil réidh leis na polaiteoirí cama agus na baincéirí santacha agus an chaimiléireacht go léir atá ar siúl sa tír seo. Ach ní dóigh liom go dtarlóidh sé sin agus ar an ábhar sin ní bheidh réiteach le fáil ar na fadhbanna go léir a bhfuil sochaí na tíre seo scriosta acu.

Nathanna áisiúla don Scrúdú Cainte

-Ní thuigim an cheist, a dhuine uasail.
-Aontaím go huile is go hiomlán leat faoi sin.
-Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom a rá ...
-Is é mo thuairim láidir ná ...
-Táim an-neirbhíseach.
-Má fhaighim go leor pointí ba mhaith liom dul go dtí an Ollscoil / go Coláiste Tríú Leibhéal
-Níl tuairim dá laghad agam.
-Bíonn dhá thaobh le gach scéal.
-Chun an fhírinne a insint ...
-Ní féidir liom aontú leat sa mhéid sin.
-Níl mórán eolais agam faoi sin.
-Déarfainn é.
-Is beag is féidir a dhéanamh i ndáiríre.
-Ar ámharaí an tsaoil ...
-Dála an scéil ...
-Ba mhaith liom bheith i mo ...
-Níl m'aigne déanta suas agam fós.
-Is beag am saor a bhíonn agam.
-Níl tuairim agam ó thalamh an domhain faoi cén réiteach atá ar an scéal.
-Is beag dóchas atá agamsa go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí ag an bpoinnte seo.

Seanfhocail Áisiúla

-Bíonn an fhírinne searbh.
-Is fearr sona ná saibhir.
-Ar mhaithe leis féin a dhéanann an cat crónán.
-Ní thuigeann an sách don seang.
-Mair, a chapaill, agus gheobhaidh tú féar.
-An rud a scríobhann an púca léann sé féin é.
-Is maith an t-iománaí an fear ar an gclaí.
-Beidh lá eile ag an bPaorach.
-Is fearr an tsláinte ná na táinte.
-Is olc an ghaoth ná séideann maith do dhuine éigin.
-Ní thagann ciall roimh aois.
-Briseann an dúchas trí shúile an chait.
-Is fearr cara sa chúirt ná punt sa sparán.
-Is treise dúchas ná oiliúint.
-Is gaire cabhair Dé ná an doras.
-Mol an óige agus tiocfaidh sí!
-Is binn béal ina thost.
-De réir a chéile a thógtar na caisleáin.
-Is leor nod don eolach.
-Is fearr an t-imreas ná an t-uaigneas.
-Aithníonn ciaróg ciaróg eile.
-Is glas iad na cnoic i bhfad uainn ach ní bhíonn siad féarmhar.
-Níl aon tinteán mar do thinteán féin.

N.B. Cleachtadh a dhéanann máistreacht. Bí ag labhairt!

Lean muid ar:

Le tacaíocht ó: Comhar na Múinteoirí Gaeilge

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Gaeilge – Ardteistiméireacht 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Páipéar 2 - Ceist 4
Litríocht Bhreise

'A Chlann' le Máire Áine Nic Gearailt

Déan plé *gairid* ar phríomhthéama an dáin *A Chlann* **agus ar an gcaoi a léirítear é.**

Is é grá na máthar dá clan príomhthéama an dáin seo. Feiceann an mháthair a chlann ag fás anuas agus éiríonn sí an-imníoch ina dtaobh. Ba mhaith léi cuidiú leo agus iad a chosaint ar chruatan an tsaoil:

Dá bhféadfainn sibh a chosaint ar an saol so,
Chosnóinn!
I ngach bearna bhaoil,
Bheadh aingeal romhaibh.

Tá sí go láidir den tuairim gur saol crua a bheidh rompu agus ba mhaith léi ualach trom an tsaoil a roinnt leo:

Dá bhféadfainn, dhéanfainn rud daoibh
Nár dheineas riamh dom féin -
Mhaithfinn daoibh gach peaca
'S d'agróinn cogadh ar phéin!

Tuigeann sí go maith, áfach, nach mbeidh ar a cumas a saol a stiúradh dóibh agus go ndéanfaidis a mbealach féin tríd an saol:

Fada uaim a ghluaisfidh sibh,
Ar bhur mbealach féin
I bhfiacail bhur bhfáistine

Ar deireadh thiar thall níl tada gur féidir léi a dhéanamh dóibh ach grá a thabhairt dóibh agus guí ar a son:

Níl rogha agam i bhur dtodhchaí
Níl agam ach guí.

Léirítear príomhthéama an dáin seo - grá na mathar dá clan - go healaíonta agus go héifeachtach sa dán seo, dar liom.

Nua

Beidh dhá leathanach d'ábhar bunscoile sa nuachtán in eagrán 30 Eanáir.

Ná caill é!

Gramadach Gan Dua! 17
An Briathar Saor

Baintear úsáid as an saorbhriathar nuair nach **mé, tú, sé/sí, sinn, sibh, siad** a bhíonn i gceist. Is foirm neamhphearsanta den bhriathar atá sa Saorbhriathar, ie. ní luaitear an t-ainmní. Seo a leanas roinnt samplaí den Saorbhriathar:

(a) **Dún**
(i) **Dúntar** an fhuinneog gach oíche. (ie. dúnann duine éigin í ach ní fios dúinn cé hé, cé hí (nó cé hiad) an duine/na daoine a dhúnann an fhuinneog).
(Aimsir Láithreach)
(ii) **Dúnadh** an fhuinneog aréir. (Aimsir Chaite)
(iii) **Dúnfar** an fhuinneog amárach. (Aimsir Fháistineach)
(iv) **Dhúnfaí** an fhuinneog dá mbeadh stoirm gaoithe ag séideadh.
(Modh Coinníollach)

(b) **Bris**
(i) **Bristear** adhmad chuile lá.
(ii) **Briseadh** an fear leisciúil as a phost ach **níor briseadh** an fear seiftiúil.
(iii) **Brisfear** adhmad amárach.
(iv) **Bhrisfí** an fear sin as a phost dá mbeadh sé as láthair go minic.

(c) **Ól**
(i) **Óltar** a lán fíona sa Fhrainc ach **ní óltar** an méid sin de sa Rúis.
(ii) **Óladh** beoir agus uisce beatha ag an gcóisir aréir.
(iii) **Ólfar** buidéal fíona le linn an dinnéir amárach.
(iv) **D'ólfaí** crúiscín mór uisce dá mbeadh an ghrian ag scoilteadh na gcloch.

Abairtí Samplacha

(i) **Fuarthas** corp na mná istigh san abhainn maidin inné.
(ii) **Goideadh** an t-airgead as an seomra ranga.
(iii) **Tugadh** le fios do Sheán nach raibh aon fháilte roimhe.
(iv) **Dúnmharaíodh** seisear i gCorcaigh i rith na bliana.
(v) **Rugadh** an file Seán Ó Ríordáin sa bhliain 1916 agus **cailleadh** é sa bhliain 1977.
(vi) **Ceannaítear** an nuachtán sa siopa gach maidin ach **ní cheannaítear** é gach oíche.
(vii) **Itheadh** an mhilseog ach **níor itheadh** an t-iasc.
(viii) **Fágadh** Síle ina haonar ach **níor fágadh** Neasa.
(ix) **Sábhálfar** airgead le haghaidh na Nollag.
(ix) **Tógfar** dhá theach nua ar an láthair sin.

Na briathra Neamhrialta

	Láithreach	**Caite**	**Fáistineach**	**Modh Coinníollach**
Tá	táthar/níltear			
Bí	bítear	bhíothas	beifear	bheifí
Ith	itear	itheadh	íosfar	d'íosfaí
Tar	tagtar	thángthas	tiocfar	thiocfaí
Téigh	téitear	chuathas	rachfar	rachfaí
Déan	déantar	rinneadh	déanfar	dhéanfaí
Faigh	faightear	fuarthas	gheofar/faighfear	gheofaí
Feic	feictear	chonacthas	feicfear	d'fheicfí
Abair	deirtear	dúradh	déarfar	déarfaí
Beir	beirtear	rugadh	béarfar	bhéarfaí
Clois	cloistear	chualathas	cloisfear	chloisfí
Tabhair	tugtar	tugadh	tabharfar	thabharfaí

(i) (Bris) isteach i dtithe sa chomharsanacht ag an deireadh seachtaine.
(ii) (Faigh) corp an duine mhairbh ar thaobh na sráide aréir.
(iii) (Tabhair) cabhair dóibh dá lorgoidís í.
(iv) (Déan) gearán gach lá faoi dhrochstaid na mbóithre.
(v) (Díol) an teach sin amárach.
(vi) Níor (fág) oiread agus duine amháin ar an oileán.
(vii) Tóg) an corp go dtí an séipeal tráthnóna amárach.
(viii) An té atá thuas (ól) deoch air ach an té atá thíos (buail) cos air.
(ix) (Déan) smidiríní den chrúiscín bainne ar maidin.
(ix) Tá) den tuairim anois gur gadaí is ea é.

is féidir íoc as síntiúis go sábhailte trí PayPal ag http://www.oideachas.gaelsceal.ie/sintiuis/ nó is féidir leat foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.oideachas.gaelsceal.ie agus www.gaelsceal.ie.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Gaeilge – Teastas Sóisearach 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Páipéar 2 / Roinn III
Litir (30 marc)

An Litir

Leagan amach na Litreach

(a) Seoladh:

'Cois na Laoi'
An Bóthar Fada,
Baile Bhuirne,
Co. Chorcaí.

(b) Dáta: **22 Lúnasa.**

(c) Beannú: **A Sheáin, a chara,**

(d) Críoch Oiriúnach:

Is mise, Le meas,
Róisín Ní Riain.

Litir Shamplach
Bhí timpiste agat agus tá tú san ospidéal. Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di ina thaobh.
I do litir luaigh:

- **dhá** phointe eolais i dtaobh na timpiste
- **dhá** phointe eolais i dtaobh cúrsaí san ospidéal
- pointe **amháin** faoi na rudaí a dhéanfaidh tú nuair a rachaidh tú abhaile.

Ospidéal an Chontae,
Cill Airne,
Co. Chiarraí.
16 Eanáir.

A Dheirdre, a chara,
Beatha agus sláinte! Conas atá an saol agatsa? Bhfuil a fhios agat cá bhfuilimse? Anseo san ospideal le dhá lá anuas. Bhí mé féin agus mo chara Aoife - tá aithne agat ar Aoife nach bhfuil? - ag rothaíocht abhaile ón ionad siopadóireachta tráthnóna Dé Sathairn. Go tobann rith madra trasna na sráide agus thit mé den rothar ag iarraidh é a sheachaint. Bhris mé mo rúitín agus ghortaigh mé mo ghlúin sa timpiste. Bhí mé ag cur fola go tréan.

Táim anseo san ospidéal ó shin. Tá gach rud go maith anseo. Tá na banaltraí thar a bheith cairdiúil. Tá an bia go deas agus tá teilifíseán agam i mo sheomra. Táim ar mhuin na muice ar fad, a Threasa. Tá cailín as Lios Tuathail sa leaba taobh liom. Cailín deas cairdiúil atá inti. Tagann a dheartháir, Eoin, chun cuairt a thabhairt uirthi faoi dhó gach lá. Buachaill an-dhathúil atá ann. Ceapaim go bhfuilim ag titim i ngrá leis, a Threasa!

Conas atá gach rud ar scoil? Tá súil agam go bhfuil gach éinne uaigneach i mo dhiaidh! Nuair a rachaidh mé abhaile tá sé i gceist agam rothar nua a cheannach. Ní raibh na coscáin go maith sa rothar a bhí agam nuair a tharla an timpiste agus tá sé scriosta anois. Ba mhaith liom freisin labhairt leis an madra sin - dachshund beag dubh muna bhfuil dearmad orm - agus ceist a chur air cén deifir mhór a bhí air an tsráid a thrasnú mar sin!
Abair le gach éinne go raibh mé ag cur a dtuairisce.

Slán go fóill.
Do chara buan,
Damhnait.

Gluais

rúitín - ankle
coscáin - brakes
ag cur a dtuairisce - asking for them

Ceist 5 / Páipéar 1 / Roinn II
Léamhthuiscint (40 marc)

Ceist 1 **A** **Sliocht (20m)**

Jimín agus an Gandal

1. Maidin Lae Nollag chuaigh Cáit agus mo mháthair go dtí an chéad aifreann. Bhí mé féin agus Daid i mbun an tí. Fad a bhí Daid ag crú na mbó chuaigh mise ag féachaint ar na rudaí go léir a bhí sa chupard. Thóg mé úll agus líon mé póca liom le rísíní, agus bhí smut den bhairín breac ann gearrtha agus chuir mé chugam é sin leis. Nuair a bhí mé ag dúnadh an chupaird arís bhuail smaoineamh mé. Rug mé ar an mbuidéal buí agus leathlíon mé cupán as. Bhlais mé é, ach a bhuachaill ó! Dhófadh sé thú. Ansin ní raibh a fhios agam cad a dhéanfainn leis. Ghlaoigh mé ar an madra agus chuir mé faoina phus an cupán, ach ní fhéachfadh sé air, a mhic ó. Ní dhearna sé ach sraoth a chur as.

2. Ansin chuimhnigh mé ar sheift eile. Fuair mé dorn mine buí agus d'fhliuch mé leis an stuif as an mbuidéal é agus chuir mé sa bhuaile amuigh é ar phláta. Siúd chuige an gandal mór agus d'alp sé a raibh ann. Níor bhraith mé faic air go ceann tamaill. Ansin chrom sé ar ghogalach. I gceann tamaill d'éirigh sé as sin agus chrom sé ar shiúl timpeall agus leathcheann air. Fáinne a bhí sé a dhéanamh agus é ag siúl. Ansin stad sé agus leath sé a dhá chois amach ó chéile agus bhí sé á shuaitheadh féin anonn is anall. Chuirfeadh sé na cait ag gáire.

3. Ansin luigh sé agus dhún sé na súile, agus ní fhaca tú aon oidhre riamh ach é ar shean-Diarmaid críonna anseo amuigh nuair a bhíonn sé ag titim dá chodladh sa chathaoir mhór os comhair na tine agus é ag míogarnach. Sa deireadh luigh sé ar fad anuas ar an talamh, agus níor fhan anam ná brí ann ach chomh beag agus dá mbeadh sé marbh. Bhí mé ag breith chugam ar eagla go gcaillfí é, agus níorbh fhios dom cad a dhéanfainn. Chuala mé Daid ag teacht ó chró na mbó agus chuir mé díom isteach sa teach.

4. "Cad a rinne tú leis an ngandal seo?" arsa Daid. Tháinig stad ionam féin. Níor mhaith liom bheith ag ceilt na fírinne maidin lae Nollag. D'inis mé an scéal ina chodanna beaga do Dhaid. Chonaic mé air go raibh sé míshásta liom.
"Díolfaidh tú as na cleasa lá éigin, a bhuachaill," ar seisean. "Is dócha gur tú a chuir deireadh leis an gcat seo againne, leis, i bPoll an Lín thíos."

5. D'imigh mé liom go dtí an t-aifreann. Le linn an aifrinn d'iarr mé ar Dhia mé a bhreith saor ón olc a bhí ag bagairt orm. Nuair a tháinig mé abhaile ón aifreann bhí an gandal in aice na tine ag Mam agus an t-anam ag teacht arís ann. Ní bhfuair Mam amach riamh cad a d'imigh air mar nuair a tháinig Daid abhaile bhí sí ag iarraidh fios a fháil uaidh cé a tháinig isteach ar maidin ar thug sé an fuisce as an mbuidéal dó. Bhí Daid ag déanamh grinn den scéal agus ní inseodh sé di. Thug sé súil orm féin uair a d'fhág mé míchompordach go leor. Is maith é Daid mar sin féin.

Ceisteanna (iad ar cómharc)

(i) **(a)** Cad a rinne Cáit agus a máthair maidin lae Nollag?
(b) Inis céard a rinne Jimin fad a bhí Daid ag crú na mbó.

(ii) **(a)** Smaoinigh Jimín ar sheift. Cén seift a bhí i gceist?
(b) Cé t-athrú a tháinig ar an ngandal tar éis dó an stuif a ithe?

(iii) **(a)** Cé leis a raibh an gandal cosúil, dar leis an údar? Cén fáth?
(b) Cad a rinne Jimín nuair a chuala sé a Dhaid ag teacht?

(iv) **(a)** Cad chuige nár mhaith le Jimín a bheith ag ceilt na fírinne?
(b) Conas ar inis sé an scéal dá Dhaid?

(v) **(a)** Cad a d'iarr Jimín ar Dhia le linn an aifrinn?
(b) Conas a thaispeáin Daid go raibh sé ceanúil ar Jimín, dar leat?

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Nótaí tacaíochta le Comhar na Múinteoirí Gaeilge

SRAITH PICTIÚR 13
Taithí Oibre san Idirbhliain

Tá an scéal thíos san ord mícheart.
Ag obair i mbeirteanna cuirigí eachtraí an scéil san ord ceart.
Níl ach cúpla nóiméad agaibh!

M.sh A = pictiúr 2

Taithí Oibre san Idirbhliain



A. Bhí an t-ádh le Micheál mar fuair sé a rogha áit don taithí oibre. An chéad mhaidin sin déarfainn go raibh Micheál bocht neirbhíseach. Shiúil Micheál go dtí Bunscoil an Chlochair an mhaidin sin. Bhí cara leis Seán ag obair sa gharáiste béal dorais leis an mbunscoil. Bhí comhrá sciobtha ag an mbeirt bhuachaillí. Ansin chuaigh Micheál isteach chun bualadh le príomhoide na bunscoile. Is léir ón bpictíur gur duine deas ach údarásach a bhí sa phríomhoide. Chuir sé fáilte mhór roimh Mhicheál chun na scoile agus déarfainn gur thug sé comhairle a leasa dó maidir leis an múinteoireacht.

B. Chaith Micheál tamall leis na naíonáin an mhaidin sin. Chuir sé na buachaillí agus na cailíní beaga ina suí i gciorcal beag timpeall air agus léigh sé scéalín beag dóibh. Tá an cuma ar an scéal gur bhain Micheál agus na páistí an-taitneamh as an scéal. Níos deirní sa lá bhí Micheál istigh le rang a haon don rang ealaíne. Bhí na gasúir ag tarraingt agus ag péinteáil pictiúr. Thug Micheál neart smaointe do na gasúir agus iad ag peinteáil. Déarfainn gur duine foighneach, cineálta é. Thaitin an rang go mór leis na gasúir agus le Micheál.

C. Maidin Luain a bhí ann. D'eagraigh an ceann bliana cruinniú do na daltaí go léir sa cheathrú bliain chun labhairt leo faoina dtaithí oibre. Bhí liosta de na hionaid oibre ar an mballa sa halla. Mhol sí do na daltaí súil a chaitheamh ar an liosta roimh an Mháirt. Dúirt sí leo go mbeadh orthu na socruithe a bheith déanta roimhe sin. Bhí suim mhór ag na daltaí sa mhéid a bhí le rá aici mar bhí na daltaí ag éisteacht go cúramach leí.

D. Tar éis coicíse bhí ar na buachaillí saol na hoibre a fhágáil ina ndiaidh agus filleadh ar an scoil arís. D'eagraigh an ceann bliana seisiún aiseolais faoin taithí oibre. Bhí fonn cainte ar na buachaillí go léir. Bhain Micheál agus Seán an-taitneamh agus an-tairbhe as a gcuid taithí oibre. Fuair siad taithí den scoth. Bhí na buachaillí go léir an-bhuíoch don cheann bliana Bean Uí Ráinne.

E. Thug an ceann bliana cur síos ar roinnt de na poist a bhí ar fáil mar chuid den taithí oibre. D'fhiafraigh sí den rang an mbeadh suim ag aon duine taithí oibre a dhéanamh i mbunscoil nó i ngaráiste? Chuir Micheál a lámh in airde láithreach. Dúirt Micheál gur mhaith leis an taithí oibre a dhéanamh i mbunscoil. Bhí súil ag Micheál áit a ghnóthú ar chúrsa múinteoireachta tar éis na hArdteiste agus bhí sé den tuairim go gcabhródh an taithí sa bhunscoil go mór leis.

F. Ag an am céanna, béal dorais bhí an príomhmheicneoir ag taispeáint inneall an chairr do Sheán. Bhí an príomhmheicneoir ag déanamh seirbhís iomlán ar charr ag an am agus mhínigh sé an próiséas ar fad do Sheán. Ní raibh cead ag Seán seirbhís a dhéanamh ar charr toisc nach raibh sé sách oillte ar cheird an mheicneora. Ach bhí Seán breá sásta an glantachán a dhéanamh timpeall an gharáiste.

A = **B=** **C=** **D=** **E=** **F=**

Cúinne na Teicneolaíochta
Ar chuala sibh faoin aip nua seo?

Aip na míosa - TG Lurgan

Aip nua ceoil cruthaithe ag Coláiste Lurgan. Tá neart ceoil agus go leor fiseán ar an aip. Tá na fiseáin focail go hiontach-is féidir éisteacht le hamhráin chomhaimseartha aistrithe go Gaeilge agus féachaint ar na focail ar an scaileán. D'fhéadfaí na fiseáin seo a úsáid chun rang ceoil/ Karoke a reáchtáil. Tá an aip seo saor in aisce agus ar fáil ón Play Store do ghléasanna Android agus ón App Store do ghléasanna iOS.

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

OSPS - Sábháilteacht bóthair

Thit líon na ndaoine a fuair bás ar ár gcuid bóithre go dtí 186 in 2011, an leibhéal is ísle ar taifead, sin laghdú de 26 duine ó 2010. Leag an rialtas an sprioc a bhain siad amach trí bliaina chun cinn chun 252 níos lú bás a bhainte amach. Fuair 168 duine bás ar na bóithre anuraidh.

Seo an briseadh síos ar an 186 duine sin: 147 coisí, 9 rothaí, 65 tiománaí cairr, 30 paisinéir cairr, 17 bhfeithicil earraí agus 18 ar ghluais-rothar. Is seo a leanas noda sábháilteachta do dhéagóirí chun fanacht slán ar na bóithre nuair a bhíonn sibh ag siúil agus ag rothaíocht:

Sábháilteacht coisithe

- Féach, breathnaigh agus éist
- Ná trasnaigh an bóthar idir carranna atá parcáilte.
- Más féidir, téigh trasna an bhóthair ag soilse tráchta
- Na trasnaigh an bóthar ar choirnéal.
- Úsáid cosán san áit is féidir.
- Mura bhfuil cosán ann, siúil nó rith ar an taobh a bhfuil d'aghaidh i dtreo an tráchta atá ag teacht agus chomh gar agus is féidir le taobh an bhóthair.
- Ná bíodh níos mó ná beirt ag siúl taobh le taobh má tá an bother caol, agus má bhíonn an trácht trom ba cheart siúl ina nduine agus ina nduine laistiar dá chéile.

Méadaigh d'infheictheacht

Tarlaíonn 2/3 de na timpistí san oíche mar sin tá sé riachtanach a bheith níos feiceálaí san oíche:

- Caith banda muinchille, beilt nó éadaí eile frithchaiteacha. Tabharfaidh sé sin cúnamh duit a bheith feiceálach in am.
- Amuigh faoin tuath, ba cheart duit tóirse a iompar.

Sábháilteacht rothaithe

Modh iompar coitianta is ea an rothar ach íonn rothaithe leochaileach ar na bóithre.
Is seo a leanas comhairle chun a bheith sábhailte agus tú ag rothaíocht :

- Ná bí ag rothaíocht san oíche gan soil siú ceart
- Caith éadaí lonracha cosúil le veist le infheictheacht ard, bandaí muinchille infheicthe agus beilteanna frithchaite ionas go bhfeicfeadh daoine thú.
- Caith clogad
- Déan cinnte fanacht ar an taobh clé den bhóthar.
- Féach taobh thiar duit go rialta agus tabhair comhartha soiléir agus athraigh lána sula gcasfaidh tú.

- Lean rialacha an bhóthar; ná tígh trí shoilse dearga tráchta agus ná rothaigh go tobann amach roimhe an trácht.
- Déan cinnte go bhfuil na coscáin agus na rothaí in ord ceart.
- Ná bí ag rothaíocht ar na cosáin.
- Fan glan ar thrucailí a bheidh ag casadh faoi chlé; tabhair cead dóibh casadh sula mbogfaidh tú ar aghaidh.

OSSP - Struchtúr Daonlathais na hÉireann – An Dáil

Teachtaí Dála

Is í Dáil Éireann an príomhtheach i bParlaimint na hÉireann. Bíonn 166 ball sa Dáil agus is iad muintir Phoblacht na hÉireann a thoghann na baill sin go díreach. Tá ballraíocht don Dáil oscailte do shaoránaigh atá os cionn 21 bliain d'aois. Teachtaí Dála an t-ainm atá ar bhaill na Dála. Is é post na dTeachtaí Dála ná ionadaíocht a dhéanamh ar riachtanais na ndaoine ina ndáilcheantair, obair a dhéanamh ar son cúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta na tíre agus dlíthe nua a dhéanamh.

Dáilcheantar

Déanann Teachtaí Dála ionadaíocht ar mhuintir na hÉireann. Tá Éire roinnte ina 43 cuid ar a dtugtar dáilcheantair. Déanann na Teachtaí Dála ionadaíocht ar na dáilcheantair. I rith toghcháin roghnaíonn muintir na hÉireann na daoine is fearr, dar leo, a dhéanfadh ionadaíocht ar a ndáilcheantar.

Páirtí Polaitiúil

Tá roinnt páirtithe polaitiúla i bPoblacht na hÉireann. Is féidir le Teachtaí Dála a bheith mar chuid de Pháirtí Polaitiúil nó is féidir leo a bheith Neamhspleách. Tá comhrialtas coitianta anseo in Éirinn. Go stairiúil is iad na páirtithe polaitiúla is mó a bhí i mbun rialtais ná Fianna Fáil agus Fine Gael.

Páirtí Rialtais amháin agus Comhrialtas

Má bhíonn 84 Teachta Dála, nó níos mó, i bpáirtí amháin tofa ag na daoine, is féidir leis an bpáirtí sin rialtas féin a chur le chéile. San áit nach mbíonn tromlach na vótaí ag aon pháirtí, tagann dhá pháirtí nó níos mó le chéile chun comhrialtas a bhunú.



I measc na gcumhachtaí eisiacha atá ag an Dáil, is féidir leo:

- Taoiseach a cheapadh
- Buiséad a cheadú
- Ainmniúchán an Taoisigh a cheadú mar Airí rialtais
- Ainmniúchán an Taoisigh a cheadú mar Ard-Aighne

An Seanad

Is é an Seanad an dara teach i bParlaimint na hÉireann. Tá an Seanad lonnaithe i dTeach Laighean. Tugtar Seanadóirí ar bhaill na an tSeanaid. Tá seasca acu ann. Níl an Seanad cosúil leis an Dáil sa bhealach a bpioctar a chuid ball. Ní dhéantar na Seanadóirí a thoghadh go díreach agus is meascán de pháirtithe a bhíonn sa Seanad.

Déantar iad a roghnú ar bhealaí difriúla:

- Bíonn 11 ainmnithe ag an Taoiseach
- Bíonn 6 tofa ag céimithe ollscoile
- Bíonn 43 tofa ag meascán de Sheanadóirí atá ag fágáil, Teachtaí Dála atá ag teacht isteach agus Comhairlí Contae áitiúla.

Tá cumhachtaí an tSeanaid i bhfad níos lú ná iad siúd sa Dáil. Is é príomhfheidhm an tSeanaid ná moltaí a dhéanamh ar leasuithe ar bhillí a bhfuil sé de rún ag an rialtas dlí a dhéanamh astu. Bíonn 90 lá ar fáil tar éis lánscor na Dála chun toghchán don Seanad a rith, mar sin tá go dtí 2 Bealtaine i mbliana chun an toghchán a rith.

Gluais

Tofa – Elected
Saoránaigh – Citizens
Ionadaíocht - Representation
Dáilcheantar - Constituency
Eacnamaíocht – Economics
Sóisialta - Social
Páirtí Polaitiúil – Political parties
Neamhspleách - Independent
Comhrialtas – Coalition

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie

Comhairle Gairmthreorach:

Ag dul chuig coláiste 2013-2014

TÁ mic léinn agus Comhairleoirí Gairmthreorach an-ghnóthach faoi láthair ag réiteach le haghaidh an spriocdháta do chuid de na cúrsaí tríú leibhéal a bheas ag tosú i mí Mhéan Fhómhair seo chugainn. Is é 01 Feabhra @ 17.00 an spriocdháta. Ní gá go mbeadh imní ar mic léinn cúrsaí a roghnú roimh an dáta sin mura bhfuil siad ag cur isteach ar chúrsaí teoranta, mar shampla, cúrsaí ina bhfuil níos mó na torthaí na hArdteiste i gceist leo. Tá na cúrsaí seo liostaithe san "Lámhleabhair CAO" ar na leathanaigh buí. Cúrsaí iad seo ina mbeidh scoláirí ag déanamh cúrsa leighis, ceoil, drámaíochta nó deartha, mar aon le cuid de na cúrsaí ailtireachta, fótagrafaíochta, dearthóireacht smideadh, banaltracht do mhic léinn aibí agus araile. Bíonn agallamh nó tionscnamh nó teastas mianach nó trialach de shaghas éigin ag teastáil ó na coláistí chomh maith le torthaí na h Ardteiste. Do na mic léinn nach bhfuil aon suim acu sna cúrsaí sin, níl le déanamh acu ach clárú leis an CAO roimh 01 Feabhra seo romhainn sa gcaoi is go mbeidh siad istigh sa gcoras. Tá mic léinn in ann iarratas déanach a dhéanamh ar líne ar an1 Bealtaine, 2013, ar chostas €50 agus i bhfoirm páipéarachais ar costas €80, ach ní féidir cur isteach ar chúrsaí teoranta i mí Bealtaine. Caithfidh na cúrsaí sin a bheidh liostaithe i mí Feabhra.

H-PAT

Dóibh siúd a bhfuil suim acu cúrsa leighis a dhéanamh, ní mhór dóibh clárú leis an CAO roimh 01 Feabhra 2013 agus ansin clarú leis an gcomhlacht ACER chun an scrúdú H-Pat a dhéanamh ar an 2 Márta, 2013. Is féidir an t-iarratas seo a dhéanamh ón 6 Sámhain seo caite suas go dtí an 20ú lá den mhí seo @ 17.15 i.n. ar chostas €115. Caithfidh uimhir iarratais CAO a bheith agat sula mbeidh tú in ann clárú le ACER. Sin an uimhir a fhaigheann tú nuair a chláraíonn tú leis an CAO. Má chuireann tú isteach iarratas déanach, mar shampla ar an 01 Feabhra, 2013, chuig ACER cosneoidh sé €180 agus suas go dtí an 4ú lá d'Fheabhra cosneoidh sé €215. Mar sin, is fiú go mór an t-iarratas a bheith déanta in am.

HEAR/DARE

Is féidir le mic léinn cur isteach ar chúrsaí 3ú leibhéal má tá siad ag freastal ar scoil "DEIS"(Delivering Equality of Opportunity in Schools), má tá cárta leighis acu agus, nó, má tá an teaghlach ag fáil airgid ón Roinn Leasa Shóisialaigh. Chomh maith leis sin, breathníonn siad ar áit chónaithe an mhic léinn, mar shampla, cén áit sa tír a bhfuil siad ina gcónaí. Má tá siad in áit iargúlta tá seans níos fearr go n-éireoidh leis an iarratas. Tá buntáistí móra ann do mhic léinn má éiríonn leo le iarratas a dhéanamh trí HEAR nó DARE mar go mbeidh siad in ann cúrsaí a fháil ar phointí níos ísle. Chomh maith leis sin, bíonn tacaíocht bhreise airgid le fáil chun cúnamh a thabhairt le leabhra a cheannacht agus tá go leor tacaíochta ar fáil ó thaobh scileanna staidéir, meantóireacht agus seachtain ionduchtaithe roimh thosú ar Choláiste 3ú leibhéal. Is féidir an t-eolas uilig a fháil ar www.accesscollege.ie.

Ag roghnú cursaí

Tá sé an-tábhachtach go gcuirfeadh mic léinn am isteach ag déanamh taighde ar na cúrsaí a roghnaíonn siad. Más scoláire thú atá abálta pointí arda arda a fháil, ná bí ag cur isteach ar chúrsaí le pointí arda amháin mura bhfuil tú cinnte gurb é sin an cúrsa a theastaíonn uait. Lean leis an gcúrsa atá i do chroí agus beidh tú sásta leis. Is minic a chuireann mic léinn isteach ar chúrsaí le pointí arda mar gur cuireadh brú orthu é sin a dhéanamh in áit leanacht leis an gcúrsa a thaitin leo fhéin. Tá na teastais suime agus na teastais mhianacha a dhéanann tú ar scoil in ann go leor eolais a thabhairt duit fút fhéin, ach ní mhór duit go leor taighde a dhéanamh ar na cúrsaí freisin. Léigh céard atá i gceist sa gcúrsa, mar shampla, céard iad na hábhair a bheas tú ag staidéar, cén sórt poist a bheas agat nuair a chríochnóidh tú an cúrsa. Labhair le cairde nó le daoine a bhfuil aithne agat orthu faoin gcúrsa má tá siad ag freastal air agus cur ceisteanna ar dhaoine atá cáilithe cheana fhéin go bhfeicfidh tú an dtaitníonn an tslí bheatha sin leo. Tá sé riachtanach go ndéanfadh tú an taighde sin uilig thú fhéin. Mura ndéanfaidh ní bheidh aon bhealach go mbeith tú cinnte go bhfuil tú ar an mbóthar ceart i mí Méan Fómhair seo chugainn.

Tá an rogha agat cur isteach ar 20 cúrsa uilig, 10 gcinn ar leibhéal 6/7 agus 10 gcinn ar leibhéal 8. Ná cuir síos aon cúrsa nach mbeadh tú sásta glacadh leis i mí Lúnasa seo chugainn mar breathnóidh an CAO ar do chuid torthaí Ardteiste agus breathnóidh siad ar na cúrsaí a chuir tú isteach orthu agus gheobhaidh tú tairiscint a bheidh bunaithe air sin.

Patricia Uí Fhlaithearta
Comhairleoir Gairmthreorach

Gaelscéal ar Scoil
www.oideachas.gaelsceal.ie

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Nua an tseachtain seo ag www.oideachas.gaelsceal.ie

Nua ar líne an tseachtain seo

- Podchraoladh de fhreagra samplach ar SRAITH PICTIÚR 13 – Taithí Oibre san Idirbhliain
- Freagra samplach do Bhéaltriail 2013 don Teastas Sóisearach agus Ardteistiméireacht
- Freisin féach ar fhíseán faoi príomhphointí na nótaí OSSP agus OSPS atá sa nuachtán an tseachtain seo.

Tá an t-ábhar seo leanas le fáil ar an suíomh:

- Ábhar tacaíochta do béaltrialacha na hArdteiste agus an Teastas Shóisearaigh
- Ábhar cluastuisceana
- Ábhar léamhthuisceana
- Ábhar teagaisc bunaithe ar na míreanna idirlín "Na Rúin" agus Údar
- Ábhar tacaíocht d'fhoghlaim na gramadaí
- Ábhar físe agus scríofa bunaithe ar théamaí churaclaim an OSSP agus OSPS.

Lean muid ar:

Le tacaíocht ó: Comhar na Múinteoirí Gaeilge

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 23 Eanáir, 2013

Crosfhocal 23.01.2013



NODA

TRASNA

1 Lom, gan éadaí (5)
3 Duine a bheadh ina aghaidh ruda agus sásta beart a dhéanamh faoi (6)
9 Beachtas (9)
11 An áit is sábháilte do choisí (5)
13 Banna ceoil clúiteach le teaghlach Uí Bhraonáin (7)
15 Uirlis a úsáideann tú le cranna leagadh nó adhmad a bhriseadh 930
17 Píosa foilsithe i nuachtán (3)
18 Ag caint, ag insint, ag -- (2)
21 Tomhas talún (4)
23 Saothair a léirítear ar stáitsí (6)
25 Múinteoir (4)
27 Áit laistigh d'foirgneamh a mbíonn daoine ag snámh (4)
28 Ar strae, caite (3)
29 Gnáth chleachtas (3)
30 Díospóireacht (3)
31 Stop (4)

SÍOS

2 Níos measa, ag dul in ----- (5)
4 Áit féarmhar idir dhá chnoc (6)
5 Casann doras air seo (4)
6 Críost (4)
7 Imeachtaí eagraithe in aghaidh (nó i bhfabhar) polasaí nó straitéise (8)
8 Ainmhithe ag ithe (6)
10 Caora óg (3)
12 Scríbhneoir, úrscéalaí (4)
13 Cluimhreach, cleití ar éan (5)
14 Úr (3)
16 Áit atá i bhfad ón urlár (3)
19 Oileáin ar chósta na Gaillimhe (5)
20 Contae Chiarraí, b'fhéidir (6)
22 Gníomh a dhéanfadh duine draíochta (5)
24 Scrios (4)
26 Fealsúnacht a gcreideann tú inti (4)

Crosfhocal
16.01.2013

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Sinéad Ní Fhlatharta,
Br.Baile Mhoinín, Cnoc na Cathrach, Gaillimh.

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 28.01.2013 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin

Ginmhilleadh - Sea, nó ní hea?

Ábhar amháin atá sna meáin go minic le roinnt míonna anuas is ea an ginmhilleadh. Ní hé gur ábhar nua é seo le plé agus is gnáthamh é atá thart le blianta fada anuas ach is ábhar é a tharraingíonn go leor cainte.

Ansin, go mion minic, iontaíonn an chaint isteach ina hargóintí agus ina hábhar agóide mar nach féidir le daoine a theacht ar chomhaontú faoi chúis sách láidir le ginmhilleadh a bheith ag bean.

Agus, gan dabht, níl aon freagra simplí ar an deacracht sin.

Ní leor 'Tá' nó 'Níl' a vótáil mar níl a fhios ag aon duine againne cén fáth a bhfuil an cinneadh seo á thógáil ag aon bhean ar leith.

Cén chaoi ar féidir liomsa vótáil ar son ginmhilleadh a bheith dlíthiúil, nuair a d'fhéadfainn a fháil amach níos deireanaí go mbeadh deireadh á chur le féatas ar na cúiseanna míchearta.

Ach ar an lámh eile, ní féidir liom vótáil ina aghaidh mar go gcreidim go bhfuil cásanna áirithe inar chóir go mbeadh an rogha ag bean ginmhilleadh ar fáil.

Cé go bhfuil ceart ag gach féatas maireachtáil, tá cearta ag mná freisin, cearta atá daoine eile sásta a bhaint dhíobh agus ní hé amháin sin, ach breithiúnas a thabhairt orthu chomh maith.

Is iomaí fáth a mbeadh bean i gcaoi ina gcaithfeadh sí cinneadh crua a dhéanamh. B'fhéidir go mbeadh dóthain clainne aici cheana féin agus nach mbeadh sí in ann gasúr eile a thógáil.

B'fhéidir gur éigníodh í, nó b'fhéidir go mbeadh cúrsaí sláinte ag cur as di.

Tá míle beag fáth ann, ach ní le haon duine eile an cás sin a mheas.

Tá an scéal sách dona don té a bhfuil an cinneadh sin le déanamh aici agus caithfidh an bhean bhocht maireachtáil leis an gcinneadh sin an chuid eile dá saol.

Ní dóigh liom go dteastaíonn uaithi a bheith ag éisteacht le tuairimí dhaoine eile ag an tráth sin, go háirithe nuair nach dtuigeann siad an cás!

Cinnte, níl aon cheart ag aon duine a bheith ag screadaíl ar na mná seo agus ar na doctúir le linn dóibh a bheith ag siúl isteach ná amach as na clinicí.

Ach ar an taobh eile den scéal, tá féatas beag a gcaithfear smaoineamh faoi freisin. Tá sé de cheart ag an bhféatas cosaint a fháil óna mháthair agus gach seans a thabhairt dó a bheith beirthe agus saol sona a bheith aige nó aici.

Ach faraor níl an saol seo Dubh agus Bán.

Níl freagraí éasca le fáil agus níl sé easca lipéad ceart nó mícheart a chur ar aon chúis ná ar aon duine. Ní thuigfidh aon duine againn an scéal i gceart go dtiocfaidh an tubaist chuig an doras againn.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Athruithe ar shochair theaghlaigh

Ceist:

Táim i mo chónaí i m'aonair, tá mé breis agus 70 bliain d'aois agus tá an Pacáiste Sochair Teaghlaigh á fháil agam. Tuigim go ndearnadh Buiséad 2013 díobháil dó. An féidir leat a insint dom céard iad na hathruithe?

Freagra:

Is fíor sin, athraíodh an Pacáiste Sochair Teaghlaigh i mBuiséad 2013. Laghdófar luach an Liúntais Leictreachais/Gháis agus an Liúntas Gutháin d'fhaighteoirí nua agus reatha ó Eanáir 2013 ar aghaidh.

Tá an Liúntas Leictreachais á choigeartú ó liúntas aonadbhunaithe go dtí suim sheasta €35 sa mhí. Íocadh an Liúntas Gáis, roimhe seo, ar rátaí éagsúla geimhridh agus samhraidh. Ó Eanáir 2013 ar aghaidh, íocfar é ar ráta nua caighdeánach míosúil €35.

Féadfar na liúntais seo a íoc mar chreidmheas ar do bhille nó mar liúntas airgid. Braitheann sé ar do sholáthróir agus ar do mhodh íocaíochta.

Ní dhéanann an t-athrú seo difear do do rogha soláthróra agus féadfaidh tú an soláthróir fuinnimh is oiriúnaí duit a roghnú. Is ann do roinnt láithreáin ghréasáin tráchtála a ligeann duit comparáid a dhéanamh idir praghsanna fuinnimh. Tá láithreáin ghréasáin um chomparáid chostais creidiúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) má bhaineann siad caighdeáin áirithe. Féadfaidh tú súil a chaitheamh ar láithreáin ghréasáin chreidiúnaithe ar energycustomers.ie.

Íocaíocht is ea an Liúntas Gutháin i dtreo do ghutháin phóca nó do bhille gutháin líne thalún. Laghdófar luach an liúntais seo anuas ó €22.58 go dtí ráta nua míosúil €9.50. Léireofar seo mar chreidmheas ar do bhille nó féadtar é a íoc mar liúntas airgid.

Níor tháinig athrú ar an gCeadúnas Teilifíse saor in aisce, an Liúntas Breosla, an Saorthaisteal nó an Liúntas Maireachtála Aonair.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

RUGBAÍ

Na Wolfhounds le greim a bhaint as na Saxons



Brian O'Driscoll, Cúige Laighean
[PIC : STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

Dé hAoine: Wolfhounds v Saxons Sportsgrounds, Gaillimh @ 19.35 Beo ar RTÉ2.

Gráinne McElwain

TÁ briseadh anois i gcomórtais rugbaí na hEorpa agus tar éis cúpla deireadh seachtaine crua, is ar an bhfoireann idirnáisiúnta a bheas aird na ndaoine anois agus Comórtas na Sé Náisiún ag tosú an tseachtain seo chugainn.

Ar an Aoine beag seo beidh na Wolfhounds ag tabhairt aghaidh ar na Saxons sna Sportsgrounds i nGaillimh agus seans maith go bhfeicfear roinnt de na himreoirí móra le rá ag imirt sa chluiche sin agus cóitseálaí na hÉireann Declan Kidney ag iarraidh deis imeartha a thabhairt do na himreoirí sin.

Fuair na Saxons an lámh in uachtar ar na Wolfhounds anuraidh 23-17 agus Simon Zebo, Mike McCarthy agus Tomás O'Leary ag aimsiú na n-úd. Is mór an difear a dhéanann bliain, agus ó shin bhí sárthaispeántais ag Zebo agus McCarthy i gcluichí idirnáisiúnta an fhómhair ach bhí an míádh ar O'Leary mar go bhfuil sé ar lár ón chluiche faoi láthair mar gheall ar dhrochghortú droma.

Tá gach seans ann go mbeidh Rob Kearney, Brian O'Driscoll, Luke Fitzgearld agus Seán O'Brien ag glacadh páirte sa chluiche Dé hAoine agus iad ar a mbealach ar ais ó ghortuithe bíodh is gur imir siad ar fad le Cúige Laighean sa Chorn Heineken. Ainmníodh painéal de 39 imreoir do Chomórtas na Sé Náisiún agus thraenáil na Wolfhounds agus foireann na hÉireann le chéile i rith na seachtaine ag Teach Carton.

Seisear imreoirí nua atá ar an bpainéal agus feicfear iad ag imirt do na Wolfhounds. Sin iad Paul Marshall, Paddy Jackson, Lewis Stevenson as Ulaidh, Dave McSharry agus Robbie Henshaw ó Chúige Chonnacht agus Ian Madigan as Laighin. Beidh sé suimiúil cá mbeidh na himreoirí sin i gceann bliana.

Níl Tommy Bowe, Stephen Ferris, Luke Marshall, John Muldoon, Paul O'Connell ná Dan Tuohy ar fáil faoi láthair mar gheall ar ghortuithe.

Beidh Kidney i gceannas ar fhoireann na Wolfhounds agus é ag iarraidh an fhoireann is láidre a bheas aige a chur chun páirce in aghaidh na Breataine Bige an deireadh seachtaine dár gcionn ina gcéad chluiche i gComórtas na Sé Náisiún.

"Bhí roinnt imreoirí againn a bhí gortaithe agus níl mórán cluichí imeartha acu dá bharr," a dúirtKidney. "Mar sin, seo deis iontach dóibh agus do na himreoirí nua ata ar an bpainéal dul in iomaíocht fá choinne áiteanna ar an bhfoireann sinsir don tseachtain seo chugainn."

CLG

Bernard Brogan, Baile Átha Cliath
[PIC : PAUL MOHAN / SPORTSFILE]

Seans ar Chorn a Bhuachan

Gráinne McElwain

TÁ seachtain le dhul sula gcuirfear tús leis an tSraith Peile Allianz agus ar an deireadh seachtaine tá deis ag ocht bhfoireann corn a bhuachan go luath sa séasúr. Oíche Dé Sathairn, beidh Muineachán agus seaimpíní Corn Mhic Cionnaith na bliana seo caite, Tír Eoghain, ag casadh ar a chéile in Ard Mhacha. Bhí bua mhaith ag Muineachán ar an Dún 1-12 le 0-13 le cúl ó Conor McManus agus dhá chúilín dheireanacha ó Darren Hughes ag cuidiú leo an lámh in uachtar a fháil ar an Dún. Bhí bua níos éasca ag Tír Eoghain, 2-9 le 0-7, ar Fhear Manach cé nár imir siad go maith.

D'éirigh le Cill Dara áit a fháil i gCluiche Ceannais Chorn Uí Bhroin nuair a fuair siad an lámh in uachtar ar Uíbh Fhailí, 1-12 le 1-9, agus Mikey Carroll ag aimsiú an chúil do Chill Dara ó chic éirice. In aghaidh Bhaile Átha Cliath a bheidh siad ag imirt Dé Sathairn mar go bhfuair Baile Átha Cliath réidh leis an Lú, 4-15 le 0-10. Bhí an cluiche sin thart ag leatham agus Bernard Brogan ag cur dhá chúl san eangach taobh istigh de 12 nóiméad; Emmet Ó Conghaile agus Paul Hudson a d'aimsigh na cúil eile chun 4-8 le 0-7 a chur idir na foirne ag leatham.

Tiobraid Árann agus Ciarraí a bheas ag imirt in aghaidh a chéile sa chluiche ceannais ó dheas agus Tiobraid Árann ag iarraidh Corn Mhic Craith a bhuachan den chéad uair ó 2003. Thóg sé am breise chun Tiobraid Árann agus Port Láirge a scaradh óna chéile (1-12 le 2-8) ach bhí bua i bhfad níos compordaí ag Ciarraí ar Luimneach agus iad ag críochnú 3-17 le 1-11 chun cinn.

San iarthar, beidh Liatroim agus Sligeach ag casadh ar a chéile i gCluiche Ceannais na Sraithe FBD Dé Domhnaigh, tar éis dóibh fáil réidh le dúshlán ó GMIT agus Gaillimh. Ní raibh mórán idir na foirne ar fad i rith na gcluichí sin, ach chríochnaigh Liatroim cúilín chun cinn ar GMIT, 0-10 le 1-6, agus dhá chúilín a bhí idir Sligeach agus Gaillimh ag lán-ama, 0-9 le 1-4.

DÉ SATHAIRN
Na Cluichí Ceannais :
Corn Mhic Cionnaith
Muineachán v Tír Eoghain, Ard Mhacha @ 7.30i.n.
Corn Uí Bhroin
Cill Dara v Baile Átha Cliath, Páirc Pharnell @ 7.00i.n.
Corn Mhic Craith
Ciarraí v Tiobraid Árann
(Am & Ionad le cinntiú)
DÉ DOMHNAIGH
Sraith FBD
Liatroim v Sligeach
(Am & Ionad le cinntiú)

GAELSCÉAL
Dé Céadaoin, 23 Eanáir, 2013

Ar an gclaí

Le John Allen

Cá stopfaidh an leibhéal aclaíochta?

Bainisteoir Dhún na nGall, Jim McGuinness ag coinneáil súil ar a fhoireann agus iad ag traenáil anuraidh [PIC : OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE

Tá cúrsaí mall go leor fós ó thaobh scéalta CLCG. Ní fada anois go mbeidh rudaí ag téamh suas leis na chéad cluichí peile i Sraith Allianz.

Ach ná bíodh aon cheist faoi, tá imreoirí idirchontae na tíre seo faoi lán seoil cheana féin ó thaobh ullmhucháin don séasúr nua de. Is iontach iad imreoirí an lae inniu a chuireann cuid maith rudaí ar leataobh chun na cluichí Gaelacha a imirt.

Tá an-mheas agam orthu, go háirithe, iad sin atá faoi 21 agus ag freastal ar Choláiste éigin.

Bíonn orthu freastal ar a lán tránna, ó thaobh spóirt de, mar aon le caighdeán a gcuid staidéar a choimeád ard.

D'aon imreoir atá lán dáiríre faoi imirt ag an leibhéal seo, bíonn air aire a thabhairt dó féin an t-am ar fad. Bíonn tástáil i gceist go minic i rith na bliana agus mura bhfuil an obair déanta inseoidh na torthaí an scéal sin.

I gcoitinne, ní féidir le himreoir a theacht ar ais i ndiaidh shaoire na Nollag agus boilgín a bheith air.

Ní féidir a theacht ar ais ach an oiread gan cuid mhaith den traenáil aonarach a bheith déanta i rith na tréimhse céanna. Tríd is tríd, tá suim ag formhór de na himreoirí atá ag an leibhéal idirchontae a bheith mar chuid den painéal idirchontae.

Na laethanta seo, ní féidir le himreoir dul i bhfolach ó thaobh traenála de. Caithfear an obair a chur isteach. Mar a deireann an mana rothaíochta, "caithfidh na mílte a bheith curtha sna cosa".

Ag féachaint ar an leibhéal aclaíochta a bhíonn i gceist sa pheil anois, caithfear an cheist a chur "cá stopfaidh sé."

Tá an caighdeán chomh hard san go gcaithfear an cheist sin a chur.

Chonaiceamar foireann Dhún na nGall 2012 ag léiriú caighdeán aclaíochta nach bhfacamar riamh sa pheil Ghaelach.

Ag tús na seachtóidí thóg fhoireann iomráiteach Bhaile Átha Cliath caighdeán aclaíochta go dtí leibhéal nua.

Níorbh fhada gur lean Ciarraí iad agus, ar ndóigh, níorbh fhada arís go raibh foireann na Ríochta ar ais ag an mbarr, áit ar fhan siad go dtí lár na n-ochtóidí.

Ach tá leibhéal an-ard sroichte anois ó thaobh aclaíochta de. Mar sin, caithfidh foireann éigin a theacht aníos le plean éigin agus taicticí eile nach mbaineann le haclaíocht ná leis an gcóras cosanta atá á úsáid go forleathan anois.

Idir sin agus cúpla bliain ó shin, tháinig foirne difriúla chun cinn agus a mbuanna féin acu.

Ach tá leibhéal an-ard sroichte anois ó thaobh aclaíochta de. Mar sin, caithfidh foireann éigin a theacht aníos le plean éigin agus taicticí eile nach mbaineann le haclaíocht ná leis an gcóras cosanta atá á úsáid go forleathan anois.

Cibé rud é, tá an traenáil á dhéanamh agus na pleananna á leagadh síos agus na comórtais éagsúla ar siúl sna cúigí ar fad.

Thosaigh iománaithe Luimnigh amach ar an mbóthar an Satharn seo caite leis an gcéad cluiche i gcomórtas Chriostal Phort Láirge i gcoinne Mary I. Thosaigh siad go láidir agus cúl acu taobh istigh de nóiméad ó David Breen agus le cabhair cúil eile d'oscail siad suas bearna de shé chúilín nár chailleadar.

Tosach maith go leor ach ní rachainn thar fóir le moladh fós, cé gur sheas fear nua amháin amach, Cathal King ó chumann na bPiarsach.

B'shin é a chéad chluiche ceart leis an bhfoireann sinsir agus más féidir leis fanacht leis an bhform sin beidh sé mar chuid lárnach den phainéal don séasúr. Bhí sé tábhachtach dúinn an bua a fháil chun dúshlán níos deacra a fháil an deireadh seachtaine seo i gcoinne sheaimpíní na Mumhan, Tiobraid Árann.

Lena mbainisteoir nua, Eamonn Ó Sé, a bhfuil ardmheas air sa chontae, tá dóchas nua i measc na leantóirí dílse go mbeidh siad ag déanamh na oilithreachta go dtí an ceanncheathrú ag tús Mheán an Fhómhair.

Feicfimid conas a bheidh acu an Domhnach seo san Aonach , áit a dtosóidh rudaí ar a dó a chlog.

Sa Mhuirdíog, i gCorcaigh an Satharn seo caite freisin, d'imir an fhoireann baile i gcoinne na scoláirí ó Choláiste na hOllscoile agus corn in ómós d'iarthraenalaí buacach an Choláiste, an tArd-déagánach O'Brien mar dhuais, mar aon le cluiche eile sa Chriostal. Bhí an bua ag an bhfoireann contae.

Ghlac an captaen nua, Pádraig Ó Cróinín leis an gcorn agus beidh cluiche eile acu sa chomórtas an Domhnach beag seo i gcoinne Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

Ag fanacht leis an iománaíocht, bhí ionadh orm nuair a d'fhógair John Mullane go bhfuil deireadh curtha aige leis an iománaíocht idirchontae. Bhí sé ar dhuine de na tosaithe is fearr sa tír le beagnach deich mbliana anuas agus cúig ghradam Réalta Éireann buaite aige.

Cailliúint ollmhór dá chontae é agus gan aon buille den sliotar tógtha fós beidh sé deacair ar na Déise fanacht i Roinn 1a na Sraithe do 2014

Doras druidte ar Shay Given

Cillian Ó Conchúir ar scuad nua Trapattoni

AN rud is annamh is iontaí. Seans gur féidir an rud céanna a rá faoi thromlach na n-ainmniúchán atá déanta Giovanni Trapattoni d'fhoireann sacair na hÉireann.

Faoin am seo, ní ceart go mbeadh aon ionadh ar éinne faoi sin.

Ach tráthnóna Dé Luain, bhain sé geit eile as muintir na hÉireann, nuair a d'ainmnigh sé cúigear nár imir le foireann na hÉireann go dtí seo agus dúirt sé go raibh beirt nó triúr dóibh le tosú.

Is iad an cúigear nár imir cheana ná: tríur imreoir ó Derby County, Richard Keogh (26), Jeff Hendrick (20) agus Conor Sammon (26), Anthony Pilkington ó Norwich agus an cúl báire Stephen Henderson; is cinnte go bhfuil roinnt cinntí le déanamh ag Trapattoni anois.

Gortaíodh Seamus Coleman oíche Dé Luan i gcoinne Southampton agus feicfimid an mbeidh sé aclaí i dhóthain don cluiche dúshláin i gcoinne na Polainne.

Dúirt Trapattoni gur ainmnigh sé seachtar is fiche ionas gur féidir le imreoirí gortaithe a chur díobh gan tionchar a bheith aige ar an gcluiche agus imreoirí nua a thabhairt isteach.

Nuair a ceistíodh Trapattoni faoi cé acu de na himreoirí nua a bhéas le feiceáil i gcoinne na Polainne seans gur bhain a fhreagra geit as na himreoirí iad féin. "(Imreoidh) beirt nó triúr. Measaim gur féidir leo an cluiche a thosú toisc gur dúshlán maith a bhéas ann dóibh. Táim cinnte go dtosóidh beirt nó triúr an cluiche."

Nuair a ceistíodh é faoi cé hiad na himreoirí sin, dúirt Trapattoni: "Sammon, Hendrick agus Pilkington chomh maith." Más fíor an méid atá á rá aige, beidh sé go deas Hendrick agus Pilkington a fheiceáil. An rogha is aite ná Sammon.

Tá sé chúl faighte aige in 27 gcluiche an séasúr seo agus má thosaíonn sé ní bheidh spás ann do Shane Long ná do Kevin Doyle, rud atá seafóideach, ach dar le Trapattoni bhí a shúil dírithe aige ar Sammon le tamall.

"Imreoir is ea Sammon a raibh suim againn ann roimhe seo. Bhíomar ag choimeád súil air. Tá teicníc maith aige, a deirtear. Tá pearsantacht mhaith ag Keogh agus is maith linn an méid atá feicthe againn go dtí seo.

Mar gheall go bhfuil comharthaí ceiste faoi aclaíocht Shean St Ledger agus Richard Dunne, is maith an rud é a bheith ag féachaint ar chosantóirí eile.

Is imreoir maith fuinniúil é Hendrick agus léiríonn sé teicníc agus cumas maith i lár páirce. Tá deis ag na himreoirí a bheith páirteach ní amháin don cluiche seo ach do cluichí sa todhchaí."

Seans gurb í an ceist is mó atá le freagairt ag Trapattoni ná faoi cén cúl báire a thosóidh an cluiche.

Níl imeartha ag Keiran Westwood ach trí cluiche sa Chorn Capitol One le Sunderland ach tá 28 gcluiche imeartha ag David Forde (Millwall) agus 16 chluiche imeartha ag Stephen Henderson (Ipswich) go dtí seo.

Nuair a ceistíodh Trapattoni faoi cé acu de na himreoirí nua a bhéas le feiceáil i gcoinne na Polainne seans gur bhain a fhreagra geit as na himreoirí iad féin. "(Imreoidh) beirt nó triúr. Measaim gur féidir leo an cluiche a thosú toisc gur dúshlán maith a bhéas ann dóibh. Táim cinnte go dtosóidh beirt nó triúr an cluiche."

Níl Shay Given ag imirt mórán cluichí níos mó le hAston Villa. Dhá cluiche sraithe agus cúig chluiche idir an Corn FA agus an Corn Capitol One atá curtha isteach aige. "Tá éabhlóid ar siúl sa scuad," dar le Trapattoni, " agus tá sé tábhachtach imreoirí nua a thabhairt isteach go leanúnach.

Dúirt mé le Shay go raibh mé chun deis a thabhairt sa chluiche dúshláin d'imreoirí nach bhfuil mórán imeartha acu, idir Westwood, Forde agus Henderson."

Is ionann an tslí a bhfuiltear ag caitheamh le Shay agus an tslí ar cuireadh deireadh le Brian O'Driscoll mar chaptaen ar fhoireann rugbaí na hÉireann.

Tá an-chuid déanta ag Given agus ní cóir go mbeadh sé ag troid ar son áite nach bhfuil sé chun a fháil ar ais. Fágann sé sin Pilkington agus cé nár ainmníodh é cheana, dúirt Trapattoni go raibh suim aige ann. "is imreoir iontach é a bhfuil anchuid poitéinséil aige agus imreoir a bhfuil suim againn ann.

Bhíomar á leanúint le tamall fada. Táimid Damien Duff in easnamh orainn, ach is imreoir é a bhfuil an cumas ann imirt ar cheachtar cliathán. Tá cáil air de bharr an chumais scórála atá aige ach ní amháin sin, go teicniúil tá sé thar barr agus tá sé eolach ar an bpáirc go taicticiúil chomh maith. Táim ag tnúth go mór leis a bheith ar an bhfoireann dá bharr."

Agus cad is féidir a fhoghlaim ó chluiche cairdiúil i gcoinne na Polainn an mhí seo chugainn?

"Measaim don triúr nó ceathrar imreoirí nua, Hendrick, Pilkington, Sammon, go dtabharfaidh siad tacaíocht theicniúil agus fisiciúil. Teastaíonn uaim a pearsantacht a fheiceáil. Ón méid atá feicthe agam agus iad ag imirt dá gclubanna, tá pearsantacht mhaithe acu, agus tá sé fíorthábhachtach go dtaispeánfadh siad an meon agus an phearsantacht sin."

Giovanni Trapattoni [PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

Urchar Árann

Tá Eoin Mullen i ndiaidh curiarracht na hÉireann a shárú ag an ráib 200m i Meicsiceo!

Gráinne Campion

D'ÉIRIGH le Mullen dhá shoicind a bhaint den churiarracht ráibe 200 méadar nuair a bhí sé ag glacadh páirt i gCorn an Domhain don raonrothaíocht i Stáit Aontaithe Mheicsiceo ag an deireadh seachtaine.

Shroich sé luas 72.252 ciliméadar san uair ina iarracht agus ní raibh sé ach 0.7 soicind as a bheith cáilithe don chéad bhabhta eile.

Rugadh Mullen in Inis Mór ach le tamall anuas tá sé lonnaithe in Aigle, san Eilvéis; ait a mbíonn traenáil ar fáil dó ó roinnt de an cóitseálaithe ráibe is fearr ar domhan.

Níl an fear óg seo ach fiche bliain d'aois agus tá sé ag déanamh an-dul chun cinn ó bhog sé go dtí an catagóir sinsearach.

Is é Juan Gascon Peralta ón Spáinn a bhuaigh leis an am 9.633, chríochnaigh Mullen sa 23ú háit.

Bhí 49 tosaitheoir ag glacadh páirte sa chomórtas agus mar sin de d'éirigh go fíormhaith le Mullen. Ní raibh deis ach ag sé dhuine dhéag leanúint ar aghaidh go dtí an chéad bhabhta eile.

Bhuaigh Neiderlag ón nGearmáin an bonn airgid agus bhuaigh Nakagawa ón tSeapáin an bonn cré umha.

Dar lena chóitseálaí, Brian Nugent, "Tháinig Eoin anseo agus é mar phríomhaidhm aige curiarracht na hÉireann a shárú, agus d'éirigh go hiontach leis agus gan mórán dua sin a dhéanamh. Chuile rás i ndiaidh a chéile bíonn sé a chur a luas chun cinn."

Beidh an chéad chomórtas eile ar siúl idir an 20-24 de Fheabhra i Mionsc sa Bhealarúis nuair a bheidh Craobh an Domhain sa raonrothaíochta ar siúl.

Beidh muid ag amharc amach do Mhullen sa rás seo!

Cad a tharlóidh do Lance Armstrong anois?

Lance Armstrong (ar chlé) ag déanamh a fhaoistíne le Oprah Winfrey

Gráinne McElwain

Ar an Déardaoin agus ar an Aoine seo caite d'amharc na milliúin ar an agallamh idir an iar-rothaí, Lance Armstrong agus Oprah Winfrey ar chainéal Winfrey OWN agus ar a suíomh idirlín.

D'inis sé an fhírinne faoi dheireadh a bhí ar eolas ag gach duine: gur thóg sé drugaí nuair a bhuaigh sé a sheacht gcraobh Tour de France. Le tamall, cuireadh go leor brú ar Armstrong an fhírinne a insint, go háirithe nuair a dúirt USADA go raibh Armstrong "i gceannas ar an gcóras drugaí ba sofaisticiúla agus ba ghairmiúla dár bhfacthas riamh."

Bhí Armstrong ina laoch ag na milliúin mar gheall ar an dóigh ar throid sé in aghaidh ailse agus an bealach ar bhuaigh sé an cath ba dheacra ina shaol.

Is as sin a d'fhás an Livestrong Foundation, ach cé go bhfuil sé uafásach gur thóg sé drugaí agus gur lig sé air féin gur bhuaigh sé seacht Tour de France gan aon chuidiú, is é an dóigh ar chaith sé le daoine eile an rud is measa faoi.

Nochtadh ag an deireadh é mar bhréagadóir, bulaí agus duine gránna a bhí ciontach as go leor pian agus fulaingt a chur ar dhaoine a bhí ag obair aige. D'admhaigh Armstrong go bhfuil $75 milliúin caillte aige ó urraitheoirí ó tháinig an scéal chun solais gur thóg sé drugaí.

Bhí ar an *'Sunday Times'* suas le $2 milliúin a íoc leis mar gheall ar chás cúirte a thóg Armstrong in aghaidh David Walsh, iriseoir leis an bpáipéar agus a chaith 13 bliana ag insint nach raibh Amstrong glan nuair a bhuaigh sé na 7 Tour de France.

Tá SCA Promotions ag lorg timpeall $12 milliúin ar ais uaidh, bónais a d'íoc siad le hArmstrong as na buanna a ghnóthaigh sé. Seans go dtógfaidh an US Postal, an fhoireann a bhí mar urraitheoir aige nuair a bhuaigh sé an Tour de France cás cúirte ina aghaidh chomh maith mar gur shínigh Armstrong conradh leo ag gealladh nach raibh sé ag tógáil drugaí.

Is féidir leis na hÚdaráis cás cúirte a thabhairt ina aghaidh, b'fhéidir go gcuirfear téarmaí príosúin air. Tharla sé sin don lúthchleasaí Marion Jones nuair a fuarthas amach gur thóg sí drugaí tar éis di a rá faoi mhionn nár thóg sí. Chaith sí sé mhí sa phríosún.

Bhí ar an *'Sunday Times'* suas le $2 milliúin a íoc leis mar gheall ar chás cúirte a thóg Armstrong in aghaidh David Walsh, iriseoir leis an bpáipéar agus a chaith 13 bliana ag insint nach raibh Amstrong glan nuair a bhuaigh sé na 7 Tour de France.

Ach rud a bhí suimiúil faoin agallamh ná nár dúirt sé cárb as ar tháinig na drugaí.

Dhiúltaigh sé go tréan gur theip air i scrúdú drugaí in 2001 ag an Tour de Suisse agus gur thug sé airgead don UCI agus d'oifigigh drugaí chun a gcuid súile a dhúnadh ar an tástáil. Deir sé go mbeadh sé sásta páirt a ghlacadh i mBinse Fiosrúcháin agus cuirfidh USADA fáilte roimhe sin agus iad ag iarraidh go dtabharfaidh sé níos mó sonraí faoin tréimhse inar úsáid sé drugaí.

Mar atá sé faoi láthair, níl a fhios againn cérbh iad na príomh-imreoirí a bhí sa chiorcal drugaí úd agus cé a bhí sásta neamhaird a dhéanamh ar chleasanna Armstrong. Ag féachaint siar, bhí go leor daoine amhrasach faoi thaispeántais Lance Armstrong ach chreid siad san fhís a bhí aige.

Tá Lance Armstrong ag iarraidh filleadh ar chomórtais amach anseo, ach faoi láthair tá cosc saoil curtha air aon pháirt a ghlacadh sa spórt. Táim cinnte má thagann binse fiosrúcháin chun cinn go mbeidh Lance ag iarraidh cúitimh as a chomhoibriú.

Is truamhéileach an cás é laoch a fheiceáil ag titim, go háirithe nuair a thug sé go leor spreagtha agus cúnaimh do dhaoine a bhí tinn agus a bhí mar ábhar dóchais acu siúd. Is daoine daonna iad ár laochra spóirt agus cinnte déanann siad botúin, ach thaispeáin Lance Armstrong taobh fíorghránna dá charachtar féin, agus mhaslaigh sé agus ghortaigh sé go leor daoine a bhí ag iarraidh an scéal ceart a insint.

Dúirt sé le hOprah go bhfuil sé sásta a leithscéal a ghabháil leo ach níor tháinig sé trasna, dar liom, go raibh sé fíorbhrónach faoi na daoine a lig sé síos.

Mar a rinne Marion Jones tar éis a téarma sa phríosún, seans maith go bhfeicfimid leabhar ó Lance ag míniú cén fáth ar tharla sé sin. B'fhéidir go mbeidh a chlár teilifíse féin aige agus cheana féin tá sé ráite go bhfuil na cearta scannáin ceannaithe ag an stiúrthóir JJ Abrams don leabhar atá á scríobh faoi láthair ag an iriseoir Juliet Macur dár teideal 'Cycle of Lies: The Fall of Lance Armstrong'.

Ach is fiú éisteacht le Geraint Thomas a bhuaigh dhá bhonn óir do Shasana ag rothaíocht sna Cluichí Oilimpeacha anuraidh nuair a deir sé " Ní dóigh liom go bhfuil nóiméad eile tuillte ar an aer aige ná mar atá faighte aige".